Special EU Programmes Body
Comhlacht na gClár Speisialta AE
Special EU Skemes Boadie

# COMHAR CRÍOCHACH EORPACH 2021 - 2027

## An Clár PEACE PLUS AE a ullmhú don tréimhse 2021 – 2027

**DOICIMÉAD FAISNÉISE COMHAIRLIÚCHÁIN**

**10 Márta go 12 Bealtaine 2021**

Northern Ireland Executive

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Clár Ábhar


## Cuid 1: Réamhrá
**1.1 Cúlra**
**1.2 An tslí le freagra a thabhairt**
**1.3 Freagraí a fhoilsiú**
**1.4 Aiseolas**

## Cuid 2: An Clár PEACE PLUS a Ullmhú
**2.1 Mar a d'ullmhaíomar an Clár**

## Cuid 3: An Clár PEACE PLUS - Straitéis an Chláir
**3.1 Comhthéacs**
3.1.1 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe NA
3.1.2 Comhaontú Glas don Eoraip
3.1.3 Comhthéacs Polaitiúil
3.1.4 Dea-chaidreamh
3.1.5 Daoine Óga agus Caidreamh Pobail
3.1.6 Pobail Nua
3.1.7 Comhthéacs Eacnamaíochta
3.1.8 Anailís SWOT
3.1.9 Rathúnas Inbhuanaithe
3.1.10 Impleachtaí Imeacht na RA ón AE
3.1.11 Paindéim Covid-19
**3.2 Béim ar an bpobal sa Chlár PEACE PLUS**
**3.3 Tionchar an Chláir**
**3.4 Limistéar Cláir lena mbaineann Solúbthacht**
**3.5 Incháilitheacht Iarratasóirí ó Lasmuigh de Chroí-Limistéar an Chláir**
**3.6 Leithdháileadh Buiséad Táscach a Fhorbairt**
**3.7 Téamaí agus Réimsí Infheistíochta**
Téama 1 – Pobail Síochánta agus Rathúla a Chothú
Téama 1 – Réimsí Infheistíochta
Téama 2 – Claochlú agus Athghiniúint Eacnamaíoch a Sholáthar
Téama 2 – Réimsí Infheistíochta
Téama 3 – Infheistiú i nDaoine Óga agus iad a Chumhachtú
Téama 3 – Réimsí Infheistíochta
Téama 4 – Pobail Sláintiúla agus Uilechuimsitheacha
Téama 4 – Réimsí Infheistíochta
Téama 5 – Tacú le Todhchaí a bheidh Inbhuanaithe agus Níos Cónasctha
Téama 5 – Réimsí Infheistíochta
Téama 6 – Comhpháirtíocht agus Comhoibriú a Thógáil agus a Leabú
Téama 6 – Réimsí Infheistíochta
**3.8 Do Thuairim a Roinnt**

**Cuid 4: An tUalach Riaracháin a Laghdú**
4.1 Bearta chun an tUalach Riaracháin a Laghdú
4.2 Do Thuairim a Roinnt

**Cuid 5: Ceisteanna Comhionannais (Alt 75) agus Measúnú Straitéiseach Comhshaoil**
5.1 Comhionannas agus Dea-chaidreamh a Chur Chun Cinn (Alt 75)
5.2 Measúnú Straitéiseach Comhshaoil
5.3 Do Thuairim a Roinnt

**Aguisín 1: Fógra Príobháideachta**

# Cuid 1: Réamhrá

## 1.1 Cúlra

Is éard is aidhm leis an chomhairliúchán seo ná deis a thabhairt do shaoránaigh agus do pháirtithe leasmhara eile a dtuairimí a roinnt faoi ábhar agus socruithe riaracháin an Chláir PEACE PLUS, torthaí ón gCleachtadh Scagtha Comhionannais[1] agus an Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (SEA) don Chlár PEACE PLUS AE don tréimhse 2021-2027.

Tá freagracht reachtúil ar Chomhlacht na gClár Speisialta AE (CCSAE) na Cláir reatha PEACE IV AE (€270m) agus INTERREG VA (€283m) a chur i bhfeidhm agus as an chlár a thiocfaidh in áit PEACE IV, PEACE PLUS, a ullmhú. Tá ról treorach againn fosta maidir le rannpháirtíocht sna Cláir INTERREG VB Trasnáisiúnta agus INTERREG VC Idir-réigiúnach a chur chun cinn.

Tá an Comhlacht ar cheann de na sé Chomhlacht thrasteorann a bunaíodh faoin 'Chomhaontú idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Ríochta Aontaithe agus Thuaisceart Éireann lena mbunaítear comhlachtaí cur chun feidhme' a síníodh an 8 Márta 1999 (Comhaontú na Breataine-na hÉireann an 8 Márta 1999).

Cuirfidh an Clár PEACE PLUS le sochaí níos síochánta, níos rathúla agus níos cobhsaí i dTuaisceart Éireann agus i gcontaetha teorann na hÉireann, agus beidh tionchar fadtréimhseach aige. Bainfidh an clár é sin amach trí bhíthin maoiniú a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena gcuirtear síocháin agus athmhuintearas chun cinn agus lena ndéantar forbairt chríochach agus eacnamaíoch trasteorann a chur chun cinn agus rannchuidiú léi. Cuirfidh sé leis na Cláir PEACE agus INTERREG a bhí ann roimhe.

Tá na Rialacháin AE a bhaineann leis an chlár seo foilsithe ina ndréachtaí ag an Choimisiún Eorpach. Tá soláthar déanta do bhuiséad táscach thart fá €1bn, lena n-áirítear tograí ó bhuiséad an Aontais Eorpaigh, ó Rialtas na hÉireann ó Fheidhmeannacht Thuaisceart Éireann agus ó Rialtas na Ríochta Aontaithe.

Tionóladh próiseas rannpháirteachais le páirtithe leasmhara idir mí na Nollag 2019 agus mí Feabhra 2020. Tionóladh 16 imeacht poiblí ar fud limistéar an Chláir agus d'fhreastail os cionn 1,000 duine orthu. Tionóladh sé imeacht ar leith fá choinne leanaí agus daoine óga chun a dtuairimí faoin Chlár a fháil. Rinneadh líon aighneachtaí suirbhé chuig CCSAE agus fuarthas os cionn 300 freagra faoin spriocdháta i mí Feabhra 2020. Tá tuarascáil iomlán ar thorthaí an tsuirbhé le fáil ar láithreán gréasáin an CCSAE:

Rannpháirteachas le páirtithe leasmhara – Tuarascáil Achomair ar Fhreagraí

Tá faisnéis sa Doiciméad Faisnéise Comhairliúcháin seo faoi na nithe seo a leanas:

- Forbhreathnú ar an tslí ar ullmhaíodh an Clár;
- Achoimre ar an Straitéis mholta don Chlár, lena n-áirítear Téamaí agus Réimsí Infheistíochta an Chláir PEACE PLUS;
- Achoimre ar na socruithe riaracháin atá molta chun an Clár a shimpliú; agus
- Ceisteanna tábhachtacha faoi na Téamaí agus Réimsí Infheistíochta molta, chomh maith le socruithe riaracháin don Chlár.

1 Ceisteanna Alt 75

## 1.2 An tslí le freagra a thabhairt

Tá bealaí éagsúla ar fáil duit chun do fhreagra a roinnt, mar a leagtar amach thíos. Moltar freagra a thabhairt go luath ach is ceart go mbeadh gach freagra faighte tráth nach déanaí ná:

**12 Bealtaine 2021 ar 5pm.**

**Comhlánaigh an suirbhé ar líne más féidir leat.**

Chuideodh sin go mór linn freagraí a phróiseáil go tráthúil, mar tá tionchar ag paindéim Covid-19 ar an rochtain atá ag an fhoireann ar acmhainní agus ar an fhoirgneamh ar Sráid Clarence Thiar I mBéal Feirste. Tacóidh sin lenár n-iarrachtaí leanúnacha an tionchar ar ár gcomhshaol a laghdú fosta.

### 1.2.1 Suirbhé ar líne

Suirbhé ar líne ar an ardán Survey Monkey is ea an príomh-mhodh freagartha don chomhairliúchán seo. Is féidir leat teacht ar an suirbhé ar líne ó leathanach gréasáin CCSAE ag **https://www.CCSAE.eu/PEACEPLUS** nó cliceáil ANSEO.

### 1.2.2 Ar Ríomhphost

Sa chás go bhfaighfear líon mór freagraí ar ríomhphost, seans go mbeadh níos mó ama de dhíth chun iad a phróiseáil ná mar a bheadh le freagraí ar líne. Is féidir leat teimpléad MS Word den suirbhé a fháil chun freagra a thabhairt ar an chomhairliúchán ach ríomhphost a sheoladh chuig Foireann PEACE PLUS ag PEACEPLUS@CCSAE.eu.

### 1.2.3 Tríd an Phost

De bharr Phaindéim Covid-19, tá rochtain teoranta ag an fhoireann CCSAE ar acmhainní agus ar Fhoirgneamh Clarence Thiar i mBéal Feirste. Cuimhnigh go bhféadfadh níos mó ama a bheith i gceist le freagraí trí an phost a phróiseáil, mar sin. Chun teimpléad MS Word den suirbhé a fháil chun freagra a thabhairt ar an chomhairliúchán, seol ríomhphost chuig Foireann PEACE PLUS ag PEACEPLUS@ CCSAE.eu nó glaoigh ar an oifig Fáilteachais ag 028 9026 6660.

Seoltar freagraí tríd an phost chuig:
Comhlacht na gClár Speisialta AE
2 Sráid Clarence Thiar
Béal Feirste BT2 7GP

### 1.2.4 Formáidí Eile

Cuirfear doiciméadúchán i dteangacha eile agus i bhformáidí inrochtana amhail MS Word, formáidí atá éasca le léamh, i gcló mór, ar CD fuaime agus in Braille ach iad a iarraidh. Má tá na doiciméid de dhíth ort sna formáidí sin nó i bhformáidí eile, déan teagmháil linn ag PEACEPLUS@CCSAE.eu.

### 1.2.5 An suirbhé a chomhlánú

**Chun cuidiú leat na ceisteanna a thuiscint agus iad á bhfreagairt agat, moltar duit an Doiciméad Faisnéise Comhairliúcháin seo a léamh roimh an suirbhé a chomhlánú.**

Tá físeán ina dtugtar forléargas ar an Chlár agus ar an phróiseas don Chomhairliúchán seo le fáil ar ár leathanach gréasáin https://www.CCSAE.eu/PEACEPLUS nó cliceáil ANSEO.

Ní cheart d'eagraíocht ná do dhuine aonair ach freagairt aon uair amháin.

Níl ort gach ceist a fhreagairt mura mian leat sin a dhéanamh.

Tá ort d'ainm féin a thabhairt, agus ainm d'eagraíochta más infheidhme, do sheoladh poist agus do sheoladh ríomhphost. Is chun críocha fíoraithe é sin agus chun freagairtí iolracha ón duine céanna nó ón eagraíocht chéanna a chosc. Ní bhreithneofar freagairtí gan ainm.

Seolfar teachtaireacht lena dheimhniú go bhfuarthas gach freagairt a cuireadh isteach ar Survey Monkey agus ríomhphost aitheantais ó Fhoireann PEACE PLUS. Seolfar ríomhphost aitheantais chuig na daoine a sheol teimpléid MS Word chun an comhairliúchán a fhreagairt ar ríomhphost fosta. Seolfar litir aitheantas sa chás gur seoladh freagairt tríd an phost.

### 1.2.6 Cuidiú le Ceisteanna

Má tá tacaíocht de dhíth ort i rith an phróisis chomhairliúcháin, ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh linn san Fháilteachas ag 02890 266660 nó ar ríomhphost ag PEACEPLUS@CCSAE.eu

## 1.3 Freagraí a fhoilsiú

Déanfar anailís ar an fhaisnéis arna bailiú sa suirbhé agus roinnfear achoimre ar fhreagairtí ar an chomhairliúchán leis an Choimisiún Eorpach, le Ballstáit agus le Ranna Rialtais. Foilseofar í ar láithreán gréasáin CCSAE. Úsáidfear do fhreagairt mar chuid den phróiseas chun an Clár PEACE PLUS a thabhairt chun críche sula gcuirfear ar aghaidh chuig Feidhmeannacht Thuaisceart Éireann, Rialtas na hÉireann agus an Choimisiún Eorpach é lena cheadú.

*Foilseoidh CCSAE liosta d'eagraíochtaí a thug freagairt ar an chomhairliúchán. Má tá tú ag freagairt thar ceann eagraíochta, féadfaimid ainm d'eagraíochta a fhoilsiú, ach amháin sa chás go n-iarrann tú orainn gan sin a dhéanamh trí bhíthin tic a chur sa bhosca cuí sa suirbhé.*

*Má tá tú ag freagairt mar dhuine aonair, féadfaimid tagairt a dhéanamh d'inneachar do fhreagairt, ach ní do d'ainm ná do do sheoladh, agus ní fhoilseoimid dada a dhéanfadh tú féin nó daoine eile a shainaithint.*

Más mian leat go gcaithfear go rúnda leis an fhaisnéis a chuirfidh tú ar fáil, déan teagmháil le PEACEPLUS@CCSAE.eu. Tugtar ar aird go bhféadfadh gach freagairt a bheith faoi réir a scaoilte, faoin Chód Cleachtais um Shaoráil Faisnéis (Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas agus Tourism Ireland Ltd.), agus mar sin ní fhéadaimid rúndacht a ráthú. Tá tuilleadh eolais le fáil ar ár láithreán gréasáin https://CCSAE.eu/ freedom-of-information

**Féach an Fógra Príobháideachta in Aguisín 1 chun tuilleadh eolais a fháil faoin dóigh a bpróiseálfaimid do shonraí agus faoi do chearta.**

## 1.4 Aiseolas

Má tá aon tuairimí nó gearáin agat faoin dóigh a ndearnadh an comhairliúchán seo, seol iad chuig:

Oifigeach Gearán
Comhlacht na gClár Speisialta AE
2 Sráid Clarence Thiar
Béal Feirste BT2 7GP

Teileafón: Fáilteachas ag 028 9026 6660
Ríomhphost: aiseolas@CCSAE.eu

Is féidir teacht ar nós imeachta CCSAE maidir le gearáin ag https://CCSAE.eu/complaints-procedure.

# Cuid 2: An Clár PEACE PLUS a Ullmhú

## 2.1 Mar a d'ullmhaíomar an Clár

Forbraíodh an Clár mar thoradh ar dhian-rannpháirteachas le páirtithe leasmhara agus athbhreithniú ar ábhar taighde. Tugtar achoimre ar na príomhchodanna de sin i bhFíor 1 ar leathanach 8. Ó cuireadh tús leis an phróiseas um fhorbairt an Chláir, ghlac CCSAE cur chuige láidir comhpháirtíochta ar gach leibhéal agus chuir gníomhairí pobail san áireamh. Mar chuid de sin, bailíodh tuairimí páirtithe leasmhara ar thosaíochtaí agus ar bhéim an Chláir.

Chuir CCSAE tús le próiseas forbartha an Chláir PEACE PLUS in 2019. Ó shin i leith, rinneadh go leor oibre ullmhúcháin, taighde agus rannpháirteachas le páirtithe leasmhara. Go sonrach, bhí an méid seo a leanas mar lón eolais don Chlár:

- Creat an Aontais Eorpaigh agus cuspóirí do na Cláir ar fad ar fud na hEorpa agus an Páipéar Treoraíochta maidir le Teorainneacha AE;
- Tosaíochtaí agus cuspóirí arna leagan amach sa phlean *New Decade, New Approach*, in Tionscadal Éireann 2040 agus An Clár Rialtais;
- Coimisiúnaíodh próifíl shocheacnamaíoch ar limistéar an Chláir in 2019. Tá aguisín curtha leis an tionscadal chun tionchair Covid-19 a chur san áireamh. Breithníodh tionchair Covid-19 in achan téama agus iad á bhforbairt;
- Rinneadh próiseas Rannpháirteachais le páirtithe leasmhara ó mhí na Samhna 2019 go dtí mí Feabhra 2020[2]. Fuarthas faisnéis agus tuairimí tábhachtacha ó shaoránaigh a bhuí le himeachtaí poiblí ar fud limistéar an Chláir agus os cionn 300 suirbhé;
- Rannpháirteachas déthaobhach le Ranna Rialtais i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn, a raibh Dréacht-Chomh-Pháipéir Seasaimh Thuaidh/Theas faoi chroí-ghnéithe den Chlár mar thoradh orthu. Leanfar den chur chuige comhpháirtíochta sin ar dhréachtú sa chéim seo den phróiseas, go háirithe maidir le roghnú idirghabhálacha, táscairí aschuir agus buiséid tháscacha le haghaidh gach gné den Chlár; agus
- Cruinnithe le páirtithe leasmhara ó raon leatha earnálacha ar gach leibhéal, lena n-áirítear gníomhaireachtaí reachtúla, rialtas áitiúil, ionadaithe gnó, agus eagraíochtaí deonacha agus pobail.

Faigheann an próiseas um fhorbairt an Chláir tacaíocht ón Ghrúpa Stiúrtha um Fhorbairt an Chláir (GSFC), atá comhdhéanta de raon leathan ionadaithe agus saineolaithe a thagann le chéile go rialta chun treoir agus comhairle a thabhairt do CCSAE. Ar chomhaltaí an GSFC tá: oifigigh Bhallstát, comhpháirtithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil, eagraíochtaí neamhrialtasacha, eagraíochtaí ar son na huilechuimsitheachta sóisialta, comhionannais inscne agus neamh-idirdhealaithe, ranna rialtais agus ionadaithe rialtais áitiúil.

2 Achoimre CCSAE ar Fhreagairtí ar an Suirbhé um Rannpháirteachas le páirtithe leasmhara a foilsíodh i mí Iúil 2020. https://www.CCSAE.eu/sites/default/files/styles/PEACE%20PLUS%20Stakeholder%20Engagement%20_2019_2020/European%20Territorial%20Report%20-%20(HRw).pdf

*Fíor 1 – Forbairt an Chláir 2021 - 2027*



# Cuid 3: An Clár PEACE PLUS - Straitéis an Chláir

## 3.1 Comhthéacs

Is é an cuspóir foriomlán a bheidh ag an Chlár PEACE PLUS **Síocháin agus Rathúnas a thógáil** agus a chinntiú go mbeidh tionchar fadtréimhseach agus inbhraite aige.

Comhaontaíodh an chéad Chlár PEACE sa bhliain 1995 mar thoradh díreach ar mhian an Aontais Eorpaigh freagairt dhearfach a thabhairt ar na deiseanna a cuireadh ar fáil leis an phróiseas síochána i rith 1994. De réir mar a tháinig forbairt ar an phróiseas síochána agus de réir mar a tháinig sé in aibíocht, tá ról tábhachtach ag na Cláir PEACE maidir leis an dul chun cinn i dtreo sochaí níos síochánta agus níos cobhsaí a threisiú. Tá dul chun cinn maith déanta ón tráth a ndearnadh Comhaontú Aoine an Chéasta/Bhéal Feirste (1998) agus Comhaontú Chill Rímhinn (2006). Mar sin féin, is léir fós iad scoilteanna idir phobail, an méid beag muiníne agus an méid mór leithlisithe ó thaobh cúrsaí cónaithe agus sóisialta de. Bíonn teannas pobail agus níos mó deighilte. Sa comhthéacs sin, tá riachtanas mór ann fós dul i ngleic le roinnt príomh-shaincheisteanna chun tacú leis an phróiseas síochána foriomlán.

Is é straitéis an Chláir, leanúint de leas a bhaint as na deiseanna a eascraíonn as an phróiseas síochána agus dul i ngleic leis na riachtanais a thagann chun cinn mar thoradh air, chun borradh a chur faoin fhás eacnamaíoch agus chun athghiniúint eacnamaíoch agus shóisialta a spreagadh, agus ar an dara dul síos, chun uilechuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn, go háirithe do na daoine ar imeall an tsaoil eacnamaíoch agus sóisialta.


Leis an Chlár, cuideofar le dul i ngleic le dúshláin shóisialta agus eacnamaíocha atá ann le fada an lá, a bhfuil tionchar fós acu ar phobail, go háirithe na cinn sin i limistéir theorann thuaithe chomh maith le dúshláin leanúnacha i gceantair uirbeacha. Tabharfar aitheantas don tionchar millteanach atá ag Covid-19 ar an tsochaí agus do na rioscaí a bhaineann le himeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach. Forbraíodh an Clár laistigh den chomhthéacs polaitiúil, eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil níos leithne.

### 3.1.1 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe

Forbraíodh an Clár agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe ar intinn fosta. Ghlac Ballstáit leis na Spriocanna sin in 2015 mar chuid de Chlár oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe ina leagtar amach plean 15 bliana chun na Spriocanna a bhaint amach[3].

3 Clár oibre na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe https://www.un.org/sustainabledevelopment/ development-agenda/

## Fíor 2 – Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe NA[4]




### 3.1.2 Comhaontú Glas don Eoraip

Is é Comhaontú Glas don Eoraip straitéis fáis nua an Aontais Eorpaigh ar aidhm léi Eoraip saor ó charbón a chruthú faoi 2050. Ní mór do gach gníomh agus beartas AE, lena n-áirítear an Clár PEACE PLUS, rannchuidiú le cuspóirí Chomhaontú Glas don Eoraip.

Is é Comhaontú Glas don Eoraip an treochlár chun geilleagar inbhuanaithe, nach mbeidh aon ghlan-astaíochtaí gás ceaptha teasa ann, ina ndícheanglófar fás eacnamaíoch ó úsáid acmhainní agus nach bhfágfar duine ar bith nó áit ar bith ar gcúl ann, a dhéanamh de gheilleagar na hEorpa faoi 2050.

Rannchuideoidh an Clár PEACE PLUS le Comhaontú Glas don Eoraip trí bhíthin na nithe seo a leanas:

- Breisluach trasteorann, lena n-áirítear fuinneamh in-athnuaite, teicneolaíochtaí nuálacha agus bonneagar cliste, chun cuidiú leis an aistriú chuig neodracht aeráide agus fuinneamh glan ar phraghsanna inacmhainne; agus trí bhíthin limistéir talún agus mara ina bhfuil bithéagsúlacht shaibhir a chosaint, ag tógáil ar an líonra Natura2000;
- Cur lenár n-iarrachtaí taighde agus nuálaíochta trí bhíthin teicneolaíochtaí nua, réitigh inbhuanaithe agus nuálaíocht suaiteach; thaispeáint agus úsáid mhórscála teicneolaíochtaí ar feadh earnálacha;
- Slabhraí luacha nuálacha nua a thógáil, agus sineirge le Fís Eorpach a chinntiú; agus
- Clár PEACE PLUS a bheidh 'níos glaine' agus a dhíreoidh ar an aeráid a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Ní féidir Eoraip glas, aeráidneodrach a bhaint amach ach trí bhíthin oibriú i gcomhar le gach earnáil dár ngeilleagar.

Le Cairt Leipzig Nua[5][6] cuirtear creat beartais ar fáil don fhorbairt uirbeach inbhuanaithe agus tá sé corpraithe i bhforbairt an Chláir PEACE PLUS. Cuirtear béim sa Chairt ar chumhacht claochlaithe cathracha ar mhaithe leis an leas coiteann, arna tógáil le cur chuige comhpháirtíochta agus trí bhíthin phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, agus trí bhíthin dhiminsin córa, ghlasa agus tháirgiúla.

4 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe https://www.un.org/sustainabledevelopment/ sustainable-development-goals/
5 Thacaigh comhairle neamhfhoirmiúil na n-airí AE maidir le ceisteanna uirbeacha léi an 30 Samhain 2020
6 An Coimisiún Eorpach, Cairt Leipzig Nua – Cumhacht Claochlaithe Cathracha ar mhaithe leis an Leas Coiteann, arna fhoilsiú an 30 Samhain 2020. https://ec.europa.eu/regional_policy/sources/docgener/brochure/new_leipzig_charter/new_leipzig_charter_en.pdf



**Commented [D1]:** Sprioc 1 – Deireadh a chur le gach cineál bochtaineachta gach áit.
Sprioc 2 – Deireadh a chur le hocras; slándáil bia chomh maith le cothú níos fearr a bhaint amach; agus talmhaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn.

Sprioc 3 - Maireachtáil fholláin a dheimhniú agus folláine a chur chun cinn do chách ag gach aois.

Sprioc 4 – Oideachas d'ardchaighdeán atá cuimsitheach agus cothrom a dheimhniú agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn do chách.

Sprioc 5 – Comhionannas inscne a bhaint amach agus mná agus cailíní a chumasú.

Sprioc 6 – Fáil ar uisce agus bainistiú inbhuanaithe ar uisce agus ar shláintíocht a dheimhniú do chách.

Sprioc 7 – Rochtain ar fhuinneamh inacmhainne, iontaofa, inbhuanaithe agus nua-aimseartha a dheimhniú do chách.

Sprioc 8 – Fás geilleagrach marthanach, cuimsitheach, inbhuanaithe, lánfhostaíocht tháirgiúil agus obair chuibhiúil do chách a chur chun cinn.

Sprioc 9 - Bonneagar marthanach a thógáil; tionsclaíocht chuimsitheach, inbhuanaithe a chur chun cinn; agus nuálaíocht a chothú.

Sprioc 10 – Neamhionannas laistigh agus idir thíortha a mhaolú.
Sprioc 11 – Cathracha agus lonnaíochtaí daonna a dhéanamh cuimsitheach, sábháilte, marthanach agus inbhuanaithe.

Sprioc 12 – Patrúin inbhuanaithe tomhaltais agus táirgeachta a dheimhniú.
Sprioc 13 – Gníomhú go práinneach chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus a thionchar.

Sprioc 14 – Na haigéin, na farraigí agus na hacmhainní mara a chaomhnú agus a úsáid ar son forbartha inbhuanaithe.

Sprioc 15 – Éiceachórais talún a chosaint agus a athshlánú agus a n-úsáid inbhuanaithe a chur chun cinn; foraoisí a bhainistiú ar mhodh inbhuanaithe; dul i ngleic le fairsingiú fásaigh; díghrádú talún a stopadh agus a aisiompú agus deireadh a chur le cailliúint bithéagsúlachta.

Sprioc 16 – Sochaithe síochánta cuimsitheacha a chur chun cinn ar mhaithe le ...

Agus iad curtha le chéile ar dhóigh chothromaithe agus chomhtháite, rannchuideoidh na diminsin sin le cathracha athléimneacha a thógáil, cathracha a bheidh ábalta déileáil le dúshláin shóisialta, eacnamaíocha agus éiceolaíocha, a mbeidh mar aidhm leo ardchaighdeán beatha a ráthú do chách.

### 3.1.3 Comhthéacs Polaitiúil

Cé go ndearnadh go leor dul chun cinn i ndáil le síocháin agus athmhuintearas le 20 bliain anuas, bhí tionchar orthu ag roinnt saincheisteanna polaitiúla fosta, ina measc an toradh a bhí ar an reifreann sa RA faoi bhallraíocht san Aontas Eorpach in 2016.

I rith thréimhse 2014 – 2020 den Chlár, mar iarracht dul i ngleic le roinnt de na ceisteanna is deacra nó na gealltanais nár comhlíonadh fós, tionóladh babhtaí cainteanna i ndiaidh a chéile idir Rialta RA agus Rialtas na hÉireann agus na páirtithe polaitiúla i bhFeidhmeannas Thuaisceart Éireann. Le Comhaontú Theach Stormont 2014, thángthas ar chomhaontú ar roinnt saincheisteanna, lena n-áirítear athchóiriú an chórais leasa, bratacha, paráidí, an t-am a chuaigh thart, buiséid agus athchóiriú ar institiúidí polaitiúla.

Tionóladh breis cainteanna uilepháirtí a dhírigh ar chur i bhfeidhm iomlán Chomhaontú Theach Stormont agus ar bhearta chun déileáil le tionchar na gníomhaíochta paraimíleata fosta. Tugadh na cainteanna chun críche i mí na Samhna 2015, tráth ar foilsíodh 'Tús Nua - Comhaontú agus Plean Feidhmithe Theach Stormont'. Leagtar amach tograí sa doiciméad seo maidir le dul i ngleic le cuid de na saincheisteanna is dúshlánaí sa tsochaí.

Thángthas ar an socrú *'New Decade, New Approach'*[7] an 9 Eanáir 2020 agus foilsíodh é an lá céanna. Cuireann sé an bunús ar fáil chun Feidhmeannas Thuaisceart Éireann a athbhunú. Tugtar achoimre in *'New Decade, New Approach'* ar sholáthairtí a bhaineann le sláinte, seirbhísí poiblí, bonneagar agus maoiniú. Seo a leanas cuid díobh:

- Claochlú ar sheirbhísí poiblí – tacaíocht chun oideachas a chur ar dhaoine óga ó chúlraí éagsúla le chéile;
- Infheistiú don todhchaí – geilleagar cothromaithe, cur chuige feabhsaithe a fhorbairt maidir le gairmthreoir, curaclam, oiliúint agus printíseachtaí chun cur le hinfhostaíocht agus chun tacú le fás eacnamaíoch; agus
- Sochaí chóir agus atruach a sholáthar – tiomantas dul i ngleic le paraimíleatachas, deireadh a chur le seicteachas, réamhchlaonadh agus gráin, agus straitéis cúraim leanaí a fhoilsiú.

Ina theannta sin, foilsíodh dréacht-reachtaíocht Tionóil maidir le teanga agus cultúr. Faoin reachtaíocht, molta na nithe seo a bhunú: Oifig um Fhéiniúlacht agus Léiriú Cultúir; Coimisinéir Gaeilge; Coimisinéir a dhíreodh ar theanga, ar ealaíona agus ar litríocht na hUltaise agus Bhéarla Uladh.

Cuireadh comhrialtas nua le chéile in Éirinn in 2020 idir Fianna Fáil, Fine Gael agus an Comhaontas Glas ina gcomhpháirtithe sa Rialtas.
I mí Dheireadh Fómhair 2020, d'fhógair Rialtas na hÉireann Ciste Oileán Comhroinnte[8] lena soláthrófar cistiú caipitil €500m sna chéad chúig bliana eile amach romhainn, é fálaithe le hinfheistiú ar bhonn straitéiseach i dtionscadail chomhoibríocha Thuaidh/Theas a thacóidh le gealltanais agus cuspóirí Chomhaontú Aoine an Chéasta agus a threiseoidh naisc ar feadh na sochaí ar an dá chuid den oileán. Leithdháilfear an cistiú ar ranna agus ar ghníomhaireachtaí i gcomhréir le tosaíochtaí an Chláir Rialtais. Tá an Rialtas ag obair i gcomhar leis an Fheidhmeannas, tríd an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas, chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadail infheistíochta atá mar chuid de na gealltanais maidir le hOileán Comhroinnte sa Chlár Rialtais.

7 *'A New Decade, A New Approach'*, ó Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann a foilsíodh an 8 Eanáir 2020. https://assets. publishing.service.gov.uk/Rialtas/uploads/system/uploads/attachment_data/file/856998/2020-01- 08_a_new_decade_a_new_approach.pdf

8 'Ciste Oileán Comhroinnte' ó Roinn an Taoisigh, a foilsíodh an 8 Nollaig 2020. ttps://www.gov.ie/en/publication/de9fc-shared-island/#shared-island-fund

### 3.1.4 Dea-chaidreamh

Rinne Devine agus Robinson (ARK, 2018)[9] anailís ar shonraí ón tsuirbhé *Northern Ireland Life and Times* maidir leis an phobal agus dea-chaidreamh, sonraí a bailíodh le 20 bliain anuas agus tharraing siad aird ar na príomhcheisteanna seo a leanas:

- Ní raibh an fhorbairt ar ghaoil dhearfacha cobhsaí ná seasmhach. Bhí siad thíos seal thuas seal, rud a léiríonn an tionchar, dearfach nó diúltach, a bhí ag imeachtaí comhaimseartha.
- Shíl leath de na freagróirí i 1998 agus in 2017 go raibh an caidreamh idir Caitlicigh agus Protastúnaigh níos fearr ná mar a bhí sna 5 bliana roimhe sin.
- In 1998, bhí 62% de na freagróirí dóchasach go dtiocfadh feabhas ar chaidreamh pobail sna chéad chúig bliana eile amach rompu; níor shíl ach 43% é sin in 2017.
- Tá ardú tagtha ar an líon freagróirí ab fhearr leo comharsanachtaí, áiteanna oibre agus scoileanna atá measctha ó thaobh an reiligiúin de –78%, 90% agus 68% faoi seach a bhí sna figiúirí sin in 2017.
- Tá laghdú tagtha ar an imeagla a bhraitheann daoine de bharr mhúrphictiúir, bratacha nó péinteáil ar cholbhaí bóthair, cinn na ndílseoirí nó na bpoblachtach, ón mbliain 2004, cé go bhfuil cion níos airde cónaitheoirí míshásta leo.
- Léiríonn meonta agus dearcthaí imeachtaí comhaimseartha.
- Shíl 18% de fhreagróirí in 2001 gur caitheadh go héagórach le daoine leispiacha, aeracha nó déghnéasacha; tháinig ardú go 50% air sin in 2016.

### 3.1.5 Daoine Óga agus Caidreamh Pobail

Tháinig ábhair imní chun cinn ón tsuirbhé *Young Life and Times* maidir le tuairimí diúltacha nó éiginnte daoine óga i ndáil le feabhsuithe ar an chaidreamh pobail. Léiríonn na sonraí ón tsuirbhé go bhfuil meonta daoine óga níos diúltaí ná meonta daoine fásta (ARK, 2018).[10]

Tugtar ar aird in *Sectarianism in NI, A Review* (2019)[11] gur threisiú ar dheighiltí sóisialta agus eacnamaíocha an toradh ar an ardráta neamhghníomhaíochta agus ar an líon ard daoine óga nach bhfuil i bhfostaíocht, oideachas ná oiliúint:

"*Combined with political segregation this has a significant impact on change, and on approaches to both the past and the future.*" (Morrow, 2019)

In '*Together: Building a United Community' (T:BUC) Strategy*,[12] a d'fhoilsigh Feidhmeannas Thuaisceart Éireann an 23 Bealtaine 2013, léirítear tiomantas an Fheidhmeannais an caidreamh pobail a fheabhsú agus leanúint ar an aistear i dtreo shochaí chomhroinnte, níos aontaithe.

---

9 Devine agus Robinson (Deireadh Fómhair 2018), *20 years of good relations policy and attitudes* https://www.ark.ac.uk/ARK/sites/default/files/2018-11/update123_1.pdf

10 Ark (Samhain 2018) *Recording Social Attitudes and Informing Social Policy in NI.* https://www.ark.ac.uk/ARK/ sites/default/files/inline-files/20-Years_ARK_surveys.pdf

11 Morrow (2019) *Sectarianism in NI, A Review.* https://www.community-relations.org.uk/sites/crc/files/ media-files/A-Review-Addressing-Seicteachas-in-Northern-Ireland_FINAL.pdf

12 Oifig an Fheidhmeannas, *Together: Building a United Community*, a foilsíodh an 23 Bealtaine 2013. https://www. executiveoffice-ni.gov.uk/sites/default/files/publications/ofmdfm_dev/together-building-a-united- community-strategy.pdf

Tugtar achoimre sa straitéis ar an dóigh a oibreoidh an Rialtas, an pobal agus daoine aonair le chéile chun pobal aontaithe a thógáil, pobal a bheidh bunaithe ar chomhdheiseanna agus ar inmhianaitheacht an dea-chaidrimh agus an athmhuintearais. Bainfear athrú amach maidir leis na príomhthosaíochtaí seo a leanas:

- ár leanaí agus ár ndaoine óga;
- ár bpobal comhroinnte;
- ár bpobal sábháilte; agus
- ár léiriú cultúir.

### 3.1.6 Pobail Nua

Tá ardú tagtha ar an líon '**Pobal Nua'** agus ar an líon grúpaí mionlach eitneach le scór bliain anuas. In 2011, thaispeáin Daonáireamh Thuaisceart Éireann gur bhain 1.8% nó 32,400 duine den phobal cónaitheoirí le grúpaí mionlach eitneach; dhá oiread an líon a bhí ann in 2001. Ba dhaoine as an tSín, as an India nó daoine 'Measctha' formhór díobh.[13] Tá ardú comhchosúil tagtha ar an líon mionlach eitneach agus pobal nua a chónaíonn i gcontaetha teorann na hÉireann, agus ardú os cionn 25% ar an líon daoine den *Chine Gorm nó Éireannach Gorm – aon chúlra gorm eile* i gcontaetha teorann na hÉireann, rud atá cothrom le tuairim is 20 pointe céatadáin níos airde ná an choibhéis Éireannach foriomlán. Tá ardú comhchosúil tagtha ar an líon daoine *Áiseach nó Áiseach Éireannach – aon chúlra Áiseach eile,* is é sin, os cionn 25% i gcontaetha teorann na hÉireann.

Tháinig meastóireacht ar shonraí ón tsuirbhé *Northern Ireland Life and Times* a rinneadh in 2018 ar an tátal gur shíl 54% de na freagróirí nár cheart go dtiocfadh aon athrú ar an leibhéal inimirce (Michael, 2020).[14] Shíl 72% de na freagróirí go raibh oibrithe imirceacha go maith don gheilleagar agus idir 2008 agus 2018, tháinig laghdú ar an líon freagróirí a shíleann go gcuireann oibrithe imirceacha strus ar an NHS, ar thithíocht agus ar scoileanna. Is suntasach go gcreideann 63% de na freagróirí go n-imríonn na meáin drochthionchar ar an dearcadh a bhíonn ag daoine ar oibrithe imirceacha. Toradh dearfach is ea gur shíl 81% go mbímid níos fáiltiúla roimh smaointe agus cultúir nua a bhuíochas le hoibrithe imirceacha.

### 3.1.7 Comhthéacs Eacnamaíochta[15]

Tá tionchar ollmhór ag an ráig Covid-19, ar fógraíodh mar phaindéim é i mí an Mhárta 2020 ar an chomhthéacs Eacnamaíochta. Tionchar leathan atá aige, ar an gheilleagar, ar an sochaí go ginearálta, ar an pholaitíocht agus ar réimsí eile. Amhail an 9 Samhain 2020, tá os cionn 50.4 milliún cás dearbhaithe ar fud an domhain agus tá os cionn 1.25 milliún bás luaite leis an víreas.[16]

### Tuaisceart Éireann

Déantar feidhmíocht an gheilleagair a thomhas agus *Northern Ireland Composite Economic Index* (NICEI) á úsáid. Tá an t-innéacs sin cosúil, go ginearálta, le leibhéal aschuir na hOlltáirgeachta Intíre (OTI) arna foilsiú ag an *Office of National Statistics* (ONS).

13 NISRA, 2011 Daonáireamh '*Key Statistics for NI'*, a foilsíodh an 11 Nollaig 2012. https://www.nisra.gov. uk/sites/nisra.gov.uk/files/publications/2011-census-results-key-statistics-northern-ireland-report-11- december-2012.pdf
14 Michael, L (Aibreán 2020) *Attitudes to Migrant Workers in NI: An Improving Landscape? ARK, Research Update, Number 131*. https://www.ark.ac.uk/ARK/sites/default/files/2020-04/update131.pdf
15 Tugtar ar aird go mbunaítear figiúirí ar na sonraí a bhí ar fáil an tráth ar scríobhadh seo.
16 An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO): Deais Ghalar an choróinvíris (COVID-19) https://covid19.who.int/

Mar seo a leanas na torthaí is déanaí maidir leis an NICEI[17]:

- Tugtar le fios san NICEI le haghaidh Ráithe 2 (Aibreán-Meitheamh) 2020 gur thit **aschur eacnamaíochta** i dtéarmaí réadacha. Tháinig laghdú 13.6% air le linn na ráithe agus 17.8% le linn na bliana go dtí Ráithe 2 2020.
- Léiríonn na figiúirí inchomparáide don RA, arna dtomhas ag OTI, laghdú 19.8% le linn na ráithe agus 21.5% le linn na bliana go dtí Ráithe 2 2020.

Tá an tInnéacs tite go dtí an leibhéal is ísle sa tsraith agus tá sé 20.8% faoin luach uasta a taifeadadh i Ráithe 2 2007 faoi láthair.

Ba £42.2bn a bhí san aschur eacnamaíoch le haghaidh 2018, arna thomhas ag ONS mar Oll-Bhreisluach (OBL). An earnáil phríobháideach a bhí freagrach as 78% den OBL agus an earnáil phoiblí a bhí freagrach as 22%. An laghdú ar fhás eacnamaíoch sa ráithe, sa bhliain agus an meán bliantúil rollach go dtí R2 2020 a bhí taobh thiar de laghduithe i ngach cuid den gheilleagar a bhaineann le hearnálacha príobháideacha (is é sin, Seirbhísí, Táirgeacht agus Foirgníocht). Bhí rannchuidiú diúltach de 9.1 pointe céatadán (pc) ag an earnáil Seirbhísí le linn na ráithe agus 12.4pc le linn na bliana. Bhí an earnáil Táirgeacht -2.4pc le linn na ráithe agus -3.7pc le linn na bliana.

Meastar go dtiocfaidh cúngú 11% ar an margadh in 2020 agus go dtiocfaidh fás 7% air in 2021.[18] Mar sin féin, d'fhéadfadh athrú teacht ar na meastacháin sin de bharr an dara/tríú dianghlasáil mar gheall ar Covid-19.

Maidir le **margadh an tsaothair,**[19] tháinig ardú 1.2pc ar an ráta dífhostaíochta (16+) le linn na ráithe agus 0.8pc le linn na bliana go dtí 3.7% i Meitheamh-Lúnasa 2020. Tá an ráta dífhostaíochta fós faoi bhonn ráta na RA, ar tháinig fás go dtí 4.5% air sna trí mhí go dtí Lúnasa 2020, i gcomparáid le 4.1% sa ráithe roimhe sin.
Mar sin féin, ba 34.7% a bhí sa ráta dífhostaíochta fadtéarmaí (daoine dífhostaithe le bliain iomlán nó níos faide) i Meitheamh-Lúnasa 2020.

Bhí an t-ardú go dtí 3.7% ar an ráta dífhostaíochta ar an ardú ráithiúil is mó ó mhí Dheireadh Fómhair 2012. Tugann na sonraí le tuiscint gur daoine faoi bhun 35 bliana d'aois ba mhó a bhí mar chúis leis an ardú sin. Laistigh de na sonraí sin, tá an ráta dífhostaíochta i measc daoine óga (16-14 bliana d'aois) méadaithe faoi dhó, go dtí 11.8%.

Tháinig laghdú ar an ráta neamhghníomhaíochta eacnamaíche (an cion daoine 16 go 64 bliana d'aois nach raibh ag obair, ag lorg oibre nó ar fáil don obair) le linn na ráithe (0.2pc) go dtí 26.6%. Mar sin féin, tá na rátaí neamhghníomhaíochta eacnamaíche fós cuid mhaith níos airde ná an meánmhéid sa Ríocht Aontaithe, is é sin 20.8%.

Níor tháinig aon athrú ar an **Chomhaireamh Éilitheoirí** trialach (lena n-áirítear Éilitheoirí ar an Liúntas Cuardaitheora Poist agus éilitheoirí ar an *Universal Credit* a raibh éileamh á dhéanamh acu, go príomha, mar go raibh siad dífhostaithe) i mí Mheán Fómhair 202, eadhon 62,000. Is é sin breis agus dhá oiread an líon éilitheoirí a taifeadadh i mí an Mhárta 2020. 2012 agus 2013 an t-am deireanach a raibh an leibhéal comhaireamh éilitheoirí chomh hard sin.

17 *NISRA, Statistical Bulletin, Economic Activity in NI by Quarterly NI Composite Economic Index (NICEI)*, Ráithe 2 2020, a foilsíodh an 8 Deireadh Fómhair 2020. www.nisra.gov.uk/statistics/economic-output-statistics/ni- composite-economic-index, 8th October 2020

18 *Danske Bank, NI Quarterly Sectoral Forecasts, Q3 2020*. https://danskebank.co.uk/business/economic-analysis/quarterly-sectoral-forecasts/northern-ireland-quarterly-sectoral-forecasts-2020-q3

19 *NISRA, NI Labour Market Report*, a foilsíodh an 13 Deireadh Fómhair 2020. www.nisra.gov.uk/publications/labour- market-report-October-2020

Ar deireadh, 4,060 an líon iomarcaíochtaí deimhnithe sa tréimhse dhá mhí dhéag go dtí deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2020 (beagnach 3.200 díobh a deimhníodh sna ceithre mhí dheireanacha). 3,100 an líon a bhí ann an bhliain roimhe. Ón 1 Samhain 2019 go dtí an 30 Deireadh Fómhair 2020, moladh 9,600 iomarcaíocht, an dara líon bliantúil ab airde ó tosaíodh taifid.[20]

Thug Rialtas na RA raon beart beartais isteach chun cuidiú le srian a chur ar thionchar eacnamaíoch na paindéime, lena n-áirítear ***Coronavirus Job Retention Scheme*** (CJRS) agus ***Self-Employment Income Support Scheme*** (SEISS). Tá an *Self-Employment Income Support Scheme* ar fáil do dhaoine atá féinfhostaithe nó i gcomhpháirtíocht a bhfuil drochthionchar ag COVID-19 orthu. Tá na bearta sin glactha ag an Fheidhmeannas agus tá idirghabhálacha breise déanta ag *Department of the Economy*[21].

Mar fhocal scoir, glacann tráchtairí eacnamaíochta leis, go ginearálta, gur chuidigh na leibhéil tacaíochta nach bhfacthas riamh cheana, amhail an CJRS, le srian a chur ar thionchar COVID-19, ach is dócha go leanfaidh margadh an tsaothair ag dul i laige agus go dtiocfaidh ardú géar ar an ráta dífhostaíochta agus muid ag druidim le deireadh na bliana.[22]

## Éire

Tugtar le fios ó na Cuntais Náisiúnta Ráithiúla d'Éirinn[23] (Meán Fómhair 2020) gur tháinig laghdú 6.1% ar **OTI** an dara ráithe de 2020, agus tionchar an choróinvíris ina údar leis an **laghdú ráithiúil is mó a taifeadadh riamh**. Tháinig laghdú 3% ar OTI i Ráithe 2 2020, i gcomparáid le Ráithe 2 2019.

Taifeadadh laghdú 30.3% i R2 2020 ó thaobh méideanna de sa bhreisluach Dáilte, Iompair, Óstán agus Bialann, i gcomparáid leis an tréimhse roimhe. Tháinig cúngú 28.2% ar Sheirbhísí Gairmiúla agus Riaracháin sa tréimhse agus tháinig laghdú 38.3% ar Fhoirgníocht le linn na ráithe. Leanadh leis an fhás i roinnt de na hearnálacha níos domhanda, mar shampla, tháinig fás 1.5% ar Thionscal.[24]

Ní raibh an cúngú eacnamaíoch in Éirinn chomh géar agus a bhí i dtíortha eile, lena n-áirítear OTI foriomlán an Limistéir Euro, ar tháinig laghdú 11.4% air sa tréimhse trí mhí chéanna.[25]

Meastar go dtiocfaidh laghdú 2.4% ar an fhíor-OTI in 2020 agus táthar ag súil le fás 1.7% in 2021.[26]

20 *NISRA, NI Labour Market Report*, a foilsíodh an 10 Samhain 2020 https://www.nisra.gov.uk/system/files/statistics/labour-market-report-november-2020.pdf

21 *Department for the Economy, 'Minister outlines support provided for NI Business'*, a foilsíodh an 21 Eanáir 2021. https://www.economy-ni.gov.uk/news/minister-outlines-support-provided-ni-businesses

22 Ulster Economix, EY, Danske Bank

23 Eisiúint Staitistiúil CSO, Cuntais Náisiúnta Ráithiúla, Ráithe 2 2020, a foilsíodh an 7 Meán Fómhair 2020. https://www.cso.ie/en/statistics/nationalaccounts/quarterlynationalaccounts/

24 Eisiúint Staitistiúil CSO, Cuntais Náisiúnta Ráithiúla, Ráithe 2 2020, a foilsíodh an 7 Meán Fómhair 2020. https://www.cso.ie/en/statistics/nationalaccounts/quarterlynationalaccounts/

25 *Eurostat, GDP and Main Components (Output, Expenditure and Income)* https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/NAMQ_10_GDP_custom_77309/bookmark/table?lang=en&bookmarkId=b74febcd- e664-4f22-9c93-2ef510fe371f

26 Rialtas na hÉireann, Buiséad 2021 Ionchas Eacnamaíochta agus Fioscach, a foilsíodh an 12 Deireadh Fómhair 2020. http://www.budget.gov.ie/Budgets/2021/Documents/Budget/201020_Budget%202021_Economic%20and%20Fiscal%20Outlook_A.pdf

Maidir le **margadh an tsaothair**[27] in Éirinn, ba 5.4% a bhí sa ráta dífhostaíochta míosúil i mí Mheán Fómhair 2020, ardú ó 5.2% i mí Lúnasa 2020 agus ardú ó 4.8% i mí Mheán Fómhair 2019 (bunaithe ar Ghnáth-Thomas na Dífhostaíochta Míosúla). 18.9% a bhí sa ráta dífhostaíochta do dhaoine 15 go 24 bliana d'aois i mí Mheán Fómhair 2020 (ardú ó 12.6% i mí an Mhárta 2020), i gcomparáid le 3.8% do dhaoine 25 go 74 bliana d'aois.

Tá Tomhas Coigeartaithe Dífhostaíochta Covid-19 tugtha isteach ag Rialtas na hÉireann, a nglacann leis go mbeadh gach duine a fhaigheann an **Íocaíocht Dífhostaíochta Phaindéime** (PUP) rangaithe mar Fhostaithe do Ghnáth-Thomas na Dífhostaíochta Míosúla. I mí Meán Fómhair, bhí an Tomhas Coigeartaithe Dífhostaíochta Covid-19 ábalta ráta chomh hard le 14.7% a thabhairt le tuiscint sa chás go raibh gach éilitheoir ar an PUP rangaithe mar Dhífhostaithe. Maidir le daoine 15-24 bliana d'aois, is é 36.5% an figiúr inchomparáide agus maidir le daoine 25-74 bliana d'aoise, 12% atá ann. Ní mór a thabhairt ar aird go mbaineann sin leis an chuimse uachtair maidir le dífhostaíocht.[28]

In Ionchas Eacnamaíochta agus Fioscach Dheireadh Fómhair, a foilsíodh in éineacht leis an fhógra faoin Bhuiséad i mí Dheireadh Fómhair, tugadh réamh-mheastachán de ráta dífhostaíochta 10.3% in 2021.[29]

Ar deireadh, tháinig ardú ar an líon iarratas ar an Scéim Íocaíochtaí Iomarcaíochta (ar ann di sa chás nach bhfuil fostóir in ann íocaíocht iomarcaíochta a dhéanamh le fostaí), ó 235 iarratas i mí an Mhárta 2020, go 333 i mí Iúil, 668 i mí Lúnasa agus 955 i mí Mheán Fómhair.[30]

I mí an Mhárta, thug Rialtas na hÉireann raon **beart chun tacaíocht airgeadais a chur ar fáil** do dhaoine a raibh tionchar ag Paindéim Covid-19 ar a n-ioncam. I measc na mbeart bhí tabhairt isteach na h**Íocaíochta Dífhostaíochta Phaindéime**[31] (ar fáil d'fhostaithe, do dhaoine féinfhostaithe agus do mhic léinn a bhí ag obair agus a chaill a bpost de bharr Covid-19) agus **Scéim Shealadach an Fhóirdheontais Phá** (TWSS), a thug deis d'fhostóirí leanúint dá bhfostaithe a íoc i rith na héigeandála Covid agus ar aidhm léi fostaithe a choinneáil cláraithe lena bhfostóirí. Cé go raibh an dá bheart le bheith gearrthéarmach, leanfar leis an PUP go dtí mí Aibreáin 2021 agus tá an **Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (EWSS)**[32] tugtha isteach in áit an TWSS. Is éard is aidhm leis an EWSS, a chinntiú go gcoinníonn fostaithe nasc lena bhfostóirí, nuair is féidir, seachas éirí dífhostaithe.

27 Eisiúint Staitistiúil CSO, Fostaíocht Mhíosúil, a foilsíodh an 29 Meán Fómhair 2020. https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/er/mue/monthlyunemploymentseptember2020/

28 Eisiúint Staitistiúil CSO, Fostaíocht Mhíosúil, a foilsíodh an 29 Meán Fómhair 2020. https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/er/mue/monthlyunemploymentseptember2020/

29 Rialtas na hÉireann, Buiséad 2021, Ionchas Eacnamaíochta agus Fioscach, a foilsíodh an 12 Deireadh Fómhair 2020. http://www.budget.gov.ie/Budgets/2021/Documents/Budget/201020_Budget%202021_Economic%20and%20Fiscal%20Outlook_A.pdf

30 An Roinn Coimirce Sóisialaí, Staitisticí maidir leis an Scéim Íocaíochta Iomarcaíochta, nuashonrú an 13 Deireadh Fómhair 2020. https://www.gov.ie/en/publication/1f7f83-redundancy-payment-scheme-statistics/

31 An Roinn Coimirce Sóisialaí, Íocaíocht Dífhostaíochta Phaindéime Covid-19, a foilsíodh an 16 Meitheamh 2020. www.gov.ie/en/service/be74d3-covid-19-pandemic-unemployment-payment/?referrer=http://www.gov.ie/PUP/#what-the-covid-19-pandemic-unemployment-payment-is

32 Na Coimisinéirí Ioncaim, Cáin agus Custaim na hÉireann, Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (EWSS), a foilsíodh an 6 Samhain 2020. https://www.revenue.ie/en/employing-people/ewss/index.aspx

Tá **Scéim Tacaíochta Srianta Covid CRSS)**[33] i bhfeidhm fosta. Is tacaíocht saindírithe é an CRSS le haghaidh gnólachtaí a bhfuil tionchar suntasach orthu de bharr na srianta a thug an Rialtas isteach faoi rialacháin sláinte poiblí chun dul i ngleic le héifeachtaí Phaindéim Covid-19.

### 3.1.8 Anailís SWOT

San **Anailís ar Láidreachtaí, Laigí, Deiseanna agus Bagairtí (SWOT)** a bhfuil achoimre uirthi thíos, tugtar léiriú ginearálta ar na príomhchonclúidí a fuarthas sa phróifíl shocheacnamaíoch a choimisiúnaigh an CCSAE ag tús 2020 agus cuirtear san áireamh inti aguisín a ullmhaíodh ag deireadh 2020 faoi na tionchair ó Covid-19 a mhéadaigh go leor de na bagairtí agus de na laigí.

#### 3.1.8.1 Láidreachtaí

D'ainneoin na ndúshlán atá fós ann, is iomaí láidreacht i limistéar an Chláir ar féidir tógáil orthu. Idir 2008 agus 2018, tá méadú breis agus dhá oiread tagtha ar an chaiteachas ar Thaighde agus Forbairt i dTuaisceart Éireann. Ina theannta sain, tá rochtain ag 25% de líonta tí ar sheirbhísí idirlín leathanbhanda snáthoptaice iomlána, is é sin an ráta is airde i Riarachán Cineachta. Sular tháinig COVID-19 chun cinn, bhí leibhéal íseal dífhostaíochta ann agus bhí rátaí bochtanais ag laghdú i limistéar an Chláir, ach is rud é sin a mbeidh tionchar suntasach air go gearrthéarmach. Tá laghdú ag teacht ar an líon céimithe atá dífhostaithe i ndiaidh sé mhí i limistéar an Chláir agus tá an leibhéal ollmhairithe ag fiontair bheaga agus mheánmhéide go maith i gcomparáid le meánleibhéal na hÉireann. Arís, ag tús 2020 sular braitheadh tionchar na paindéime, bhí laghdú ag teacht ar an líon daoine óga a bhí NEET i limistéar an Chláir.

Tá méadú ar an leibhéal gnóthachtála oideachais i limistéar an Chláir fosta agus go leor daoine cláraithe le haghaidh ábhair STEM in Institiúidí Ardoideachais i dTuaisceart Éireann. Is féidir linn a thabhairt ar aird fosta go bhfuil Earnáil Fiontair Shóisialta agus Earnáil Phobail/Dheonach seanbhunaithe sa dá dhlínse lena gcuirtear seirbhísí agus tacaíocht ar fáil thar réimsí éagsúla.

Tá laghdú tagtha ar an líon coireanna agus teagmhas arna spreagadh ag an seicteachas i dTuaisceart Éireann ó 2005/06. Tá méadú ar an éagsúlacht chultúir sa dá dhlínse ag an am céanna. Tá tuilleadh infheistíochta i mbonneagar bóithre tugtha ar aird agus tá méadú tagtha ar an ionchas saoil i limistéar an Chláir.

Tá limistéir thábhachtacha ó thaobh na bithéagsúlachta de i gcontaetha na hÉireann i limistéar na teorann, lena n-áirítear gnáthóga nádúrtha, coillte dúchasacha agus uiscí glana.

Tugtar ar aird fosta gur tháinig fás sa ghiniúint leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite i dTuaisceart Éireann agus go bhfuil an ráta athchúrsála dramhaíola ar an ráta is airde a taifeadadh riamh. Tá ardchaighdeán aeir agus ardchaighdeán uisce óil taifeadta i limistéar an Chláir.

Ar deireadh, tá laghdú suntasach tagtha ar an líon teagmhas a bhain le slándáil i dTuaisceart Éireann le deich mbliana anuas.

#### 3.1.8.2 Laigí

Cé go bhfuil dul chun cinn déanta ó thaobh dea-chaidrimh a fhorbairt, a chur chun cinn agus tacú leo, tá leithlisiú suntasach fós ann, agus líon ard bacainní roimh idirphlé i dTuaisceart Éireann.

Is i gcontaetha na hÉireann i limistéar na teorann atá an táirgiúlacht is ísle as gach limistéar in Éirinn agus tá Tuaisceart Éireann cuid mhaith ar gcúl i gcomparáid leis an chuid eile den RA. Tá Limistéar an Chláir faoi ghannionadaíocht maidir le gníomhaíochtaí ard-bhreisluacha agus tá an lámh

33 Na Coimisinéirí Ioncaim, Cáin agus Custaim na hÉireann, Treoirlínte maidir le feidhmiú na Scéime Tacaíochta Srianta Covid, a foilsíodh an 11 Eanáir 2021. https://www.revenue.ie/en/corporate/press-office/budget- information/2021/crss-guidelines.pdf

in uachtar ag líon mór fiontar beag agus meánmhéide dúchasach san earnáil phríobháideach. Is beag an méid fiontar mór sa réigiún seo.

Is mó post ar phá íseal ná poist ar phá ard i dTuaisceart Éireann agus tá ardleibhéal dífhostaíochta fadtéarmaí ann. Is dóigh go ngéarófar sin leis an phaindéim atá ann go fóill. Tá ardleibhéal neamhghníomhaíochta eacnamaíche fosta, agus cion mór daoine nach bhfuil cáilíochtaí ar bith acu. Tá méadú ag teacht ar an neamhghníomhaíocht i gcontaetha na hÉireann i limistéar na teorann le blianta beaga anuas agus níor tháinig na rátaí rannpháirtíochta san fhórsa saothair chucu féin ó tharla an ghéarchéim airgeadais dheireanach.

Is i dTuaisceart Éireann atá an líon is ísle gnólachtaí nuathionscanta nó 'nuabheirthe' sa Ríocht Aontaithe, mar chéatadán d'fhiontair ghníomhacha agus an céatadán is ísle gnólachtaí atá gníomhach sa nuálaíocht. Tá níos lú iarratas ar phaitinní fosta. Is i gcontaetha na hÉireann i limistéar na teorann atá an leibhéal is ísle onnmhairithe foriomlána in Éirinn.

Tá laghdú ag teacht ar an líon daoine ag clárú sna hinstitiúidí ardoideachais i gcontaetha na hÉireann i limistéar na teorann. Tá níos lú rochtana ar an idirlíon i limistéar an Chláir ná mar atá sa chuid eile den RA agus d'Éirinn. Tá an clúdach 4G faoi dhíon i limistéir uirbeacha cuid mhaith níos ísle i dTuaisceart Éireann ná mar atá sa chuid eile den RA.

Taifeadadh leibhéal sách íseal de thurasóireacht ó thar lear i gcontaetha na hÉireann i limistéar na teorann, ach arís, tá tionchar mór ag an bpaindéim ar thurasóireacht agus ar fháilteachas.

Tá astaíochtaí ó thalmhaíocht agus ó iompar i dTuaisceart Éireann níos airde ná an meánmhéid sa Ríocht Aontaithe agus tá méadú ag teacht orthu.

Tá an próifíl dhéimeagrafach níos sine agus tá an cóimheas spleáchais de bharr seanaoise níos airde.

Tá roinnt neamhionannas sláinte fós ann i dTuaisceart Éireann. Tuairiscítear go bhfuil leibhéal níos measa sláinte agus/nó torthaí sláinte sna ceantair is mó atá faoi mhíbhuntáiste. Maidir leis an meabhairshláinte, tá na rátaí féinmharaithe ag dul i méid ón mbliain 2000.

Bíonn daoine ag brath ar charranna i dTuaisceart Éireann agus i gcontaetha na hÉireann i limistéar na teorann mar gheall ar an fháil theoranta ar iompar poiblí.

Beidh tionchar ag Paindéim Covid-19 atá ar siúl go fóill ar go leor de na pointí thuas.

### 3.1.8.3 Deiseanna

D'fhéadfadh deiseanna cur ar chumas níos mó fiontar díriú níos mó ar onnmhairiú agus Taighde agus Forbairt a dhéanamh, lena n-áirítear ó naisc oiriúnacha le Limistéar Feidhme an Chláir. Chuirfeadh sin, go háirithe, le poitéinseal earnálacha ard-bhreisluacha sa gheilleagar.

Tá deiseanna ann fosta mar chuid den phróiseas téarnaimh ón phaindéim tógáil ar an fheidhmíocht láidir turasóireachta agus leanúint de leas a bhaint as tuilleadh deiseanna chun turasóireacht ó thar lear a mhealladh.

Tá deiseanna ann leanúint de chomhoibriú trasteorann san oideachas fosta ar fud Thuaisceart Éireann agus na hÉireann agus chun Oideachas Comhroinnte agus Comhtháite do leanaí as cúlraí éagsúla a chur chun cinn.

Tá fíor-bhuntáistí ag baint le scileanna a optamú trí bhíthin an t-éileamh a mheaitseáil i limistéar an Chláir. Tá deiseanna ann rannpháirtíocht i spórt a chur chun cinn tuilleadh chun folláine coirp agus meabhairshláinte a éascú.

Tá deiseanna ann fosta chun leithlisiú a laghdú trí bhíthin na bacainní ar idirphlé a bhaint. Is ceart spreagadh a thabhairt trí bhíthin tuilleadh infheistíochta i ngníomhaíochtaí lena laghdaítear astaíochtaí, lena n-áirítear malairt roghanna atá tíosach ar fhuinneamh, foinsí in-athnuaite agus an geilleagar glas.

Tá deiseanna ann maidir le réitigh nádúr-bhunaithe[34] chun soláthar a dhéanamh don bhithéagsúlacht, caighdeán an uisce, maolú ar an athrú aeráide, cruthú post (ardcháilíochta agus ísealcháilíochta), chomh maith le folláine corp agus meabhairshláinte.

Tá deiseanna ann don earnáil talmhaíochta fosta, le go mbeadh déine astaíochtaí níos lú aici agus tá poitéinseal sa réimse mara níos mó leictreachais in-athnuaite a ghiniúint.

#### 3.1.8.4 Bagairtí

Tá bagairt mhór ghearrthéarmach agus fhadtéarmach ann cheana féin de bharr na dtionchar ó Phaindéim Covid-19. Is iomaí impleacht atá ag imeacht na RA ón Aontas Eorpach, maidir le gníomhaíochtaí trasteorann, trádáil, feidhmíocht eacnamaíoch agus slándáil/síocháin. Is dócha gur sna contaetha teorann in Éirinn is mó a bhraithfear na himpleachtaí sin. Bagraíonn teannas trádála domhanda ar onnmhairí agus tá méadú ag teacht ar bhagairtí ar an chomhshaol – tá Tuaisceart Éireann ag titim chun deiridh ó thaobh spriocanna astaíochtaí na RA agus theip ar Éirinn a spriocanna astaíochtaí 2020 a bhaint amach. Chomh maith leis sin, tá bagairtí ann ó thaobh na bithéagsúlachta, tuilte, creimeadh cósta agus athrú aeráide.

Tá fostaíocht in earnálacha éagsúla i mbaol mar gheall ar an bhagairt ar phoist de bharr an aistrithe chuig geilleagar ísealcharbóin agus méadú ar uathoibriú. Tá ganntanas scileanna ag teacht chun cinn in earnálacha a d'fhéadfadh fás eacnamaíochta agus poist a sholáthar sa dá dhlínse.

Is tromchúiseach fós an bhagairt ar Thuaisceart Éireann ón sceimhlitheoireacht. Tá ardú ag teacht ar an líon teagmhas agus coireanna arna spreagadh ag ciníochas, ag an am céanna agus a bhfuil ardú ag teacht ar líon na bpobal eitneach i limistéar an Chláir.

### 3.1.9 Rathúnas Inbhuanaithe

Tá an dá dhlínse ag tabhairt faoi 'aistriú fuinnimh' faoi láthair, a bhaineann le laghdú suntasach ar **astaíochtaí carbóin** agus aistriú ó bhreoslaí iontaise go foinsí fuinnimh in-athnuaite. Is ceart a thabhairt ar aird fosta gur réimse mór beartais de chuid an Aontais Eorpaigh is é an Comhaontú Glas don Eoraip agus tá ar Chláir amhail PEACE PLUS a chinntiú go bhfreagraíonn an Clár don treo atá leagtha amach ó thaobh beartais de. In 2019, bhí an RA ar an chéad gheilleagar ollmhór a rith dlíthe chun deireadh a chur lena rannchuidiú le téamh domhanda faoin mbliain 2050, dlíthe faoina gceanglaítear go mbeidh na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ar fad neodrach ó thaobh carbóin de. Ar an dóigh chéanna, tá gealltanas tugtha ag Éirinn ó thaobh príomhspriocanna chun astaíochtaí a laghdú. Áirítear air sin laghdú 40% ar a laghad a chur ar astaíochtaí (i gcomparáid le leibhéil 2005), agus go mbeidh an fuinneamh iomlán comhdhéanta de ar a laghad 32% ó fhoinsí in-athnuaite, agus feabhsú 32.5% ar éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2030. Tacaíonn Éire le sprioc AE maidir le neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050. Ní mheastar go mbainfidh ceachtar den dá dhlínse a spriocanna 2020 faoi seach amach, áfach, ar spriocanna thar a bheith dúshlánacha iad.

Sa dá dhlínse, is iad talmhaíocht, iompar agus fuinneamh na hearnálacha a chruthaíonn na hastaíochtaí gás ceaptha teasa is mó. Tá laghdú de réir a chéile ag teacht ar astaíochtaí i bhformhór mór na n-earnálacha, ach tá méadú tagtha ar an aschur astaíochtaí ó thalmhaíocht agus ó iompar le blianta beaga anuas. Tá na tionscail feola agus déiríochta thar a bheith tábhachtach don dá réigiún, ó thaobh trádála agus fostaíocht de. Méadú ar an daonra agus an t-éileamh ar iompar dá bharr sin atá taobh thiar den mhéadú ar astaíochtaí ón earnáil iompair, d'ainneoin feabhsúcháin ar éifeachtúlacht fuinnimh feithiclí.

34 Gníomhartha a oibríonn i gcomhar leis an nádúr agus a fheabhsaíonn é chun dul i ngleic le hathruithe sa tsochaí is iad réitigh nádúr-bhunaithe. Tá an coincheap bunaithe ar an eolas go gcruthaíonn éiceachórais nádúrtha sláintiúla agus bainistithe raon éagsúil seirbhísí ar a mbraitheann folláine an duine.

Is dócha go mbeidh athruithe sa ghníomhaíocht eacnamaíoch chun astaíochtaí táirgthe comhiomlána a laghdú dírithe ar na hearnálacha ina mbíonn astaíochtaí arda agus dá bharr sin, meastar go bhfuil na poist na hearnálacha sin ar na cinn is leochailí san aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin. Is dócha go mbeidh tionchar díréireach aige sin ar fhostaíocht na bhfear i gcontaetha teorann na hÉireann.

Le deich mbliana anuas, tá feabhas á chur ar an ghiniúint leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite i dTuaisceart Éireann. Tá méadú ó 9% go dtí beagnach 45% tagtha ar rannchuidiú **an fhuinnimh in-athnuaite** leis an soláthar iomlán leictreachais sa tréimhse 2008/2009 go 2018/2019. In Éirinn, b'ionann leictreachas in-athnuaite agus os cionn 60% den fhuinneamh in-athnuaite a úsáideadh in 2017. Ba iad an ghaoth agus hidrileictreachas na príomh-fhoinsí dó sin. Cé gurb í an earnáil iompair an earnáil aonair is mó ó thaobh úsáid fuinnimh de, is inti atá an sciar is ísle d'fhoinsí in-athnuaite.

Tá **iompar** ríthábhachtach don gheilleagar. Soláthraíonn sé naisc lena gcuid custaiméirí agus lena gcuid margaí do ghnólachtaí, chomh maith le rochtain ar fhostaíocht agus ar sheirbhísí amhail oideachas, sláinte agus fóillíocht a chur ar fáil do dhaoine. Bítear ag brath go mór agus go leanúnach ar charranna i limistéar an Chláir, agus ní bhaintear mórán úsáid as iompar poiblí. Is léiriú é an spleáchas sin ar charranna príobháideacha mar modh iompair ar nádúr tuaithe na réigiún incháilithe, go príomha, réigiúin ina bhfuil daonra níos lú agus ina gcuirtear srian ar inmharthanacht bhonneagar iompair phoiblí níos mó. Tá forbairt déanta ar an bhonneagar mótarbhealaí le blianta beaga anuas, áfach, mar iarracht ar nascacht a mhéadú. Infheistíodh €394m i mbóithre ón mbliain 2012 trí bhíthin deontais do bhóithre náisiúnta i gcontaetha teorann na hÉireann.

Tugann sonraí maidir le **héifeachtúlacht fuinnimh** le tuiscint nach bhfuil formhór mór an stoic tithíochta i limistéar an Chláir éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de, rud is dócha atá ag cur leis an éileamh ar fhuinneamh agus ag méadú na gcostas fuinnimh chun tithe a théamh. Tá droch-rátáil ag formhór na dtithe i ngach ceann de na 11 limistéar comhairle i dTuaisceart Éireann in aghaidh an Teastais Feidhmíochta Fuinnimh (D). Ní rátáil A in aghaidh an Teastais Feidhmíochta Fuinnimh ach ag 0.14% den stoc tithíochta. Tá Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (RFF) íseal (C) ag formhór an stoic tithíochta i gcontaetha teorann na hÉireann. Tá an stoc tithíochta leis an rátáil éifeachtúlachta fuinnimh is measa lonnaithe i gcontae Liatroma, áit a bhfuil RFF F nó G ag 23% de na tithe sa chontae.

Tá cosaint na **bithéagsúlachta** ríthábhachtach chun an timpeallacht nádúrtha a chothú. Tá laghdú scanrúil ag teacht ar an bhithéagsúlacht agus ar an éagsúlacht beatha sa dá dhlínse agus in áiteanna eile ar domhan. Tugann staidéir réigiúnacha le tuiscint go bhfuil meath mór, leanúnach ag teacht ar ghnáthóga thosaíochta agus ar speicis tosaíochta. Cé go bhfuil feabhsúcháin déanta ar choinníollacha láithreán ainmnithe, meastar go mbaineann stádas neamhfhabhrach/ drochstádas caomhnaithe le tuairim is 80% de ghnáthóga ar feadh limistéar an Chláir faoi láthair, tríd is tríd. Tá méadú ag teacht ar an tuiscint ar ról lárnach na bithéagsúlachta chun cuidiú le dul i ngleic le buncheisteanna sochaíocha. Áirítear leo sin athrú aeráide agus sláinte an daonra, chomh maith le feabhas a chur ar fheidhmíocht eacnamaíoch. Dá bharr sin, is tábhachtach go mbeidh an sprioc maidir le caighdeáin bheatha a fheabhsú ag teacht leis an sprioc maidir leis an timpeallacht nádúrtha a chosaint ar bhealach a bheadh mar bhonn faoin gheilleagar, agus cuirtear costas don tsochaí chomh maith le costais phríobháideacha san áireamh sa chinnteoireacht sin.

Tá raon leathan sain-ghnáthóg agus sain-speiceas i Limistéar an Chláir, mar aon réigiún bithgheografach amháin, agus suntas idirnáisiúnta, acu, mar gheall ar cé chomh uathúil agus íocónach atá siad. Ina measc tá gnáthóga bogaigh amhail bratphortaigh agus portaigh ardaithe ar thalamh íseal, agus láithreáin eanaigh, a bhaineann go sonrach leis na coinníollacha fliucha, cineálta atá ann, a bhuí don Atlantach. D'fhéadfaí sócmhainní bithéagsúlachta mar sin a úsáid mar stórais

Charbóin agus mar rialtáin uisce. Mar gheall ar dhroch-riocht nó riocht díghrádaithe go leor de na gnáthóga sin, áfach, níl siad ag rannchuidiú níos mó le seirbhísí éiceachórais ar an leibhéal a bhíodh siad roimhe seo. Tacaíonn an réigiún le neart bithéagsúlachta agus raon suntasach láithreán éiceolaíocha atá tábhachtach go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tá 49 n-anaclann dúlra i dTuaisceart Éireann faoi láthair. Ina theannta sin, tá 8 limistéar ainmnithe mar Limistéar Áilleachta Nádúrtha (AONB) agus 189 Limistéar Sainspéise Eolaíochta (ASSI), arna sainmhíniú mar na láithreáin is fearr ar fad ó thaobh an fhiadhúlra agus na geolaíochta de. Tá roinnt limistéar ainmnithe mar láithreáin Natura 2000, Limistéar Oidhreachta Náisiúnta Páirc Náisiúnta agus Anaclann Dúlra. Is í Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha an t-aon Pháirc Náisiúnta i gcontaetha teorann na hÉireann. Is i gcontaetha teorann na hÉireann atá an dara líon is airde anaclann dúlra in Éirinn, 13, agus formhór díobh lonnaithe i nDún na nGall.

Tá tírdhreach nádúrtha tarraingteach i Limistéar an Chláir fosta. Is i limistéar na a éiríonn an dá abhainn is faide in Éirinn, an tSionainn agus an Éirne, agus tá cuid mhór cósta ann, agus sliabhraonta uathúla. In éineacht na sócmhainní láidre cultúir agus oidhreachta, cruthaíonn sin bonn turasóireachta láidir.
Ní mór cothromaíocht a bhaint amach, áfach, idir tarraingteacht ó thaobh na turasóireachta de agus a chinntiú go bhfanfaidh na limistéir sin ina bhfuil beocht nádúrtha, inmharthana amach sa todhchaí.

Éilíonn na dúshláin agus na deiseanna a cuireadh síos orthu thuas Clár lena soláthrófar tionchar, dírithe ar na dúshláin atá ann go fóill maidir le síocháin agus athmhuintearas agus lena neartófar comhoibriú Thuaidh/Theas ar raon dúshlán críochach, chun cobhsaíocht agus rathúnas a chothú i limistéar an Chláir.

Tá tuilleadh eolais faoi na freagraí a bheartaítear a thabhairt ar na dúshláin agus ar na deiseanna sin leis an Chlár leagtha amach i gCuid 3.4.

### 3.1.10 Impleachtaí Imeacht na RA ón AE

I rith an Comhairliúchán le Páirtithe Leasmhara a rinne an CCSAE ag deireadh 2019/tús 2020, sainaithníodh roinn bagairtí i ndáil le himpleachtaí imeacht na RA ón AE. Áirítear orthu sin:

- Dúshláin shochaíocha amhail an tionchar ar chaidreamh pobail agus cur isteach ar chomhtháthú pobail agus sóisialta;
- Dúshláin eacnamaíocha lena n-áirítear, mar shampla, an tionchar ar tháirgiúlacht agus ar thrádáil, praghsanna earraí agus seirbhísí, agus saoirse ghluaiseachta;
- Dúshláin pholaitiúla lena n-áirítear an fhéidearthacht go ndéanfaí an próiseas síochána a dhíchobhsú, cur isteach ar an dea-chaidreamh laistigh de Thuaisceart Éireann agus idir an dá réigiún, deighilt níos mó ar shaincheisteanna na féiniúlachta náisiúnta, agus an fhéidearthacht go dtiocfadh méadú ar ghníomhaíocht pharaimíleata agus easaontach; agus
- Dúshláin amhail an imní go bhfillfí ar theorainn chrua agus castachtaí reachtaíochta maidir le rialachas a athrú.

I measc na ndúshlán a aithníodh maidir le forbairt eacnamaíoch agus chríochach níos leithne i limistéar an Chláir, bhí an Breatimeacht agus dúshláin pholaitiúla, reachtúla agus eacnamaíocha ghaolmhara, go háirithe an éiginnteacht faoin tionchar a d’fhéadfadh a bheith ar chúrsaí gnó agus trádála go ginearálta, ar an chomhshaol, ar an turasóireacht agus ar mhargadh an tsaothair. Cé go bhfuil an próiseas seo ag éabhlóidiú, amhail ag tráth forbartha an Chláir PEACE PLUS, chinntigh an CCSAE sa chás gur ábhartha go dtig leis an Chlár cuidiú leis na dúshláin sin de réir mar a thiocfadh siad chun solais ar bhonn trasteorann.

Dréachtaíodh an Clár PEACE PLUS chun deis a thabhairt do thacú le gníomhaíochtaí a thabharfaidh aghaidh ar na dúshláin agus ar na deiseanna sin de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn sna blianta amach romhainn. Go sonrach, déanfar infheistiú faoin téama athghiniúna eacnamaíche, lena n-áireofar tacaíocht d'fhorbairt scileanna agus gnó. Faoin téama comhpháirtíochta agus comhoibrithe, tacófar le pleanáil straitéiseach agus le comhoibriú trasteorann a threisiú ar leibhéil éagsúla idir Rialtas (áitiúil agus náisiúnta), phobail agus shaoránaigh, ar dhóigh níos ginearálta.

### 3.1.11 Paindéim Covid-19

Beidh iarmhairtí socheacnamaíocha móra agus fadtréimhseacha ag Paindéim Covid-19. Dá bharr sin, is ríthábhachtach go gcuimseofar bearta maolaithe cuí i leagan amach an Chláir PEACE PLUS.

D'ullmhaigh Gairm Eacnamaí Státseirbhís Thuaisceart Éireann sa Roinn Airgeadais agus Seirbhísí Eacnamaíocha agus Meastóireachta de chuid Rialtas na hÉireann, sa Roinn Airgeadais agus sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe próifíl shocheacnamaíoch ar limistéar an Chláir don Chlár PEACE PLUS (2021-2027). Beidh na saincheisteanna agus na riachtanais a sainaithníodh sa Phróifíl Shocheacnamaíoch fós ann agus beidh cuid mhór díobh níos measa mar thoradh ar Phaindéim Covid-19, ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta agus sóisialta de. Agus aird air sin, chinntigh an CCSAE go bhforbrófar an Clár chun cuidiú, i bpáirt, leis an téarnamh sna blianta amach romhainn, do dhaoine agus do phobail. Cuirfear deiseanna infheistíochta ar fáil do go leor earnálacha i ngach cuid den Chlár, chun dul i ngleic le roinnt den suaitheadh is cinnte a bheidh ann i ndiaidh na paindéime.

Leagfar amach an Clár um Fhorbairt agus Aistriú FBM chun tacaíochtaí a chur san áireamh lena chur ar chumas gnólachtaí iad féin a chur in oiriúint don timpeallacht eacnamaíoch i ndiaidh COVID-19 agus a bheith rathúil inti.

Sainaithníodh ár ndaoine óga, go háirithe iad sin as limistéir faoi mhíbhuntáiste, mar an ghrúpa déimeagrafach is mó is dócha go mbeidh tionchar ag Paindéim Covid-19 orthu. Is dúshlán don earnáil oideachais ar gach leibhéal é COVID-19, lena n-áirítear oideachas luath-óige, bunoideachas agus oideachas dara leibhéal.

Cuirfidh an Clár PEACE PLUS don Ógra leis an Chlár PEACE4Youth agus déanfar tuilleadh forbartha air chun tacaíochtaí a chur san áireamh maidir le bacainní ar rannpháirtíocht, lena n-áirítear cúram leanaí, teanga agus rochtain do dhaoine faoi mhíchumas. Cuimseofar seirbhísí breise comhairleoireachta agus seirbhísí tacaíochta um andúil sa chlár fosta.

Tá tuilleadh airde tarraingthe ar neamhionannais sláinte fosta, a bhuíochas de thionchar Phaindéim Covid-19. Mar sin féin, léiríonn an phaindéim an fhéidearthacht atá ag TFC claochchlú a chur ar sheirbhísí cúraim sláinte. Cuimseofar an fhoghlaim sin sa Chlár Comhoibríoch Cúraim Sláinte agus Shóisialta, le hearnáil cúraim sláinte agus shóisialta níos athléimní a chinntiú, earnáil a rannchuidíonn le sláinte agus folláine níos fearr don daonra agus le níos lú neamhionannas sláinte.

Tá tionchar ag Paindéim Covid-19 ar go leor íospartach agus marthanóirí ar feadh an réigiúin. Leis an **Chlár Íospartach agus Marthanóirí,** soláthrófar deis chun cur le hobair an Chláir Peace IV chun tuilleadh feabhais a chur ar shaolta íospartach agus marthanóirí agus chun sochaí níos comhtháite a chruthú.

### 3.2 Béim ar an bpobal sa Clár PEACE PLUS

Tá béim láidir ar cheannasaíocht phobail as a leanann sochaí níos rathúla agus níos 'sláintiúla' i ngach Réimse Téamach den Chlár. D'fhorbair an CCSAE an Clár ar bhonn gníomhartha agus tionscnaimh a **thacóidh le pobail, a fhorbróidh pobail, a bheidh rannpháirteach le pobail agus a chumasóidh pobail, ar feadh limistéar an Chláir**. Tá Clár cruthaithe ag an CCSAE a éilíonn rannpháirtíocht bhríoch an phobail agus, go háirithe, le gníomhaireachtaí reachtúla, chun machnamh a dhéanamh ar chuir chuige nuálacha nua chun rannpháirtíocht phobail a sholáthar ar an leibhéal áitiúil.

Ó tosaíodh an obair fhorbartha, roinn an CCSAE an tuairim go gcaithfidh téamaí agus struchtúr an Chláir gach leibhéal den tsochaí shibhialta a chuimsiú, i ndáil le forbairt agus cur i bhfeidhm ghníomhartha agus thionscnaimh chun dul i ngleic le dúshláin sa tsochaí agus sa phobal.

D'éist muid leis sin agus tá gach beartas agus tosaíocht curtha san áireamh againn, agus tá an Clár is fearr chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin bunaithe againn.

### 3.3 Tionchar an Chláir

Cuirfear béim sa Chlár ar na pobail agus ar na heagraíochtaí is fearr a bheidh ábalta fíor-thionchair fhadtréimhseacha a sholáthar agus, go ríthábhachtach, sna pobail agus sna grúpaí is mó a raibh tionchar ag na trioblóidí/an choimhlint orthu. Spreagfar pobail a bheith bródúil as a gcultúir, a nósanna agus a n-oidhreacht, agus iad a chur chun cinn, trí bhíthin thionscnaimh arna maoiniú faoin Chlár, go háirithe iad sin a bhaineann le hathghiniúint.

Leanfar de phobail a chumhachtú chun oibriú le chéile, faoin Chlár, agus chun caidrimh a threisiú trí bhíthin thionscnaimh lena ndéanfar an tsíocháin a chothabháil agus a mbeidh cairdeas agus tuiscint mar thionchar acu. Spreagfar na daoine is mó atá imeallaithe sa tsochaí a bheith rannpháirteach ina dtimpeallacht fhisiciúil agus shóisialta a fheabhsú, trí bhíthin ghníomhaíochtaí a dhéanfaidh ceantair áitiúla a athghiniúint.

Déanfar infheistiú inár ndaoine óga agus cuirfear deiseanna ar fáil dóibh chun feabhas a chur ar a seansanna sa saol, a scileanna, a n-oideachas, agus trí bhíthin ghníomhaíochtaí a neartóidh a gcuid muiníne, gníomhaíochtaí spóirt agus cruthaitheacha, agus trí bhíthin fiontraíocht shóisialta a spreagadh. Cuirfear béim fosta sa Chlár ar cheannaireacht phobail a fheabhsú agus ar a chinntiú go mbeidh na scileanna oiriúnacha ag glúin nua chun plé leis na dúshláin a bhaineann le síocháin agus dea-chaidreamh a chothabháil.

Déanfar infheistiú sa gheilleagar, tabharfar tacaíocht do FBManna, taighde agus nuáil i réimsí riachtanais sonracha, agus déanfar idirghabháil saindírithe sna hearnálacha is mó a bhfuil tionchar ag Covid-19 orthu. Beidh tacaíocht ar fáil do na cláir scileanna, don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus d'éagsúlú. Tá an fhéidearthacht ag infheistíocht sa Gheilleagar Shóisialta rannchuidiú go suntasach leis an gheilleagar agus leis an phobal, agus dá bharr sin, cuirfear tacaíocht ar fáil chun éiceachóras a sholáthar le bheith mar bhonn taca don earnáil seo agus chun í a fhás.

Cuirfear béim athnuaite ar phobail thuaithe agus do phobail ar an teorainn ach go háirithe, trí bhíthin thionscnaimh a thacóidh le hathghiniúint agus le híomhá nua a chruthú do na limistéar tuaithe is mó a bhfuil tionchar orthu leis an deicheanna de bhlianta anuas ag easpa infheistíochta agus a fhulaingíonn mar gheall ar iargúltacht gheografach agus easpa deiseanna agus rochtain ar sheirbhísí. Tá breithniú déanta ar na limistéir thuaithe agus ar na limistéir ar an teorainn, ina bhfuil laghdú ag teacht ar an daonra agus iad fágtha ar gcúl, agus ina mbeidh na héifeachtaí is diúltaí ón Bhreatimeacht. Tá ghníomhartha a spreagfaidh gníomhaíocht trasteorann chun leasa na saoránach agus an gheilleagair araon cuimsithe sa Chlár.

Ach spásanna íocónacha a sholáthar, cinn nua agus cinn a bheidh athchóirithe trí bhíthin an Chláir, cuideofar le ríochtaí poiblí beomhara nua a chruthú inár gcathracha, ár mbailte agus ár sráidbhailte, agus fágfaidh siad tionchar fadtréimhseach agus comhroinnte.

Is ríthábhachtach don fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta sa todhchaí é tacú le todhchaí inbhuanaithe ar bhonn trasteorann trí bhíthin cur le cosaint an dúlra, leis an bhithéagsúlacht agus leis an bhonneagar glas, chomh maith le dul in oiriúint don athrú aeráide agus é a mhaolú, agus is leis an méid sin a shonrófar an tionchar ar na glúnta atá le teacht.

Rannchuidiú fadtréimhseach le sochaí shíochánta agus chomhroinnte a chothú a bheidh sa tionchar, rud a bhfuil na Cláir ag obair ina threo ón bhliain 1995. Níos mó ná riamh cheana, áfach, is gá go mbeidh tionchar ag croílár an Chláir le go mbeifear ábalta freagairt do na dúshláin fhadtéarmacha.

## 3.4 Limistéar Cláir lena mbaineann Solúbthacht

Cuimsítear Tuaisceart na hÉireann agus contaetha teorann na hÉireann i Limistéar an Chláir, eadhon an Cabhán, Dún na nGall, Liatroim, Lú, Muineachán agus Sligeach. Is é sin croí-limistéar an Chláir, ach tá solúbthacht ann fosta comhpháirtithe nó gníomhaíocht lasmuigh de chroí-limistéar an Chláir a chur san áireamh, más cuí. Mínítear sin i gcuid 3.5.

Is ionann an clár nua seo agus deis iontach leanúint d'idirghabhála a mhaoiniú chun síocháin a chothú, chomh maith le gníomhaíochtaí a dhéanfaidh áit níos rathúla agus níos sláintiúla le cónaí ann a dhéanamh de limistéar an Chláir, ach réimsí comhleasa a mhaoiniú ar bhonn trasteorann.

Dar le staidreamh ó Ghníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde (NISRA), tá díreach os cionn 1.88 milliún duine i ndaonra Thuaisceart Éireann (Meitheamh 2018), is é sin 2.8% de dhaonra iomlán na RA. Cónaíonn beagnach aon chúigiú (18%) den daonra i gCeantar Rialtais Áitiúil (CRÁ) Bhéal Feirste, agus ina dhiaidh sin i CRÁ Chathair Ard Mhacha, Dhroichead na Banna agus Craigavon (11% san iomlán).

Cuimsíonn limistéar geografach Chontaetha an Chabháin, Dhún na nGall, Liatroma, Lú, Muineacháin agus Shligigh limistéar 12,156 chiliméadar cearnach ó Aigéan an Atlantaigh ar chósta thiar na hÉireann go dtí Muir Éireann ar an chósta thoir. Is é 523,200 duine an daonra sna contaetha sin (Daonáireamh 2016). Is ionann sin agus 11% de dhaonra na hÉireann.

Daonra óg, den chuid is mó, atá i Limistéar an Chláir. Ba 33.9% an cion daoine faoi 24 bliana d'aois in 2016, agus ba é 31.9% an figiúr comhfhreagrach i dTuaisceart Éireann (Meitheamh 2018). Ba 16.4% an cion daoine os cionn 65 bliana d'aois i dTuaisceart Éireann i mí an Mheithimh 2018, agus ba 14.6% an figiúr comhfhreagrach maidir le contaetha teorann na hÉireann (2016).

Meastar go dtiocfaidh athrú ar dhéimeagrafaíocht chontaetha teorann na hÉireann in éineacht le réigiúin eile in Éirinn, agus laghdú ag teacht ar rátaí breithe agus feabhas ag teacht ar rátaí básmhaireachta. Meastar go mbeidh éifeacht aige sin ar chóimheasa aoise is cleithiúnais[35] agus is dóigh go mbeidh impleachtaí aige ar an éileamh ar sheirbhísí sláinte, oideachais, tithíochta, cúraim leanaí agus fostaíochta in Éirinn.

35 Le cóimheas aoise is cleithiúnais, tugtar léargas ar an líon daoine sa phobal nach mbíonn ag obair i gcomparáid leis an líon daoine sa phobal a bhíonn ag obair.

Léiríonn réamh-mheastacháin na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO) maidir le daonra agus cóimheas aoise is cleithiúnais an tionchar ón athrú déimeagrafach ar chontaetha teorann na hÉireann agus ar leibhéal na hÉireann. Meastar go dtiocfaidh athrú ar an chóimheas aoise is cleithiúnais i gcontaetha teorann na hÉireann sna seacht mbliana amach romhainn; go dtitfidh an cóimheas aoise is cleithiúnais maidir le daoine óga ó 33% in 2021 go dtí 28.8% in 2026, agus go méadóidh an cóimheas aoise is cleithiúnais maidir le seandaoine ó 27.2% go dtí 30.7% in 2026. Tá patrúin réamh-mheasta chomhchosúla ann ó thaobh cóimheasa aoise is cleithiúnais maidir le daoine óga agus seandaoine sna meánphatrúin dhéimeagrafacha d'Éirinn, agus meastar go dtiocfaidh athruithe níos mó orthu ná mar a tharlóidh i gcontaetha teorann na hÉireann cé go meastar go mbeidh an meán-chóimheas aoise is cleithiúnais fós níos airde ná meán-chóimheas na hÉireann.

Cuimsítear roinnt ceantar uirbeach i Limistéar an Chláir, chomh maith le ceantair thuaithe. Tá timpeallacht nádúrtha tarraingteach agus gnáthóga tarraingteacha ina saintréithe den limistéar, lena n-áirítear tír-raon sléibhtiúil agus líne cósta bhreá, ar acmhainn luachmhar é don tionscal turasóireacht agus lena mbaineann poitéinseal breise don earnáil seo sa todhchaí.

Ina theannta sin, is ionann gnáthóg nádúrtha limistéar an Chláir, an líne cósta fhada agus an ceantar mara lena taobh agus acmhainn a d'fhéadfadh a bheith luachmhar ó thaobh an gheilleagair ghlais agus fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint.

### 3.5 Incháilitheacht Iarratasóirí ó lasmuigh de Limistéar an Chláir

Níl comhoibriú trasteorann teoranta do theorainneacha riaracháin an Chláir, ach tá solúbthacht gheografach ann, ag brath ar an ábhar i gceist. Tugtar **limistéar feidhme** air sin agus ligeann sé d'eagraíochtaí agus d'institiúidí nach bhfuil lonnaithe i gcroí-limistéar an Chláir a bheith rannpháirteach i dtionscadail, trí bhíthin nascadh le comhpháirtithe i gcroí-limistéar an Chláir.

Go deimhin, maidir le hidirghabhálacha áirithe, ní féidir teacht ar réiteach gan baint a bheith ag comhpháirtithe bheith rannpháirteach. Mar shampla, le tionscadal taighde maith a chur ar bun, seans go gcaithfidh baint a bheith ag ollscoil i bpríomhchathair na tíre leis; chun rioscaí ó thionscadail maidir le tuilte a laghdú, seans go gcaithfí bogaigh nó dambaí a athsholáthar suas an abhainn ach lasmuigh de limistéar an Chláir; agus chun cúram/seirbhís sláinte trasteorann a éascú, seans go gcaithfí tionscadal a fhorbairt le réigiúin mháguaird agus le húdaráis náisiúnta. Is iomaí sampla atá sa Chlár reatha INTERREG IVA de thionscadail lena mbaineann comhpháirtithe ó lasmuigh den limistéar.

I gcás idirghabhálacha áirithe eile, is réiteach áitiúil a bhíonn de dhíth, i limistéar atá i bhfad níos lú ná croí-limistéar an Chláir.

Léiríonn sin go bhféadtar réiteach fadhbanna a bhunú ar na limistéir feidhme seachas ar na teorainneacha riaracháin lena sainmhínítear an Clár. An rud is tábhachtaí ná go mbeidh buntáistí an tionscadail suntasach do limistéar an Chláir. Ní rud sainiúil é suíomh an tionscadail ná láthair na gcomhpháirtithe.

Is iad buntáistí an chuir chuige nua sin:

(1) Tig leis na tionscadail a bheith níos éifeachtaí, mar tig leo tógáil ar thaithí raon níos leithne de chomhpháirtithe ábhartha agus is féidir iad a lonnú san áit a mbeidh tionchar níos mó acu;

(2) Léiríonn sé go soiléir gur uirlis bheartais é INTERREG a thacaíonn le tionscadail chun an timpeallacht eacnamaíoch a fheabhsú; agus

(3) Go seachnaíonn sé teorainneacha saorga nua a chruthú lasmuigh de gheografacht an Chláir.

### 3.6 Leithdháileadh Buiséad Táscach a Fhorbairt

Forbraíodh an Leithdháileadh Buiséad Táscach a léirítear i gCuid 3.7 ar bhonn na ndúshlán agus na riachtanas faoi leith atá sainaitheanta. Áirítear air sin an gá le díriú go téamach ar chroí-chuspóirí AE amhail Eoraip 'níos sóisialta' agus 'níos glaise, le ráta ísealcharbóin níos fearr' a fhorbairt agus na leithdháiltí buiséid a mbeidh tionchar acu ar chruthú na síochána agus an rathúnais. Ar nithe eile a raibh tionchar acu ar fhorbairt na mbuiséad táscach tá tagarmharcáil le gníomhaíochtaí comhchosúla eile, tásca maidir le sreabhadh oibre tionscadal agus feidhmíocht gníomhaíochtaí faoi leaganacha roimhe seo den Chlár.


Tá raon buiséad táscach forbartha ag CCSAE i ndiaidh próiseas dlúthrannpháirtíochta le gach Roinn Rialtas sa dá dhlínse. Buiséid tháscacha iad sin atá faoi réir chomhairliúchán poiblí agus is iad Feidhmeannas Thuaisceart Éireann agus Rialtas na hÉireann a dhéanfaidh an cinneadh deiridh faoi leithdháiltí buiséid.

Tugtar ar aird gur 7% den bhuiséad iomlán don Chlár a bheith sa Chúnamh Teicniúil. Déanfaidh Cúnamh Teicniúil soláthar do chostais riaracháin an Chláir agus úsáidfear iad le haghaidh tacaíocht forbartha i ngach réimse den Chlár.

## 3.7 Téamaí agus Réimsí Infheistíochta

Bunaithe ar an gcaidreamh fairsing a bhfuil cur síos air thuas, tháinig **SÉ PHRÍOMHRÉIMSE THÉAMACHA** chun cinn.

### Fíor 3 Mionsonraí na dTÉAMAÍ, RÉIMSÍ INFHEISTÍOCHTA AGUS NA GNÍOMHAÍOCHTA TÁSCAÍ




Baineann raon Réimsí Infheistíochta / Cuspóirí Sonracha le gach ceann de na Réimsí Téamacha seo. Tá leithdháileadh buiséid tháscaigh sanntar ar gach Réimse Infheistíochta den Chlár agus tugtar cur síos ar gach Téama ar na chéad leathanaigh eile.

## Téama 1:
## Pobail Síochánta agus Rathúla a Chothú

**Buiséad táscach €210m**

Tá cobhsaíocht mheasartha i ndiaidh na coimhlinte i dTuaisceart Éireann agus i gcontaetha teorann na hÉireann. Is minic a smaoinítear ar chothú na síochána ar bhealach diúltach, i.e. easpa troda nó foréigin, seachas ar ghnéithe dearfacha na síochána, amhail caidrimh, institiúidí agus fachtóirí eile a bheith ann lena dtugtar deis do dhaoine aonair agus do phobail rath a bheith orthu i sochaí a bhfuil claochlú uirthi i ndiaidh coimhlínte. Tá síocháin agus athmhuintearas riachtanach don fhorbairt leanúnach shocheacnamaíoch agus don rathúnas. Dá bharr sin, is tosaíocht do Rialtais an dá dhlínse iad gníomhartha lena bhfeabhsófar comhtháthú pobail agus sóisialta.

Tá infheistíocht leanúnach, mheáite i mbealaí cruthaithe chuig an athmhuintearas de dhíth chun pobail síochánta agus rathúla a chothú. Is ceart go mbeadh tionchar an athraithe mar thoradh ar infheistíochtaí den sórt sin, arna bhaint amach trí bhíthin fheabhsuithe fisiciúla agus sóisialta lena n-éascaítear tuilleadh uilechuimsitheachta sóisialta agus caidrimh tras-phobal agus trasteorann níos fearr.

Tá an poitéinseal ag achan duine i limistéar an Chláir rannchuidiú le sochaí níos síochánta agus níos rathúla. Chuige sin, tá Réimsí Infheistíochta ar leithligh leagtha amach chun caidreamh agus rannpháirtíocht na ndaoine ar fad, cuma cén aois iad, agus ar feadh na bpobal agus na n-earnálacha ar fad a optamú, agus dá bharr sin, an rannchuidiú is mó is féidir le síocháin agus athmhuintearas i limistéar an Chláir a chinntiú.

## Téama 1: Pobail Síochánta agus Rathúla a Chothú

**Pleananna Gníomhaíochta comhdheartha PEACE um Pobal Áitiúil**

**Buiséad táscach: €90,000,000**

**Réimse Infheistíochta 1.1:** Cur ar chumas comhpháirtíochtaí pobail áitiúila agus iad a chumhachtú, faoi stiúir na n-údarás áitiúil, tionscadail tosaíochta a roghnú agus a chur i gcrích ar bhonn trasphobail, arb iad seirbhísí, saoráidí agus spásanna áitiúla comhroinnte agus uilechuimsitheacha an toradh orthu; agus rannchuidiú suntasach, fadtréimhseach le síocháin agus athmhuintearas.

Ceapfar **Pleananna Gníomhaíochta PEACE PLUS** do gach ceann de na 17 limistéar údaráis áitiúil. Leagfar amach iad le cabhrú leis na socruithe pleanála pobail a nglacfar leo faoi láthair ar feadh limistéar an Chláir.

Bunófar Comhpháirtíochtaí PEACE PLUS um Pobal Áitiúil le haghaidh limistéar braisle ainmnithe, atá comhdhéanta de gach limistéar taobh istigh de gach ceantar údaráis áitiúil. Tig le húdaráis áitiúla ar leithligh tógáil ar struchtúir atá ann cheana agus/nó réimsí comhpháirtíochta pleanála pobail seanbhunaithe. Nó, féadfaidh siad comhpháirtíochtaí a bhunú bunaithe ar Thoghcheantair/Thoghlimistéir Áitiúla. Léireoidh na comhpháirtíochtaí sin nádúr éagsúil ár bpobal. Tabharfar acmhainní do gach Comhpháirtíocht PEACE PLUS um Pobal Áitiúil chun plean gníomhaíochta tosaíochta a fhorbairt dá limistéar féin, agus nuair a chuirfear le chéile iad, soláthrófar Plean Gníomhaíochta foriomlán PEACE PLUS le haghaidh gach ceann de na 17 ceantar údaráis áitiúil.

Cuirfidh na **Pleananna Gníomhaíochta Comhdheartha PEACE um Pobal Áitiúil** ar chumas comhpháirtíochtaí éagsúla gníomhartha tosaíochta a bhunú dá limistéir áitiúla agus aghaidh a thabhairt orthu i gcomhar ar bhealach a dhéanfaidh rannchuidiú suntasach le síocháin agus athmhuintearas. Cuimseoidh gníomhartha sna pleananna áitiúla an raon idirghabhálacha sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíochta sa Chlár PEACE PLUS. Díreoidh na pleananna ar thrí théama lárnacha go príomha:

1. **Athghiniúint agus claochlú pobal áitiúil;**
2. **Pobail síochánta agus rathúla; agus**
3. **Meas ar gach féiniúlacht chultúir a chothú.**

Leis an Chlár seo, déanfar comhpháirtíochtaí pobail áitiúla a chumasú agus a chumhachtú chun féinchinntiúchán a dhéanamh agus chun tionscadail tosaíochta a chur i gcrích ar bhonn trasphobail. Seirbhísí, saoráidí agus spásanna áitiúla comhroinnte agus uilechuimsitheacha an toradh orthu; agus rannchuidiú suntasach, fadtréimhseach le síocháin agus athmhuintearas.

### Gníomhartha a dtacófar leo

Déanfaidh an Clár PEACE PLUS infheistiú i bPlean Gníomhaíochta PEACE údaráis áitiúil a chruthú le haghaidh gach ceantar údaráis áitiúil. D'fhonn an próiseas sin a chumasú, áireofar ar na cineálacha gníomhartha a dtacófar leo:

- 17 bPlean Gníomhaíochta PEACE PLUS uileghabhálacha a ullmhú (ceann le haghaidh gach ceantar údaráis áitiúil);
- Comhpháirtíochtaí PEACE PLUS um Pobal Áitiúil a chruthú le haghaidh limistéar braisle ainmnithe atá comhdhéanta de gach limistéar taobh istigh de gach ceantar údaráis áitiúil;
- Plean Gníomhaíochta Comhdheartha a fhorbairt ag gach Comhpháirtíocht PEACE PLUS um Pobal Áitiúil. Cuimseoidh na pleananna sin an raon gníomhaíochtaí a áirítear sa Chlár PEACE PLUS, mar shampla; cláir um fhorbairt óige; tionscnaimh sláinte agus folláine; tionscadail athghiniúna pobail; athfhorbairt agus íomhá nua do shaoráidí pobail atá ann cheana le haghaidh úsáide comhroinnte; tionscnaimh chun dea-chaidrimh a chothú; nuáil shóisialta; fiontar sóisialta agus cláir forbartha oideachais agus scileanna. Tabharfar aghaidh ar chiníochas agus ar sheicteachas sna cláir sin, méadófar an uilechuimsitheacht shóisialta agus cuirfear ceannaireacht shibhialta chun cinn; agus
- Acmhainní chun cuidiú le cur i bhfeidhm tionscadal i limistéir ina mbeidh siad de dhíth.

**Cumhachtú Pobal**

**Buiséad táscach: €30,000,000**

**Réimse Infheistíochta 1.2:** Eagraíochtaí pobail, deonacha agus reachtúla ar gach leibhéal ar feadh limistéar an Chláir a chumhachtú chun rannchuidiú le sochtaí níos síochánta agus níos rathúla a chothú.

An **Clár um Chothú Pobal:** Tá ról ag gach saoránach, pobal agus eagraíocht i sochaí níos comhtháite a chruthú. Forbróidh an Clár acmhainneacht institiúide eagraíochtaí pobail, deonacha agus reachtúla chun cleachtas agus seirbhísí um shíocháin agus athmhuintearas a leabú agus a chur chun cinn. Tá trí shnáithe ar leithligh agus idirnasctha le chéile sa chlár.

**Snáithe 1: An Clár Deontas Beag chun Pobail a Chumhachtú le Síocháin a Leabú –** tabharfar tacaíocht d'eagraíochtaí pobail áitiúla chun tionscadail duine-le-duine a sholáthar. Cumasófar rannpháirtíocht eagraíochtaí beaga arb iad is fearr a bhíonn ábalta fíor-athrú a bhaint amach, go minic, agus síocháin a leabú ar leibhéal an phobail áitiúil, trí bhíthin clár deontas beag a sholáthar, le maorlathas sruthlínithe agus simplithe agus rochtain níos fearr orthu. Éascóidh sin cur chuige ón mbonn aníos atá leagtha amach chun daoine agus eagraíochtaí a chumhachtú ar bhunleibhéal, chun rannchuidiú go díreach le síocháin agus athmhuintearas ina bpobal áitiúil.

**Snáithe 2: An Clár um Fhorbairt Acmhainneacht Institiúidí –** cabhrófar lena chinntiú go dtacófar le saincheisteanna a bhaineann le hiontaoibh agus le ceannaireacht trí bhíthin ghníomhartha comhoibríocha idir príomh-institiúidí deonacha, reachtúla agus polaitiúla ar feadh il-leibhéal. Tógfar acmhainneacht chun samhlacha nua soláthair seirbhíse i bpríomh-réimsí amhail iompar, sláinte, oideachas, na meáin agus tithíocht, réimsí a bhfuil poitéinseal mór acu rannchuidiú le tuilleadh síochána agus athmhuintearais.

**Snáithe 3: An Clár Idirghabhálacha Sábháilteachta Pobalbhunaithe –** tacófar le tionscadail a bhfuil poitéinseal acu síocháin agus athmhuintearas a fheabhsú i bpobail áitiúla. Éascófar cuir chuige chomhoibríocha ag na hearnálacha reachtúla, pobail agus deonacha, agus dearfar é chun dul i ngleic le hiompar frithshóisialta a bhaineann ón tsíocháin agus ón athmhuintearas. Ar an dóigh sin, rannchuideoidh an Clár le pobail áitiúla níos láidre agus níos comhtháite a chruthú.

**Gníomhartha a dtacófar leo**

Áireofar ar na cineálacha gníomhartha a dtacófar leo:

- Tionscadail um shíocháin agus athmhuintearas, lena n-áirítear tionscnaimh fhrithsheicteachais (arna maoiniú trí bhíthin an chláir deontas beag), lena gcuimsítear teagmháil shuntasach, leanúnach idir dhaoine aonair agus ghrúpaí ó chúlraí éagsúla pobail, cultúir agus polaitiúla; bíonn na torthaí uathu sin nasctha go soiléir le caidreamh pobail níos fearr. Bainfidh béim théamach na gclár sin le raon leathan réimsí agus grúpaí, lena n-áirítear, mar shampla: leanaí agus daoine óga; spórt; ealaíona agus cultúr; stair; sláinte agus folláine; oideachas pobail; íospartaigh agus marthanóirí; iar iar-phríosúnaigh; iar-chomhaltaí na seirbhísí slándála; sábháilteacht phobail; athghiniúint phobail agus fiontraíocht shóisialta/nuáil;
- Cláir arna ndearadh chun tacú le hacmhainneacht institiúide phríomh-eagraíochtaí deonacha, reachtúla agus polaitiúla a fhorbairt, lena n-áirítear iad sin a chuireann béim ar iontaoibh agus ar cheannaireacht, as a leanfaidh samhlacha nua soláthair seirbhísí; agus
- Idirghabhálacha sábháilteachta i bpobail áitiúla arna ndearadh chun rannchuidiú le leibhéil níos airde síochána agus athmhuintearais.

## Cothú Dea-Chaidrimh

**Buiséad táscach: € 30,000,000**

**Réimse Infheistíochta 1.3:** Caidrimh dhearfacha a chur chun cinn, a mbeidh meas mar shaintréith acu, lena ndéanfar éagsúlacht chultúir a cheiliúradh agus ina dtig le daoine cónaí, foghlaim agus meascadh le chéile, saor ó chlaontacht, gráin agus éadulaingt.

Leis an **Chlár um Chothú Dea-Chaidreamh** cuirfear tacaíocht ar fáil do thionscadail a thrasnaíonn teorainneacha áitiúla agus a bhfuil poitéinseal acu síocháin agus athmhuintearas suntasach a bhaint amach ar feadh Thuaisceart Éireann agus chontaetha teorann na hÉireann.

Tá dul chun cinn mór déanta ar chaidreamh trasphobail a fheabhsú. Mar sin féin, tá leibhéal suntasach leithlisithe spáis agus sóisialta ann go fóill idir an dá phobal is mó. Is tábhachtach infheistiú i ngníomhaíochtaí a chuirfidh ar chumas grúpaí agus daoine aonair as cúlraí éagsúla pobail agus cultúir chun caidrimh bhríocha a fhorbairt, caidrimh a bheidh bunaithe ar theagmháil shuntasach agus leanúnach.

Cuirfidh an Clár béim faoi leith ar thacaíocht a chur ar fáil do dhaoine imeallaithe inár bpobail. Cé nach liosta iomlán é, áirítear orthu sin, mar shampla; mná, daoine scothaosta, pobail mhionlaigh (lena n-áirítear imircigh agus dídeanaithe), daoine faoi mhíchumas, daoine a bhfuil fadhbanna acu de bharr thionchar na coimhlinte, lena n-áirítear iar-phríosúnaigh agus iar-phearsanra sna seirbhísí slándála, daoine den Lucht Siúil, agus daoine sa phobal LGBT.

### Gníomhartha a dtacófar leo

Áireofar ar na cineálacha gníomhartha a dtacófar leo:

- Tionscadail a chuidíonn le hacmhainneacht eagraíochtaí réigiúnacha agus áitiúla a mhéadú trí bhíthin chomhoibriú trasphobail agus trasteorann;
- Tionscadail a éascaíonn réiteach aighnis (lena n-áirítear tionscnaimh fhrithsheicteachais) a rannchuidíonn le cothú dea-chaidrimh;
- Tionscadail a mhéadaíonn rannpháirtíocht shibhialta, lena n-áirítear ag pobail mhionlaigh agus nua (d'fhéadfadh tacaíocht teanga a bheith de dhíth maidir leis sin);
- Tionscadail a éascaíonn léiriú cultúir dearfach i bpobail a bhfuil éagsúlacht iontu agus as a leanfaidh iontaoibh frithpháirteach agus meas ar a chéile;
- Tionscadail a fhorbraíonn ceannairí pobail nua agus a mhéadóidh acmhainneacht na gceannairí pobail atá ann cheana féin agus na n-oibrithe deonacha síocháin agus athmhuintearas a chur chun cinn agus a éascú;
- Tionscadail a léiríonn buntáistí na teagmhála trasphobail agus trasteorann chun comhtháthú pobail níos fearr a bhaint amach;
- Tionscadail a mhéadóidh rannpháirtíocht na mban agus na ngrúpaí mionlaigh sa saol poiblí agus polaitiúil; chun dul chun cinn i dtreo shochaí shíochánta agus chobhsaí a threisiú trí bhíthin athmhuintearas i measc na bpobal ar fad a chur chun cinn;
- Tionscadail a thógann, a fheabhsaíonn agus a chothaíonn gaolta idir phobail agus laistigh díobh, ach dul i ngleic le ceisteanna iontaoibhe, réamhchlaonta agus éadulaingthe;
- Tionscadail a labhraíonn le daoine a bhfuil malairt tuairimí acu, rud a chuirfidh le leithlisiú leanúnach agus a chuirfidh an próiseas síochána i mbaol mura dtugtar a dhúshlán;
- Idirghabhálacha um cheartas pobail a rannchuideoidh le cothú síochána agus le dea-chaidreamh; agus
- Tionscadail a théann i ngleic le dúshláin a bhaineann le léiriú leochaileach cultúir agus ceiliúradh, as a leanfaidh rannpháirtíocht agus comhthuiscint thrasphobail.

## Íomhá Nua a Chruthú do Phobail

**Buiséad táscach: €60,000,000**

**Réimse Infheistíochta 1.4:** Sochaí níos comhtháite a chruthú trí bhíthin méadú ar an soláthar spásanna agus seirbhísí comhroinnte claochlaitheacha, a thacóidh le síocháin agus athmhuintearas a leabú.

Is clár claochlaitheach um chruthú íomhá nua é an **Clár um Íomhá Nua a Chruthú do Phobail**, lena gcruthófar spásanna comhroinnte suntasacha nua lena n-úsáid ag gach pobal; nó lena méadófar an úsáid chomhroinnte a mbaintear as saoráidí atá ann cheana féin. Mar thoradh air, ardófar an líon daoine aonair agus grúpaí a mbaineann úsáid as spásanna comhroinnte agus a ndéanann rochtain ar sheirbhísí comhroinnte.

Is ríthábhachtach pobail láidre, chomhtháite a chruthú le go leanfar den fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta i limistéar an Chláir. Tionchar ón choimhlint is ea an deighilt fhisiciúil agus shíceolaíoch, atá forleathan agus leanúnach, a chuireann srian ar ár sochaí. I gceantair áirithe, is teorainneacha fisiciúla nó dofheicthe a chruthaíonn an pointe leithlisithe, dá dtagraítear mar 'bhacainní comhéadain'.
Is iomaí duine a bhfuil saol an-leithscartha acu, agus iad ag cónaí, ag foghlaim, ag obair agus ag meascadh ina bpobail traidisiúnta féin. Faoin Chlár seo, déanfar infheistiú i dtionscnaimh chun daoine as cúlraí difriúla a thabhairt le chéile trí bhíthin spásanna agus seirbhísí comhroinnte a chruthú.

### Gníomhartha a dtacófar leo

Áireofar ar na cineálacha gníomhartha a dtacófar leo:

- Gníomhartha a chuirfidh ar chumas príomh-ionadaithe agus ceannairí as cúlraí difriúla comhoibriú agus tionscadail lena gcruthófar íomhá nua a chomhdhearadh ar bhonn trasteorann agus/nó trasphobail, as a leanfaidh claochlú mór san athghiniúint eacnamaíoch agus shóisialta;
- Gníomhartha a mbeidh mar thoradh orthu íomhá nua a chruthú do spásanna atá ann cheana féin, lena n-áirítear siombailí agus suaitheantais sheichteacha a bhaint chun méadú ar an úsáid chomhroinnte a spreagadh, agus chun torthaí suntasacha ó thaobh na síochána agus an athmhuintearais a bhaint amach don phobal ar fad;
- Saoráidí nua agus saoráidí a gcruthófar íomhá nua dóibh a fhorbairt, a dhéanfaidh freastal ar thionscadail fiontraíochta sóisialta agus nuálaíochta sóisialta a bheidh chun leasa an phobail mháguaird ar fad; is ceart saoráidí atá folamh de bharr Phaindéim Covid-19 a bheith san áireamh;
- Spásanna comhroinnte nua a fhorbairt a mbeidh tionchar claochlaitheach acu ar cheantair áitiúla agus a chumasóidh úsáid chomhroinnte ag grúpaí agus daoine aonair ó chúlraí éagsúla pobail, cultúir agus polaitiúla, go háirithe sna pobail sin ina raibh an tionchar is mó ag an choimhlint orthu agus ina bhfuil bochtaineacht, neamhionannas agus eisiamh sóisialta mar thoradh air sin;
- Saoráidí comhroinnte agus cláir chomhroinnte a fhorbairt a chuirfidh ar chumas daoine éagsúla agus daoine as gach glúin úsáid mhór agus leanúnach a bhaint astu ar bhonn trasteorann agus/nó trasphobail;
- Cláir a rachaidh i ngleic leis na leibhéil seicteachais agus ciníochais a chuireann cosc ar úsáid chomhroinnte a bhaint as spásanna agus ar rochtain ar sheirbhísí comhroinnte
- Cláir a thacóidh le húsáid leanúnach thrasphobail a bhaint as spásanna pobail nua agus iad sin ar cruthaíodh íomhá nua dóibh agus a éascóidh rochtain ar sheirbhísí comhroinnte. D'fhéadfadh raon leathan Réimsí Téamacha a bheith i gceist leis na cláir sin, lena n-áirítear leanaí agus daoine óga; sláinte agus folláine; sláinte agus folláine; fiontraíocht shóisialta; oideachas; ealaíona agus cultúr; turasóireacht agus oidhreacht; agus spórt agus fóillíocht.

## Téama 2:
## Claochlú agus Athghiniúint Eacnamaíoch a Sholáthar

**Buiséad táscach €143m**

Téann an tsíocháin agus an rathúnas lena chéile agus is réamhchoinníoll í an tsíocháin don fhás eacnamaíoch leanúnach. Tig leis an rathúnas a eascraíonn as geilleagar cobhsaí a bhíonn ag feabhsú, ina sheal féin, cuidiú leis an tsíocháin a chothú agus a leabú. Téann an choimhlint agus an tsíocháin i bhfeidhm ar an gheilleagar, agus téann an geilleagar i bhfeidhm orthu. Dá bharr sin, caithfidh forbairt eacnamaíoch i réigiúin iar-choimhlinte an méid sin a chur san áireamh agus, nuair is féidir, caithfear í a dhearadh chun síocháin agus athmhuintearas a threisiú.

Bíonn leibhéal íseal fiontraíochta agus nuálaíochta i Limistéar an Chláir, tríd is tríd. Mar thoradh air sin, bíonn níos mó post ar phá íseal ná mar a bhíonn ar phá ard, agus leibhéal dífhostaíochta níos airde, i gcomparáid le háiteanna eile.

Tá deis ann FBManna a spreagadh chun scálú a bhaint amach trí bhíthin bhraisliú agus chun nuáil a éascú, ar bhealach a chothóidh feidhmíocht i margadh iomaíoch a bhíonn ag athrú i gcónaí, fad a mhéadófar iomaíochas, táirgiúlacht agus leibhéil onnmhairithe.

Tá cultúr níos nuálaí á chothú ar feadh limistéar an Chláir. Tá deis ann cur leis an aistriú cultúir dearfach seo agus infheistiú i dtaighde ardleibhéil agus i dtionscnaimh nuálacha. Éascóidh sin comhpháirtíochtaí arna dtiomáint ag an tráchtáil a mbeidh baint ag na taighdeoirí is fearr i limistéar an Chláir agus ag cuideachtaí ar gach scála, ar bhealach a chuirfidh le fás eacnamaíochta suntasach.

Chun ár dtodhchaí eacnamaíoch a dhaingniú, beidh sé riachtanach measúnú a dhéanamh ar na bearnaí scileanna atá ag teacht chun cinn in earnálacha ardluacha, agus dul i ngleic leo ar bhonn an limistéir trasteorann, ar bhealach a fhéachfaidh chuige go seasfaidh limistéar an Chláir an aimsir agus a spreagfaidh soghluaisteacht saothair trasteorann.

Trí bhíthin Bhailte agus Sráidbhailte Cliste a chruthú, cuirfear le cur chuige cruthaithe faoi stiúir na nuálaíochta sóisialta, chun an leas is mó is féidir a bhaint as Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) chun torthaí sóisialta agus eacnamaíochta níos fearr a sholáthar ar feadh limistéar an Chláir, go háirithe i gceantair thuaithe.

Soláthraíonn an Téama seo an poitéinseal is fearr do thionscadail arna mbunú ar limistéir feidhme, i.e. lena n-áirítear comhpháirtithe ó lasmuigh de limistéar an Chláir.

## Téama 2: Claochlú agus Athghiniúint Eacnamaíoch a Sholáthar

### Forbairt agus Aistriú FBM

### Buiséad táscach: €20,000,000

**Réimse Infheistíochta 2.1:** Cur le fás agus iomaíochas inbhuanaithe FBManna, lena n-áirítear trí bhíthin infheistíochtaí táirgiúla.

Is gá tacaíocht straitéiseach struchtúrtha agus leanúnach a chur ar fáil don earnáil FBM i limistéar an Chláir, go háirithe do na heintitis sin a bhfuil ard-phoitéinseal fás agus onnmhairithe acu. Bíonn gnólachtaí a dhéanann nuáil agus comhoibriú níos táirgiúla agus is mó seans go mbeidh siad rannpháirteach san onnmhairiú agus go bhfostóidh siad daoine ardoilte.

Tógfaidh an **Clár um Fhorbairt agus Aistriú FBM** ar infheistíocht a rinneadh cheana féin chun tacú le FBManna: feidhmiú ar scála trí bhíthin chomhoibriú trasteorann; nuáil faoi stiúir an tráchtáil a dhéanamh; aistriú go héifeachtach le bheith rannpháirteach sa gheilleagar ciorclach ísealcharbóin; feabhsúcháin ar tháirgiúlacht a sholáthar nó aistriú chuig na huirlisí digitithe is déanaí; agus acmhainneacht a threisiú le bheith chomh rannpháirteach agus is féidir sa timpeallacht eacnamaíochta a bheidh ann i ndiaidh an Bhreatimeachta agus i ndiaidh COVID-19.

Cuimseofar tacaíochtaí atógála agus téarnaimh sainiúla faoin Chlár, do na hearnálacha is mó a raibh tionchar ag Paindéim Covid-19 orthu, lena n-áirítear, mar shampla, Turasóireacht. Is é an toradh a bheidh aige bunús FBManna níos láidre, níos nuálaí agus níos comhoibríche a fhorbairt ar feadh limistéar an Chláir, lena soláthrófar leibhéil níos airde táirgiúlachta, onnmhairí agus fostaíochta inbhuanaithe.

**Gníomhartha a dtacófar leo**

Áireofar ar na cineálacha gníomhartha a dtacófar leo:

- Measúnú mionsonraithe ar acmhainneacht FBManna agus clár meantóireachta chun acmhainneacht i spriocréimsí a mhéadú, lena n-áirítear: cleachtais forbartha inbhuanaithe; táirgí agus/nó próisis nua a fhorbairt; digitiú; agus pleanáil le haghaidh téarnaimh agus dul in oiriúint i ndiaidh COVID-19;
- Tionscadail thaighde agus nuálaíochta chomhoibríocha trasteorann i bpríomhréimsí, lena n-áirítear monaraíocht inbhuanaithe / ardmhonaraíocht, chun táirgí agus/nó próisis nua a fhorbairt, arna ndearadh chun iomaíochas a fheabhsú;
- Braislí trasteorann comhoibríocha a bheidh dírithe ar nuáil a chruthú agus a bhainistiú;
- Tionscadail chomhoibríocha trasteorann sa saol acadúil agus tráchtála; agus
- Tacaíocht a chruthú agus a bhainistiú chun líonraí i bpríomh-earnálacha fáis a scálú.

## Téama 2: Claochlú agus Athghiniúint Eacnamaíoch a Sholáthar

**Ciste um Dhúshlán Nuálaíochta**

**Buiséad táscach: €58,000,000**

**Réimse Infheistíochta 2.2:** Acmhainneachtaí taighde agus nuálaíochta agus an glacadh le hardteicneolaíochtaí a fhorbairt agus a fheabhsú ar bhealach a sholáthróidh an athghiniúint agus an claochlú eacnamaíochta is mó agus is féidir.

Tá infheistiú sa nuáil chomhoibríoch ríthábhachtach d'fhorbairt eacnamaíochta limistéar an Chláir. Tacóidh an **Ciste um Dhúshlán Nuálaíochta** le taighde, forbairt agus nuáil ardleibhéil, a dhíreoidh ar an saol tráchtála, i bpríomh-earnálacha fáis i limistéar an Chláir. An toradh a bheidh air sin ná níos mó táirgiúlachta, leibhéil onnmhairithe níos airde agus fostaíocht inbhuanaithe. Soláthróidh sé tionscadail nuálaíochta an athraithe ollmhóra, as a leanfaidh tairbhe shóisialta agus eacnamaíoch fadtréimhseach, go háitiúil agus go náisiúnta.

Forbrófar éiceachórais láidre, fiontraíocha faoi stiúir na nuála mar thoradh ar infheistiú, éiceachórais a chuimseoidh comhpháirtíochtaí laistigh d'earnálacha sonracha, ina bhfuil poitéinseal maidir le buntáiste iomaíochta. Soláthróidh an Clár tacaíocht chomhlántach thábhachtach de na gnéithe Taighde agus Nuálaíochta a bhaineann le pleananna forbartha faoi stiúir áitiúil agus straitéisí ceantarbhunaithe, amhail gníomhaíochtaí a áirítear i bpleananna infheistíochta limistéar an Chláir, lena n-áirítear na *City and Growth Deals*, agus an Creat Náisiúnta Pleanála, lena bhféadfar comhoibriú eacnamaíochta trasteorann a sholáthar.

**Gníomhartha a dtacófar leo**

Áireofar ar na cineálacha gníomhartha a dtacófar leo:

- Taighde trasteorann ardleibhéil, tionscadail forbartha agus nuálaíochta, atá ábalta tráchtálacht a thaispeáint agus a rannchuideoidh le hearnálacha fáis i limistéar an Chláir, lena n-áirítear Eolaíocht na Beatha agus Eolaíocht na Sláinte; Fuinneamh In-athnuaite/Bithfhuinneamh; Ardmhonaraíocht; Agraibhia; Cibearshlándáil; agus Intleacht Shaorga;
- Tionscnaimh a thacóidh le cur i bhfeidhm ardteicneolaíochtaí ar feadh réimsí earnála eile, lena n-áirítear forbairt ar mhoil ardteicneolaíochta a chabhróidh le fiontair ar gach scála táirgí agus/nó próisis nua a fhorbairt;
- Saoráidí scálaithe i limistéar an Chláir a chuimseoidh spás taighde agus goir, saoráidí digiteacha a fhreastalóidh ar bhraisliú faoi stiúir na nuála i bpríomh-earnálacha; agus
- Tionscnaimh bunaithe ar STEM a chuirfidh deiseanna ar fáil do dhaoine óga as ceantair faoi mhíbhuntáiste, nach bhfuil san oideachas príomhshrutha, a bheith rannpháirteach san earnáil Taighde agus Nuálaíochta.

## Téama 2: Claochlú agus Athghiniúint Eacnamaíoch a Sholáthar

**Forbairt Scileanna i Limistéar an Chláir**

**Buiséad táscach: €35,000,000**

**Réimse Infheistíochta 2.3:** Scileanna a fhorbairt le haghaidh speisialú cliste, aistriú tionsclaíoch agus fiontraíocht.

**Forbairt Scileanna i Limistéar an Chláir -** tacófar le cuir chuige cheantarbhunaithe, arna ndearadh chun dul i ngleic le bearnaí i bpríomhscileanna, as a leanfaidh méadú ar tháirgiúlacht agus ar fhostaíocht agus leibhéal níos airde soghluaisteachta trasteorann. Leis an Chlár, cumasófar comhoibriú trasphobail agus trasteorann idir eagraíochtaí oideachais agus oiliúna, rud a laghdóidh dúbláil agus a uasmhéadóidh an acmhainneacht chun dul i ngleic leis na bearnaí scileanna atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn. Cuimseofar deiseanna d'uas-sciliú, ath-sciliú, oiliúint agus socrúcháin oibre.

Cuimseofar forbairt scileanna pobail sa Chlár fosta, le béim ar iad sin a rannchuideoidh le síocháin agus athmhuintearas níos fearr. Ina measc beidh tacaíocht do chumasóirí an gheilleagair shóisialta/na nuálaíochta. Díreoidh na cláir sin ar na daoine imeallaithe agus tearc-ionadaíochta inár sochaí.

**Gníomhartha a dtacófar leo**

Áireofar ar na cineálacha gníomhartha a dtacófar leo:

- Cláir lena gcuirfear ar chumas braislí trasphobail agus trasteorann freagairt do na bearnaí scileanna agus do riachtanais fo-réigiúnacha (lena n-áirítear uas-sciliú trí fhoghlaim ar feadh an tsaoil);
- Cláir lena soláthrófar an líon is mó is féidir de chláir trasteorann arna gcur ar fáil ag soláthróirí ardoideachais agus breisoideachais, chun dúbláil acmhainní a íoslaghdú;
- Comhdhámhachtainí oideachais a fhorbairt agus a sholáthar, á riar ag comhpháirtíochtaí trasteorann nuair is féidir sin, chun dúbláil sa soláthar oideachais a íoslaghdú agus chun ailíniú le hoideachas fianaisebhunaithe a chinntiú chun dul i ngleic le bearnaí scileanna sainaitheanta;
- Tacaíocht chun dul i ngleic leis na bacainní ar rannpháirtíocht i gcláir forbartha scileanna, go háirithe ag grúpaí imeallaithe agus faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear: inacmhainneacht; cúram leanaí agus freagrachtaí cúraim; scileanna teanga; rochtain do dhaoine faoi mhíchumas. Is ceart cláir a dhearadh chun coinníollacha oibre agus ionchais fostaíochta grúpaí mionlaigh a fheabhsú;
- Taighde ar riachtanais scileanna mheántéarmacha i limistéar an Chláir, go háirithe maidir le tionchar eacnamaíochta an Bhreatimeachta agus Phaindéim Covid-19;
- Straitéisí trasphobail agus trasteorann a fhorbairt, iad dírithe ar laghdú riosca in earnálacha fostaíochta atá faoi réir cailleadh post tríd an fhorbairt teicneolaíochta, lena n-áirítear nuáil agus fiontraíocht a fhorbairt i limistéar an Chláir;
- Mol taighde scileanna uile-oileánda a fhorbairt; agus
- Sinéirgí a shainaithint agus deiseanna foghlama comhroinnte ó bheartais scileanna, oideachais agus oiliúna i réimsí amhail scileanna digiteacha, printíseachtaí, taighde agus nuálaíocht laistigh de chontaetha teorann na hÉireann, rud a spreagfaidh samhlacha nua comhoibrithe agus soláthar trasteorann.

## Bailte agus Sráidbhailte Cliste

## Buiséad táscach: €30,000,000

**Réimse Infheistíochta 2.4:** Tairbhe a bhaint as digitiú do shaoránaigh, do chuideachtaí, d'eagraíochtaí taighde agus d'údaráis phoiblí.

Leis an **Chlár Bailte agus Sráidbhailte Cliste** cuirfear rochtain níos fearr ar theileachumarsáid, agus eolas fúithi, ar fáil. Glacfar le cur chuige ceantarbhunaithe maidir le Bailte agus Sráidbhailte Cliste a chruthú. Leis an tsamhail chruthaithe sin, baintear úsáid as cur chuige faoi stiúir na nuála sóisialta chun an leas is mó is féidir a bhaint as poitéinseal na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) d'fhonn torthaí sóisialta agus eacnamaíochta níos fearr a sholáthar i sprioclimistéir, go háirithe cinn thuaithe. Cuirfear bearta san áireamh sa Chlár chun spásanna folmha agus saoráidí i lár bhailte agus sráidbhailte a chlaochlú le go dtig le saoránaigh iad a úsáid chun críche caithimh aimsire agus sóisialta.

Tacóidh an Clár PEACE PLUS le Bailte agus Sráidbhailte Cliste a fhorbairt ar bhun braislí ceantair, agus beidh comhoibriú mór trasphobail agus trasteorann mar thoradh air sin. Leis an chur chuige sin, leathnófar tionchar agus buntáistí na réiteach teicneolaíochta gaolmhara a bheidh bunaithe ar nuáil shóisialta. Tiocfaidh lánpháirtiú níos mó as fosta, agus cruthófar pobail níos comhtháite. In 2021, ullmhóidh an CCSAE treochlár de na limistéir ina bhféadfar an tionchar is mó a bhaint amach ón infheistíocht bheartaithe seo.

### Gníomhartha a dtacófar leo

Áireofar ar na cineálacha gníomhartha a dtacófar leo:

- Ard-moil dhigitithe shoghluaiste a dhearadh agus a fhorbairt, chun an raon deiseanna is leithne agus is féidir a chinntiú ó thaobh rochtain dhigiteach, le haghaidh saoránaigh faoin tuath ach go háirithe;
- Cláir mheantóireachta digití a dhearadh agus a sholáthar trí bhíthin na mol digiteach beartaithe, go háirithe i ngnólachtaí tuaithe agus i bpobail thuaithe, chun scileanna digiteacha/eolas digiteach a mhéadú agus dá bharr sin, deiseanna a chur ar fáil do níos mó idirghníomhú sóisialta agus níos lú scoiteachta;
- Braislí digiteacha a fhorbairt chun an chianobair a mhéadú agus dá bharr sin, an gá do shaoránaigh lena bpobal a fhágáil agus achair fhada a thaisteal chun na hoibre a laghdú;
- Tionscadail a fhorbairt a chuideoidh leis na sócmhainní atá ann cheana féin i lár bailte agus sráidbhailte a chlaochlú le go dtig le saoránaigh iad a úsáid chun críche caithimh aimsire agus sóisialta; agus
- Tionscadail faoi stiúir na fiontraíochta sóisialta /na nuála a fhorbairt, agus iad deartha chun ardteicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a chur i bhfeidhm chun samhlacha nua de sheirbhís shóisialta agus d'fhorbairt eacnamaíochta a chruthú.

## Téama 3: Infheistiú i nDaoine Óga agus iad a Chumhachtú

### Buiséad táscach €110m

Is ríthábhachtach infheistiú inár ndaoine óga agus is riachtanach é chun síocháin agus rathúnas a chinntiú go fadtéarmach i limistéar an Chláir. Cé nach bhfuil thaithí dhíreach ag an nglúin reatha de dhaoine óga ar an choimhlint a mhéad is a bhí ag a dtuismitheoirí agus ag a seantuismitheoirí, maireann siad le tionchar na coimhlinte. Bíonn tionchar ar go leor réimsí dá saol. D’fhás go leor díobh aníos i gceantair ina féiniúlacht aonair sa tromlach agus d’fhreastail siad ar scoileanna féiniúlachta aonair. Is é an toradh ar an dá chúinse sin, deiseanna teoranta, nó gan deiseanna ar bith caidreamh a chothú le daoine as cúlraí difriúla pobail, cultúir agus polaitiúla. Is minic a chothaigh sin eagla agus mímhuinín dár ndaoine óga. D’fhás líon mór díobh aníos i limistéir faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, a bhfuil tearc-infheistíocht déanta iontu mar thoradh díreach ar an choimhlint. In go leor cásanna, chuir sin le gnóthachtáil oideachais níos ísle agus éagumas a bheith rannpháirteach i margadh éagsúil an tsaothair, rud a chuirfeadh feabhas ar a gcúinsí saoil, fad a gcuideofaí le síocháin agus athmhuintearas. Ach tógáil ar thaithí agus ar shaineolas atá ann cheana féin san Earnáil Oideachais Lánpháirtithe, beifear in ann dul chun cinn éifeachtach a dhéanamh ar an obair ar son na síochána agus an athmhuintearais i suíomhanna réamhscoile, bunscoile, iarbhunscoile agus óige, ar bhonn trasteorann.

Tá deis ann tógáil ar an taithí a fuarthas ón Chlár reatha PEACE IV Oideachas Comhroinnte a sholáthar, chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí reatha trasphobail agus trasteorann idir scoileanna agus chun freastal ar an éileamh ó na scoileanna sin agus ó shuíomhanna eile nach bhfuil rannpháirteach fós. Lena chur ar chumas daoine óga as gach áit a bheith rannpháirteach san fhoghlaim chomhroinnte, is ceart an deis chun páirt a ghlacadh i gcláir oideachais chomhroinnte neamh-churaclaim a thabhairt d’eagraíochtaí óige, lena n-áirítear ar bhonn trasteorann.

Tá poitéinseal ann tógáil ar an Chlár reatha PEACE4Youth chun cumas daoine óga faoi mhíbhuntáiste agus imeallaithe i limistéar an Chláir a fhorbairt. D’áireofaí air sin daoine óga as na limistéir is mó a bhfuil tionchar na coimhlinte orthu. Is ceart don infheistíocht ghaolmhar tógáil ar an tsamhail reatha agus béim bhreise a chur ar dhul i ngleic le bacainní ar an rannpháirtíocht, amhail freagrachtaí cúraim, iompar agus tacaíocht teanga.

Tá deis ann tógáil ar shamhlacha reatha de thacaíocht don mheabhairshláinte lena gcuirtear gníomhaíochtaí luath-choisc agus téarnaimh ar fáil, ar bhealach inrochtana agus aois oiriúnach, agus ar bhonn trasteorann. An toradh a bheidh air sin, líon níos airde daoine óga a bheidh teacht aniar iontu agus an cumas smacht a bheith acu ar a saol féin agus rannchuidiú go dearfach lena bpobal.

## TÉAMA 3: INFHEISTIÚ I nDAOINE ÓGA AGUS IAD A CHUMHACHTÚ

**An Clár Oideachais Chomhroinnte um Fhoghlaim le Chéile**

**Buiséad táscach: €45,000,000**

**Réimse Infheistíochta 3.1:** Teagmháil dhíreach, leanúnach idir leanaí ó gach cúlra a sholáthar trí bhíthin chomhoibriú idir suíomhanna luathóige, scoileanna agus eagraíochtaí óige, chun dea-chaidreamh a chur chun cinn agus chun scileanna leanaí rannchuidiú le sochaí chomhtháite a fheabhsú.

Tógann dearadh an **Chláir Oideachais Chomhroinnte um Fhoghlaim le Chéile** ar an fhoghlaim agus ar an taithí a fuarthas ó Chlár Oideachais Chomhroinnte PEACE IV. Cumasófar leis na caidrimh oideachais chomhroinnte atá ann cheana féin a fhorbairt go leanúnach, fad a chinnteofar rannpháirtíocht na suíomhanna luathóige, na scoileanna agus na n-eagraíochtaí óige nár ghlac páirt sa Chlár fós. Éascófar oideachas le chéile a chur ar dhaoine a bhfuil creidimh éagsúla acu, lena n-áirítear líon réasúnta leanaí agus daoine óga ar Protastúnaigh agus ar Caitlicigh iad; daoine atá faoi dhíothacht shocheacnamaíoch agus daoine nach bhfuil; arna chinntiú ag obair i gcomhar agus comhoibriú idir dhá sholáthróir oideachais ábhartha nó níos mó. Cuimseofar bonn rannpháirtithe níos leithne sa Chlár, chun an pobal scoile níos leithne agus scoileanna in áiteanna eile in Éirinn a chur san áireamh, le go gcuirfidh rannpháirtíocht le tuilleadh uilechuimsitheachta sóisialta agus lena gcuirfear feabhas ar thaithí agus ar fhoghlaim na rannpháirtithe. Tacófar le hoiliúint i síocháin agus athmhuintearas agus le forbairt iontu san Oideachas, chun éiteas lánpháirtithe a chothú go sonrach. Tacóidh sin le comhtháiteacht phobail, le deiseanna oideachais níos fearr do chách agus le forbairt ghairmiúil chomhroinnte a sholáthar. Tacóidh sé fosta le cláir Foghlaim le Chéile Chomhroinnte i measc daoine óga, arna soláthar ag eagraíochtaí san earnáil óige, lena n-éascófar comhpháirtíochtaí trasphobail agus trasteorann.

**Gníomhartha a dtacófar leo**

Áireofar ar na cineálacha gníomhartha a dtacófar leo:

- Cláir Foghlaim le Chéile Chomhroinnte i suíomhanna luathóige, lena gcuimseofar prionsabail na samhla 'Ag Comhroinnt ón Tús' agus lena gcuirfear béim ar an teaghlach níos leithne;
- Cláir Foghlaim le Chéile Chomhroinnte in earnáil an oideachais fhoirmiúil, lena bhféachfar leis an líon scoileanna a bhíonn rannpháirteach san oideachas comhroinnte a ardú, chomh maith le fiosrú a dhéanamh ar bhealaí chun tacaíocht do roinnt scoileanna atá rannpháirteach san oideachas comhroinnte a choinneáil ar bun. Agus aird ar na buntáistí oideachais follasacha, méadú ar an uilechuimsitheacht shóisialta agus rannchuidiú le caidreamh pobail níos fearr ar feadh limistéar an Chláir, cuirfidh gníomhartha deiseanna comhoibrithe ar fáil don Roinn Oideachais agus Scileanna agus do shuíomhanna oideachais eile faoi mhíbhuntáiste i limistéir lasmuigh de chontaetha teorann na hÉireann, chomh maith le scoileanna i dTuaisceart Éireann a bhfuil an *Extended Schools Programme* i bhfeidhm iontu;
- Cláir a chuideoidh le deireadh a chur leis an timthriall míbhuntáiste oideachais trí bhíthin tacú le tionscnaimh ghaolmhara a théann i ngleic le riachtanais foghlama bhreise dhaltaí atá i mbaol tearcghnóthachtála, lena n-áirítear uas-sciliú do thuismitheoirí le go mbeidh ról níos gníomhaí acu i bhforbairt agus in oideachas a leanaí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí foghlama digiteacha;
- Cuir chuige dhigiteacha a chuirfidh le forbairt agus inbhuanaitheacht chomhpháirtíochtaí oideachais chomhroinnte, lena n-áirítear iad den chineál trasteorann;
- Cláir ardú feasachta ina dtabharfar achoimre ar bhuntáistí an oideachais chomhroinnte agus chomhtháite;
- Cláir Foghlaim le Chéile Chomhroinnte i measc daoine óga a fhorbairt agus a sholáthar san earnáil oideachais neamhfhoirmiúil, arna soláthar ag eagraíochtaí san earnáil óige, lena n-éascófar comhpháirtíochtaí óige-bhunaithe ar bhonn trasphobail agus/nó trasteorann. Is ceart go

## TÉAMA 3: INFHEISTIÚ I nDAOINE ÓGA AGUS IAD A CHUMHACHTÚ

mbeadh gníomhaíochtaí a ardaíonn feasacht ar an chultúr san áireamh sna cuir chuige óige-bhunaithe, neamh-churaclaim seo arna ndearadh ag daoine óga agus ag oibrithe don aos óg, agus is ceart do soláthródh siad deis teagmháil shuntasach agus leanúnach a dhéanamh, lena n-áirítear cláir mhalairte thrasteorann a fhorbairt;

- Cláir lena bhforbrófar acmhainneacht na hoibre don aos óg ar bhonn trasteorann lena n-áireofar caidrimh idir oibrithe don aos óg ar feadh limistéar an Chláir a fheabhsú; agus
- Tionscnaimh chomhoibríocha a chuirfidh ar chumas pháirtithe leasmhara as na hearnálacha oideachais ar fad tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chuir chuige ar an fhoghlaim chomhroinnte, chun leasa daoine óg ar feadh limistéar an Chláir.



## TÉAMA 3: INFHEISTIÚ I nDAOINE ÓGA AGUS IAD A CHUMHACHTÚ

### Clár PEACE PLUS don Óige

### Buiséad táscach: €45,000,000

**Réimse Infheistíochta 3.2:** Cur le cumas leanaí agus daoine óga chun caidrimh éifeachtacha agus dearfacha a chruthú le daoine as cúlra difriúil, chun a muinín agus a bpoitéinseal don todhchaí a fheabhsú agus chun rannchuidiú le sochaí níos comhtháite a chruthú.

Is clár forbartha cumais spriocdhírithe é **Clár PEACE PLUS don Óige** do dhaoine óga 14-24 bliana d’aois, atá faoi mhíbhuntáiste, eisithe nó imeallaithe, a bhfuil dianriachtanais shóisialta agus mhothúchánacha acu agus atá i mbaol a bheith rannpháirteach in iompar frithshóisialta, i bhforéigean nó i ngníomhaíocht pharaimíleata. Tá an Clár bunaithe ar thorthaí i roinnt príomhréimse, lena n-áirítear dea-chaidreamh, forbairt phearsanta, saoránacht agus infhostaitheacht.

Faoin Chlár PEACE PLUS don Óige, a chuireann leis an Chlár rathúil Peace4Youth, cuirfear níos mó béime ar infhostaitheacht na rannpháirtithe a fheabhsú agus ar ghníomhaíochtaí a chuimsiú chun a bpoitéinseal fiontraíochta agus/nó fiontraíochta sóisialta a fhorbairt. Tá tábhacht faoi leith aige sin i bhfianaise an mhéid tionchair a bheidh ag Paindéim Covid-19 ar dhaoine óga. Is éard a bheidh i gceist, dul i ngleic leis na príomh-bhacainní ar shoghluaisteacht shóisialta agus eacnamaíochta níos fearr a bheith á mbaint amach ag an duine óg, lena n-áirítear dearcadh an duine óig ar a gcumas agus ar a phoitéinseal féin. Príomh-aidhm leis an Chlár a bheidh i méadú a chur ar chumas, muinín, uaillmhian agus gnóthachtáil gach duine óg a bheidh rannpháirteach ann.

Tugtar ar aird go gcuirfear na socruithe comhordúcháin i bhfeidhm chun tacú le cáilíocht agus le comhtháiteacht na gné seo den Chlár.

### Gníomhartha a dtacófar leo

Áireofar ar na cineálacha gníomhartha a dtacófar leo:

- Cláir spriocdhírithe do dhaoine óga, ina n-úsáidfear meáin éagsúla chun samhail idirghabhála an Chláir PEACE PLUS don Óige a sholáthar, lena n-áireofar:
  - Meantóireacht bunaithe ar an chroí-chaidreamh tábhachtach, lena gcuimseofar an cur chuige “duine fásta maith amháin”;
  - Tionscadail um ghníomhú sóisialta lena n-áirítear iad sin a bhaineann le hobair dheonach;
  - Cuairteanna agus malartú cultúir;
  - Gníomhaíochtaí spóirt/coirp (eachtraíocht/ gníomhaíochtaí allamuigh);
  - Tionscnaimh a bhaineann leis an chomhshaol, lena n-áirítear socrúcháin oibre, seisiúin chun eolas a chur ar an obair agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le saol na hoibre;
  - Tionscnaimh a chuireann ar chumas daoine óga leas a bhaint as a scileanna fiontraíochta agus foghlaim faoin gheilleagar sóisialta mar chonair chun na fostaíochta;
  - Gearrchúrsaí as a leanann cáilíochtaí (lena n-áirítear cúrsaí bunscileanna, forbairt phearsanta, infhostaitheacht, dea-chaidreamh agus saoránacht, agus cáilíochtaí i réimsí amhail Garchabhair, Sláinteachas Bia nó Sláinte agus Sábháilteacht, a bheidh áisiúil agus an duine ag cuardach oibre); agus
  - Idirghabháil níos luaithe i.e. 14-16 bliana d’aois, i gcásanna ina bhféadfaí dícheangal luath ón oideachas a chosc agus ina gcuirfí leis an soláthar príomhshrutha.

# TÉAMA 3: INFHEISTIÚ I nDAOINE ÓGA AGUS IAD A CHUMHACHTÚ

## Meabhairshláinte & Folláine don Óige

**Buiséad táscach: €20,000,000**

**Réimse Infheistíochta 3.3:** Cur le cumas leanaí agus daoine óga chun caidrimh éifeachtacha agus dearfacha a chruthú le daoine as cúlra difriúil, chun a muinín agus a bpoitéinseal don todhchaí a fheabhsú agus chun rannchuidiú le sochaí níos comhtháite a chruthú.

Tá tionchar na coimhlinte le brath in go leor pobal i limistéar an Chláir.
Tugann fianaise le tuiscint go léiríonn leanaí a fhásann aníos i limistéir ina bhfuil coimhlint leibhéil níos airde de dhrochshláinte meabhrach agus d'iompar frithshóisialta.
Trí thráma a bheith á cur ar aghaidh ó ghlúin go glúin, leanann tionchar na coimhlinte d'éifeacht a bheith aige ar mheabhairshláinte agus folláine daoine óga. Tig leis sin cur isteach ar a gcumas a bheith rannpháirteach san oideachas, a mbíonn tearcghnóthachtáil agus srian ar a ndeiseanna fostaíochta mar thoradh air, agus dá bharr sin, srian ar a gcumas idirghníomhú le daoine as cúlraí difriúla pobail, cultúir agus polaitiúla.

Leis an **Chlár Meabhairshláinte agus Folláine don Óige,** tabharfar tacaíocht do ghníomhaíocht bhreise neamhfhoirmiúil trí bhíthin chláir thrasphobail agus thrasteorann don óige, ina gcuirfear béim ar dhea-mheabhairshláinte agus folláine don óige a chothú, ar an tuiscint atá ag daoine óga agus ag cleachtóirí óige ar thacaíochtaí do mheabhairshláinte agus folláine don óige agus ar an soláthar ina leith, agus ar dhea-chleachtas a roinnt chun idirghabhálacha gaolmhara a fheabhsú. Sa bhreis ar an meabhairshláinte, cuirfear béim ar fholláine shóisialta, mhothúchánach agus chomhshaoil daoine óga agus ar a gcumas a fhorbairt, sna tionscadail a dtacófar leo. Déanfaidh an Clár rannchuidiú mór i dtreo na síochána agus an athmhuintearais trí bhíthin teacht aniar mothúchánach níos fearr ag ár ndaoine óga.

### Gníomhartha a dtacófar leo

Áireofar ar na cineálacha gníomhartha a dtacófar leo:

- Samhlacha rathúla neamhfhoirmiúla um meabhairshláinte agus folláine don óige a leathnú amach ar bhonn trasphobail agus trasteorann;
- Cláir lena dtabharfar deiseanna do dhaoine óga rannchuidiú bríoch a dhéanamh le dearadh tionscadal, lena n-áirítear grúpaí comhairleacha don óige a chruthú;
- Cláir lena gcuimseofar cuir chuige nuálacha ar an tsamhail chruthaithe faoi stiúir meantóirí agus lena n-éascófar tacaíocht le meantóireacht piaraí;
- Cláir lena gcuimseofar úsáid nuálach a bhaint as acmhainní digiteacha, lena n-áirítear ardáin na meán sóisialta, feidhmchláir agus podchraoltaí;
- Oiliúint do phríomh-oibrithe don aos óg, lena bhfeabhsófar a gcumas tacaíocht níos fearr a thabhairt do theacht aniar agus dea-chaidreamh i measc leanaí agus daoine óga;
- Cláir lena gcuimseofar cuir chuige nuálacha ar oideachas agus ar fhorbairt a dhíríonn ar mheabhairshláinte agus folláine don óige;
- Cláir cheannaireachta don óige a dhíreoidh ar shíocháin agus athmhuintearas; agus
- Cláir a dtabharfaidh an mhuinín do dhaoine óga chun folláine ina bpobail a fheabhsú agus chun gníomhú mar ghníomhairí an athraithe, agus síocháin a chothú do na glúnta atá le teacht.

## Téama 4: Pobail Sláintiúla agus Uilechuimsitheacha

### Buiséad táscach €155m

Is dúshlán do gach Rialtas é leibhéil leordhóthanacha de chúram sláinte agus sóisialta uilechuimsitheach a sholáthar faoi shrianta eacnamaíochta. Tá léirithe ag taighde go dtig le cúinsí sóisialta, eacnamaíochta agus comhshaoil tionchar a imirt ar thorthaí sláinte daoine. Dá bharr sin, tig le neamhionannais sláinte teacht chun cinn nuair a chruthaíonn na cúinsí thuas luaite sin torthaí sláinte neamhionanna do ghrúpaí sóisialta éagsúla. Tá aird tarraingthe ag COVID-19 ar an drochthionchar a bhíonn ag neamhionannais sláinte. Tá forbairt nach beag déanta ar an soláthar cúraim sláinte chomhoibríoch trasteorann le blianta beaga anuas, cuid mhór de arna mhaoiniú ag an Chlár INTERREG. Tá socrúcháin curtha ar bun anois chun sainseirbhísí cúraim sláinte trasteorann a sholáthar idir an Roinn Sláinte i dTuaisceart Éireann agus an Roinn Sláinte i mBaile Átha Cliath. Leis an Chlár PEACE PLUS, cuirtear deis ar fáil chun tógáil ar an obair sin agus í a leathnú amach i limistéir eile a bheadh oiriúnach don chomhoibriú trasphobail agus trasteorann.

Tá láidreachtaí suntasacha ag ár bpobail thuaithe ach tá dúshláin mhóra rompu fosta, a thig neamhionannais a bheith mar thoradh orthu, lena n-áirítear rochtain ar sholáthar cúraim sláinte. Leis an Chlár PEACE PLUS, cuirtear deis ar fáil chun samhail a bheadh bunaithe ar láidreachtaí a fhorbairt, a chuirfeadh ar chumas phobail thuaithe a lánacmhainneacht a bhaint amach agus a ndéanfaí iad a chumhachtú chun déanamh amhlaidh. Rannchuideoidh infheistiú le pobail thuaithe rathúla a chothú agus buntáistí móra sóisialta, eacnamaíochta agus comhshaoil a sholáthar.

Is tábhachtach go dtabharfaí aitheantas agus tacaíocht d'íospartaigh agus do mharthanóirí na Coimhlinte. Tá infheistiú déanta ag an Chlár PEACE roimhe seo i gcláir a chuir bonn fianaise ar fáil chun na hidirghabhálacha agus an tacaíocht is ábhartha a shainaithint. Leis an Chlár PEACE PLUS, tógfar ar an soláthar tacaíochtaí sláinte agus folláine agus cláir forbartha cumas a bheidh bunaithe ar theacht aniar.

## TÉAMA 4: POBAIL SLÁINTIÚLA AGUS UILECHUIMSITHEACHA

**Cúram Sláinte agus Sóisialta Comhoibríoch**

**Buiséad táscach: €80,000,000**

**Réimse Infheistíochta 4.1:** Rochtain chothrom ar chúram sláinte a chinntiú agus teacht aniar na gcóras sláinte a chothú, lena n-áirítear cúram príomhúil, agus an t-aistriú ó chúram institiúide go dtí cúram bunaithe ar an teaghlach agus ar an phobal a chur chun cinn.

Is réimse é cúram sláinte agus sóisialta ina gcruthaítear go soláthraíonn cuir chuige trasteorann chomhoibríocha buntáistí móra don saoránach agus do limistéar an Chláir. Leis an **Chlár um Chúram Sláinte agus Sóisialta Comhoibríoch,** tógfar ar chuir chuige thrasphobail agus thrasteorann chomhoibríocha atá ann cheana féin, agus ar chinn nua, maidir le samhlacha soláthair don chúram sláinte agus sóisialta (i réimsí cóireála sonraithe), chun líon níos airde babhtaí cúraim a sholáthar. Tabharfar tacaíocht chun idirghabhálacha cúraim sláinte nuálacha, pobalbhunaithe a fhorbairt, a chuirfidh leis an soláthar reachtúil (lena n-áirítear samhlacha fiontraíochta sóisialta). Tharraing Paindéim Covid-19 aird ar an phoitéinseal atá ag teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide chun claochlú a chur ar sheirbhísí cúraim sláinte agus chun neamhionannais a laghdú. Leis an Chlár, tabharfar tacaíocht do bhreis feabhsúcháin sa réimse sin agus féachfar le dul i ngleic leis an tionchar níos fadtéarmaí a bheidh ag COVID-19 ar an soláthar cúraim sláinte ar feadh limistéar an Chláir. Cuirfidh sin feabhas ar shláinte agus ar fholláine na ndaoine a chónaíonn i limistéar an Chláir, trína chur ar a gcumas rochtain a fháil ar sheirbhísí cúraim sláinte agus sóisialta ardcháilíochta sa suíomh is fearr a oireann dá riachtanas. Beidh mar thoradh air, earnáil cúraim sláinte agus sóisialta níos athléimní, a rannchuideoidh le sláinte agus folláine níos fearr don daonra agus níos lú neamhionannas sláinte.

**Gníomhartha a dtacófar leo**

Áireofar ar na cineálacha gníomhartha a dtacófar leo:

- Tionscnaimh a bheidh deartha chun cuir chuige thrasteorann ar an soláthar seirbhísí cúraim sláinte agus sóisialta a chur ar fáil, sna réimsí cliniciúla arna sainaithint mar na cinn is oiriúnaí do shamhlacha soláthair seirbhísí trasteorann;
- Trialacha a fhorbairt d'idirghabhálacha cúraim sláinte trasteorann;
- Cur chuige a dhíríonn ar chomhionannas sóisialta a fhorbairt chun uilechuimsitheacht shóisialta, saoránacht agus torthaí saoil níos fearr do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil riachtanais chasta acu a chur chun cinn;
- Seirbhísí tacaíochta agus comhoibrithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar bhonn trasteorann, le haghaidh eagraíochtaí pobail agus deonacha a bhfuil baint acu le seirbhísí cúraim sláinte agus sóisialta a sholáthar ina bpobail féin;
- Seirbhísí cúraim phríomhúil agus seirbhísí do dhaoine scothaosta, lena dtabharfar tacaíocht do phobail chomhbhácha agus don mhaireachtáil neamhspleách;
- Tionscnaimh a fhorbairt agus a sholáthar a bheidh deartha chun dul i ngleic le Tráma na dTrioblóidí ar Mheabhairshláinte agus ar Fholláine saoránach agus pobal, trí bhíthin shamhail thrasphobail agus thrasteorann a ghlacadh a bheidh bunaithe ar láidreachtaí, maidir le téarnamh agus teacht aniar meabhrach agus mothúchánach; agus a mbeidh forbairt clár agus saoráidí cóireála andúile mar chuid díobh;
- Tionscnaimh lena gcumasófar idirghabháil luath údarásach i dteaghlaigh leochaileacha;
- Samhlacha nua oibre a fhorbairt agus a sholáthar, i sruthanna cúraim sceidealaithe agus neamhsceidealaithe, ach úsáid níos fearr a bhaint as acmhainní fisiciúla, airgeadais agus daonna atá gann; agus
- Idirghabhálacha oiliúna agus forbartha trasteorann do ghairmithe cúraim sláinte, do ghairmithe cúraim shóisialta agus do phearsanra in eagraíochtaí pobail agus deonacha a phléann le soláthar seirbhísí tacaíochta cúraim sláinte agus shóisialta trasteorann.

## TÉAMA 4: POBAIL SLÁINTIÚLA AGUS UILECHUIMSITHEACHA

**Athghiniúint Thuaithe agus Uilechuimsitheacht shóisialta**

**Buiséad táscach: €50,000,000**

**Réimse Infheistíochta 4.2:** Sochaí níos comhtháite a chruthú trí bhíthin méadú ar an soláthar spásanna pobail, príomhsheirbhísí agus tacaíochtaí i limistéir thuaithe.

Tá láidreachtaí suntasacha ag ár bpobail, lena n-áirítear ardleibhéil fiontraíochta, gnóthachtála oideachais agus caipitil shóisialta, chomh maith le sócmhainní nádúrtha oidhreachta agus comhshaoil. Mar sin féin, tá dúshláin faoi leith roimh phobail thuaithe, lena n-áirítear leibhéil scoiteachta níos airde agus níos lú rochtana ar phríomhsheirbhísí amhail sláinte agus iompar. Bíonn tionchar aige sin ar an saoránach tuaithe i ngach céim dá shaol agus tig leis tionchar a imirt ar dheiseanna sláinte agus folláine, agus mar sin éagothroime a chruthú idir limistéir uirbeacha agus thuaithe. Is gá infheistíocht straitéiseach a chur ar fáil, lena gcúiteofar an éagothroime sin agus lena dtabharfar deis do phobail an rath agus a lánacmhainneacht a bhaint amach trí bhíthin réitigh a dhíríonn ar shláinte agus ar fholláine.

Leis an **Chlár um Athghiniúint Thuaithe agus Uilechuimsitheacht Shóisialta,** tabharfar tacaíocht do thionscadail shóisialta, eacnamaíochta agus chomhshaoil a rannchuideoidh le hathghiniúint inbhuanaithe, le huilechuimsitheacht shóisialta agus le pobail sláintiúla agus rathúla a chruthú i limistéir thuaithe. Ach cur chuige a bheidh bunaithe ar láidreachtaí a ghlacadh, rannchuideoidh an Clár le sochaí níos cothroime a chruthú, ina mbeidh rath ar ár bpobail thuaithe.

**Gníomhartha a dtacófar leo**

Áireofar ar na cineálacha gníomhartha a dtacófar leo:

- Acmhainní daonna a úsáid chun cuir chuige chomhoibríocha (trasphobail agus trasteorann) a chomhordú; dul chun cinn a dhéanamh ar phríomhthionscadail straitéiseacha; agus croí-sheirbhísí pobail a sholáthar, lena n-áirítear na cinn a bhaineann le sláinte agus folláine, thar theorainneacha ainmnithe i limistéir thuaithe;
- Saoráidí láraithe a fhorbairt chun tacú le soláthar príomhsheirbhísí tacaíochta teaghlaigh, ón luathóige go dtí daoine scothaosta, i suíomh a éascóidh leibhéal níos airde de theagmháil phobail thrasteorann;
- Acmhainní a úsáid chun tacú le héagsúlú san Earnáil Talmhaíochta agus feirmeacha sóisialta a fhorbairt (lena n-áirítear cuir chuige chomhoibríocha) chun leasa sóisialta agus eacnamaíochta;
- Cláir thacaíochta fiontraíochta sóisialta a bhaineann go sonrach leis an tuath a fhorbairt agus a sholáthar, lena n-áirítear na cinn a dhíríonn ar shláinte agus folláine a mhéadú. San áireamh air sin beidh tacaíocht do: oibrithe deonacha a earcú agus a fhorbairt; táirgí agus/nó seirbhísí a fhorbairt; feasacht, promóisean agus margaíocht earnála; sásraí maoinithe; agus na sócmhainní caipitil a bheidh de dhíth le haghaidh soláthar agus leathnú seirbhísí; agus
- Bonneagar glas a fhorbairt chun stíl mhaireachtála ghníomhach a chur chun cinn agus chun tacú le fiontraíocht agus turasóireacht i limistéir thuaithe (lena n-áirítear iad sin ar bhonn trasteorann) agus idirnascadh limistéar uirbeach agus tuaithe.

## TÉAMA 4: POBAIL SLÁINTIÚLA AGUS UILECHUIMSITHEACHA

**Íospartaigh agus Marthanóirí**

**Buiséad táscach €25,000,000**

**Réimse Infheistíochta 4.3:** Sochaí níos comhtháite a chruthú trí bhíthin méadú ar an soláthar seirbhísí.

Tá riachtanais uathúla, chasta agus éagsúla ag íospartaigh agus ag marthanóirí. Tá tacaíocht á tabhairt faoi láthair ag an Chlár PEACE IV le clár tacaíochta chomhtháite faoi stiúir an phobal, atá bunaithe ar thorthaí, d'íospartaigh agus do mharthanóirí. Tá feabhas curtha aige sin ar shaolta go leor íospartach agus marthanóirí i limistéar an Chláir agus lasmuigh de, lena n-áirítear idirghabhálacha trasphobail agus trasteorann. Leis an **Chlár Íospartaigh agus Marthanóirí,** cuirfear deis ar fáil chun foghlaim ón obair sin agus cur léi, agus chun tacaíocht bhreise a thabhairt d'íospartaigh agus do mharthanóirí. Is iad seo a leanas na réimsí beartaithe:

- Forbairt bhreise ar an tsamhail um líonra cásoibrithe sláinte agus folláine;
- Cláir tacaíochta abhcóideachta (Fírinne, Ceartas agus Admháil);
- Oiliúint agus forbairt earnála;
- Taighde, lena n-áirítear cuir chuige nua chomhdheartha atá bunaithe ar ghníomhú; agus
- Forbairt bhreise ar na cláir athléimneachta.

**Gníomhartha a dtacófar leo**
Áireofar ar na cineálacha gníomhartha a dtacófar leo:

- Rochtain ar thacaíocht agus ar sheirbhísí comhtháite atá bunaithe ar thráma, lena n-áirítear cláir athléimneachta chun dul i ngleic le riachtanais fhadtéarmacha íospartach agus marthanóirí, riachtanais a bhíonn ag athrú;
- Cláir oiliúna saincheaptha a fhorbairt chun dul i ngleic le riachtanais reatha agus le riachtanais a thiocfaidh chun cinn;
- Forbairt bhreise ar an Líonra Cásoibre Sláinte agus Folláine chun feabhas a chur ar thacaíocht agus ar sheirbhísí d'íospartaigh agus do mharthanóirí ar leibhéal an duine aonair, an teaghlaigh agus an phobail agus chun feabhas a chur ar chothroime seirbhísí ar leibhéal geografach;
- Leanúint leis an Líonra Abhcóideachta agus é a fhorbairt tuilleadh chun méadú a chur ar aitheantas agus admháil maidir le taithí íospartach agus marthanóirí;
- Straitéisí a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le bacainní ar rannpháirtíocht íospartach agus marthanóirí i dtacaíocht agus seirbhísí;
- Forbairt leanúnach ar chlár oideachais agus oiliúna bunaithe ar thráma le haghaidh bhaill foirne, cleachtóirí agus oibrithe deonacha, lena n-áireofar samhlacha oiliúna ar líne chun an rochtain gheografach a mhéadú;
- Na cáilíochtaí in oideachas tráma a dtugtar tacaíocht dóibh faoi láthair a leathnú amach chun sainchlár tráma ar leibhéal Máistreachta a chur san áireamh (ag tógáil ar dhul chun cinn na leibhéal cáilíochta a tugadh tacaíocht dóibh faoi Chláir PEACE roimhe seo); agus
- Clár taighde comh-dheartha lena ndéanfar taighde acadúil a lánpháirtiú le cleachtas agus le foghlaim bunaithe ar thaithí, oiliúint, faireachán, meastóireacht agus forbairt beartas, chun feabhas a chur ar thacaíocht agus ar sheirbhísí agus chun bonn fianaise a chur ar fáil le haghaidh níos mó tuisceana agus infheistíochta sa réimse seo.

## Téama 5: Tacú le Todhchaí a bheidh Inbhuanaithe agus Níos Cónasctha

### Buiséad táscach €265m

Tá ár gcomhshaol nádúrtha ar cheann de na sócmhainní is tábhachtaí atá againn agus is ríthábhachtach é a fheabhsú agus a chosaint ar mhaithe le forbairt eacnamaíochta agus shóisialta amach anseo. Agus an téarnamh ó COVID-19 ar bun, tá deis againn comhshaol inbhuanaithe agus rathúil a sholáthar ina dtig le gnólachtaí rath a bheith orthu. Déanann comhshaol glan, glas agus inrochtana rannchuidiú ollmhór le saol fada, sláintiúil agus gníomhach a bheith ag daoine, chomh maith le áit a chruthú a mbeidh daoine ag iarraidh cónaí ann, cuairt a thabhairt uirthi agus infheistiú inti. Déanfaidh infheistíocht straitéiseach thrasteorann ár gcomhshaol a fheabhsú agus a chosaint, fad a threiseofar an geilleagar i limistéar an Chláir.

Tá feasacht agus oideachas pobail riachtanach lena chinntiú go dtig le gach duine a chuid a dhéanamh chun ár gcomhshaol a chosaint. Is gnéithe den ghníomhaíocht faoin Téama seo a bheidh i dtionscnaimh rannpháirtíochta pobal agus saoránach agus cláir oideachais agus oiliúna maidir le feasacht.

Is éard atá sa bhithéagsúlacht ná an éagsúlacht beatha ar domhan agus tá sí ríthábhachtach do bheatha an duine. Soláthraíonn éiceachórais shláintiúla seirbhísí riachtanacha, lena n-áirítear úruisce, foinsí bia agus breosla, chomh maith le stóráil charbóin agus maolú tuilte chun cuidiú le dul i ngleic leis an athrú aeráide. Soláthraíonn siad naisc láidre le sláinte agus folláine an duine fosta. Mar sin, ní mór aghaidh a thabhairt ar bhagairtí ar an bhithéagsúlacht, amhail gnáthóga a chailleadh, saibhriú cothaitheach agus speicis choimhthíocha ionracha; nithe a laghdaíonn athléimneacht an dúlra agus a fhágann é níos leochailí ó thaobh thionchair ón athrú aeráide. Tá dea-cháilíocht aeir riachtanach don chomhshaol nádúrtha agus don bhithéagsúlacht ach go háirithe, rud is féidir a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí ar bhonn trasteorann, mar gheall ar nádúr thar teorainn an truaillithe aeir.

Tá an limistéar mara comhdhéanta de na huiscí mara ar fad, lena n-áirítear: grinneall na farraige, fo-ithir, locha mara agus aibhneacha taoide. Is sócmhainn thábhachtach eacnamaíochta é an comhshaol muirí do limistéar an Chláir agus meastar gur earnáil fáis é. Chomh maith le buntáistí eacnamaíochta, cuireann an Comhshaol muirí agus cósta buntáistí tábhachtacha ar fáil don tsochaí trí bhíthin sheirbhísí éiceachórais. Áirítear orthu sin: asamhlú dramhaíola, cosaint an chósta, ionsú carbóin, caitheamh aimsire, oidhreacht, iascach agus dobharshaothrú.

Is acmhainn é an t-uisce atá riachtanach le haghaidh gach foirm bheatha. Is príomh-shócmhainní comhshaoil agus eacnamaíochta iad dobharcheantair agus na hacmhainní uisce iontu i limistéar an Chláir agus cuireann siad buntáistí móra ar fáil don tsochaí trí bhíthin sheirbhísí éiceachórais. Ina measc tá uisce óil, asamhlú dramhuisce, slatiascaireacht, turasóireacht agus taitneamhachtaí turasóireachta agus cultúir/oidhreachta. Baineann an príomh-bhrú ar an gcomhshaol uisce trasteorann le farasbarr cothaitheach agus rith chun srutha.
Tá infheistiú i réitigh atá bunaithe ar an dúlra bunúsach maidir le bainistiú dobharcheantar inbhuanaithe, lena n-áirítear saoráidí le haghaidh cóireála dramhuisce agus uisce óil.

Mar thoradh ar chomhoibriú trasteorann chun dul chun cinn a dhéanamh ar an athsholáthar breoslaí iontaise le fuinneamh in-athnuaite dúchasach san earnáil teasa, laghdófar an méid a bhraitheann geilleagair na hÉireann agus Thuaisceart Éireann ar allmhairí. Cuirfidh sin feabhas ar shlándáil an tsoláthair fuinnimh, ag teacht le beartais AE, na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe. Cuirfidh sé go suntasach le baint amach spriocanna áitiúla, náisiúnta agus AE maidir le hastaíochtaí CO2 a laghdú.

Tá iompar riachtanach dár bhforbairt eacnamaíochta agus sóisialta. Is spreagthóir eacnamaíochta é, mar nascann sé gnólachtaí le margaí agus éascaíonn sé soghluaisteacht fostaithe. Ó thaobh na sochaí de, cuireann iompar rochtain ar sheirbhísí oideachais, sláinte agus fóillíochta ar fáil. Dá bharr sin, is ríthábhachtach é infheistiú i mbonneagar iompair agus i nascacht. Ó thaobh na síochána agus an athmhuintearais de, tá infheistiú in iompar tábhachtach chun tógáil ar leibhéil reatha soghluaisteachta trasteorann ar bhealach inbhuanaithe.
Mar sin, is cuid lárnach den tsíocháin agus den athmhuintearas ar an oileán seo é naisc a chruthú agus soghluaisteacht trasteorann inbhuanaithe a éascú.

## TÉAMA 5: TACÚ LE TODHCHAÍ A BHEIDH INBHUANAITHE AGUS NÍOS CÓNASCTHA

**Bithéagsúlacht, Téarnamh an Dúlra & Athléimneacht**

**Buiséad táscach: €15,000,000**

**Réimse Infheistíochta 5.1:** Chun cosaint agus caomhnú an dúlra, na bithéagsúlachta agus an bhonneagair ghlais a fheabhsú, lena n-áirítear i limistéir uirbeacha, agus chun truailliú de gach cineál a laghdú.

Cuireann an bhithéagsúlacht agus éiceachórais shláintiúla seirbhísí suntasacha sóisialta agus eacnamaíochta ar fáil, lena n-áirítear: soláthar úruisce; an t-aer a análaímid; ithreacha sláintiúla agus soláthairtí bia; agus cuireann siad le forbairtí liachta agus cógaisíochta. Tá laghdú scanrúil ag teacht ar an bhithéagsúlacht. Meastar go mbaineann stádas neamhfhabhrach/ drochstádas caomhnaithe le tuairim is 80% de ghnáthóga ar feadh limistéar an Chláir.
Tá méadú ag teacht ar an tuiscint ar ról lárnach na bithéagsúlachta chun príomhsheirbhísí éiceachórais a sholáthar agus chun cuidiú le dul i ngleic le buncheisteanna sochaíocha. Áirítear orthu sin réitigh atá bunaithe ar an dúlra a sholáthar chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus le truailliú aeir, rud a chuirfidh le sláinte agus folláine, agus a thacóidh le feidhmíocht eacnamaíochta.

Leis an **Chlár um Bhithéagsúlacht, Téarnamh an Dúlra & Athléimneacht,** tugtar deis chun tógáil ar an Chlár reatha INTERREG VA trí bhíthin leanúint de chomhoibriú trasteorann a chur chun cinn agus téarnamh tuilleadh gnáthóg cosanta agus speiceas tosaíochta. Díreofar infheistíocht ar sholáthar breise gníomhartha caomhnaithe a bhfuil sé cruthaithe go gcúitíonn siad cailleadh na bithéagsúlachta agus go gcaomhnaíonn siad na sócmhainní tábhachtacha comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíochta sin.

**Gníomhartha a dtacófar leo**
Beidh cúig Réimse Théamacha ar leithligh sa Chlár. Áireofar ar na cineálacha gníomhartha a dtacófar leo:

- **Athchóiriú láithreán cosanta:** Bearta caomhnaithe riachtanacha breise a sholáthar i limistéir a thacaíonn leis na gnáthóga agus na speicis roghnaithe chun feabhas a chur ar choinníollacha caomhnaithe agus chun athléimneacht éiceolaíoch agus aeráide a mhéadú. Áirítear air sin: pleananna athléimneachta maidir le falscaithe; agus réitigh atá bunaithe ar an dúlra a fhorbairt chun feabhas a chur ar chumas gnáthóg carbón a stóráil (lena n-áirítear réitigh féaraigh inbhuanaithe, coigeartuithe dearfacha ar shreabhadh hidreolaíoch agus straitéisí laghdaithe do speicis scrobarnaí atá ag teacht isteach); agus faireachán chun torthaí caomhnaithe a léiriú;
- **Líonraí téarnaimh dhúlra agus tionscadail atá bunaithe ar an dúlra a fhorbairt agus a bhainistiú**: Príomh-limistéir le haghaidh téarnamh an dúlra a shainaithint agus líonraí um théarnamh éiceolaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear bonneagar glas; faireachán ar speicis chun gníomhú caomhnaithe riachtanach a chinneadh; agus réitigh atá bunaithe ar an dúlra a shainaithint don mhaolú agus don oiriúint aeráide, lena n-áirítear athchóiriú gnáthóg chun stóráil carbóin a mhéadú agus/nó chun rioscaí tuilte a mhaolú;
- **Tionscnaimh chun nasc leis an dúlra a mhéadú**: Tionscnaimh a mhéadóidh caitheamh aimsire cuí i limistéir thábhachtacha do théarnamh an dúlra agus a mhéadóidh léirthuiscint orthu; réitigh nuálacha agus gníomhaíochtaí fiontraíochta tuaithe atá nasctha le limistéir do théarnamh an dúlra, lena gcuirfear caomhnú an dúlra chun cinn; agus gníomhú áitiúil ar son na bithéagsúlachta, tionscadail eolaíochta ag saoránaigh agus gníomhaíochtaí oideachais a mhéadóidh feasacht agus léirthuiscint; agus
- **Tionscnaimh chun dul i ngleic le speicis choimhthíocha ionracha**: Straitéis uile-oileánda um speicis choimhthíocha ionracha a fhorbairt; grúpa bithshlándála uile-oileánda a bhunú; suirbhéanna feasachta bonnlíne a choimisiúnú; agus córais a fhorbairt chun sonraí faoi speicis ionracha ar an oileán ar fad a ghabháil agus a lárú.

## TÉAMA 5: TACÚ LE TODHCHAÍ A BHEIDH INBHUANAITHE AGUS NÍOS CÓNASCTHA

**Bainistiú Mara agus Cósta**

**Buiséad táscach: €12,000,000**

**Réimse Infheistíochta 5.2:** Oiriúnú don athrú aeráide agus cosc ar riosca tubaiste a chur chun cinn, athléimneacht agus cuir chuige bunaithe ar an éiceachóras á gcur san áireamh.

Ní féidir sócmhainní oidhreachta mara agus cósta a athsholáthar agus tig le próisis nádúrtha agus gníomhaíochtaí an duine damáiste a dhéanamh dóibh agus/nó iad a scriosadh. Dá bharr sin, tá méadú ag teacht ar an ghá le pleananna maolaithe agus oiriúnaithe a bhaineann go sonrach leis an athrú aeráide.

Tá nádúr tras teorainn ag an chomhshaol muirí agus níl meas aige ar theorainneacha comhshaoil, dlí ná riaracháin. Dá bharr sin, tá an limistéar sin thar a bheith oiriúnach don chomhoibriú trasteorann. Tá difríochtaí geografacha i méid agus i ndéine an cháis. Ar an mbonn sin, beidh staidéir limistéarbhunaithe de dhíth chun réitigh saincheaptha áitbhunaithe a fhorbairt. Feidhmíocht níos fearr ó thaobh spriocanna gaolmhara a bhaint amach ar leibhéal náisiúnta agus Eorpach an toradh a bheidh ar an chomhoibriú sin. Leis an **Chlár um Bainistiú Mara agus Cósta,** cumasófar cur chuige trasteorann ar an chomhshaol muirí agus cósta a chosaint ar bhagairtí nádúrtha agus daonna, rud a chosnófar an tsócmhainn nádúrtha seo nach féidir a athsholáthar agus as a leanfaidh buntáistí eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir do limistéar an Chláir.

### Gníomhartha a dtacófar leo

Beidh ceithre Réimse Théamacha ar leithligh sa Chlár. Áireofar ar na cineálacha gníomhartha a dtacófar leo:

- **Athrú ar an Chósta:** Gníomhaíochtaí lena n-áirítear suirbhéanna leantacha agus mapáil leantach; samhaltú hidridinimiciúil agus tonnta leibhéal na mara; measúnuithe um leochaileacht cósta; faireachán cósta; téarnamh agus athchóiriú gnáthóg; réitigh atá bunaithe ar an dúlra a fhorbairt; pleananna oiriúnaithe agus athléimneachta a fhorbairt do phríomhláithreáin; pleananna forbartha sócmhainne cultúir do láithreáin; acmhainní um theagasc agus ardú feasachta; uirlisí tacaíochta cinntí; agus cláir oiliúna;
- **Córais aeráide agus pheiligeacha:** Gníomhaíochtaí lena n-áirítear samhaltú aigéaneolaíochta agus hidridinimiciúil atá bunaithe ar ionstraimíocht; feabhas a chur ar an líonra faireacháin agus ar ghníomhaíochtaí samplála; modhanna cruthaithe, ardcháilíochta agus éifeachtacha a fhorbairt chun gnáthóga peiligeacha a mheas; measúnú comhtháite ar ghréasáin bhia mhuirí; modhanna cruthaithe, fianaisebhunaithe chun speicis pheiligeacha a chosaint; agus pleananna gníomhaíochta fianaisebhunaithe thar teorainn;
- **Caipiteal nádúrtha, gnáthóga agus daonna:** Gníomhaíochtaí lena n-áirítear suirbhéanna éan, suirbhéanna ar ghnáthóga beantacha agus mapáil ghrinneall na farraige i limistéir lena mbaineann poitéinseal don fhuinneamh in-athnuaite; cainníochtú seirbhísí éiceachórais mhuirí; pleananna gníomhaíochta thar teorainn do speicis bheantacha roghnaithe; suirbhéanna leantacha ar ghuaiseacha geolaíocha; agus suirbhéanna ar an oidhreacht chultúir faoi uisce chun tacú le breis forbartha agus mionchoigeartaithe ar thaifid chomhshaoil stairiúil náisiúnta agus réigiúnacha; straitéisí nó prótacail a léiríonn na prionsabail den gheilleagar ciorclach a laghdóidh bruscar muirí; agus
- **Gníomhú áitiúil chun bithéagsúlacht mhuirí agus oidhreacht chósta agus mhuirí a chosaint:** Gníomhaíochtaí lena n-áirítear socruithe maoirseachta ar leibhéal áitiúil; pleananna gníomhaíochtaí um an athrú aeráide i Limistéar Cosanta Muirí; tionscnaimh rannpháirtíochta pobal agus saoránach; agus cláir oideachais agus oiliúna maidir le feasacht.

## TÉAMA 5: TACÚ LE TODHCHAÍ A BHEIDH INBHUANAITHE AGUS NÍOS CÓNASCTHA

### Bainistiú Cáilíochta Uisce & Dobharcheantar

**Buiséad táscach: €21,000,000**

**Réimse Infheistíochta 5.3:** Chun rochtain ar uisce agus bainistiú uisce inbhuanaithe a chur chun cinn.

Tá uisce riachtanach le haghaidh feidhmíocht gach cineál beatha ar domhan. Is acmhainn theoranta é, áfach, agus ní mór é a bhainistiú go cúramach chun beatha an duine agus an comhshaol nádúrtha a chosaint. Is iad tionchair ón talmhaíocht agus ó dhramhuisce (forbairt uirbeach) na príomh-bhrúnna ar stádas dobharlach. Leis an Chreat-treoir Uisce, glactar cur chuige uilíoch ar bhainistiú sócmhainní uisce (lena n-áirítear cáilíocht agus cainníocht) agus éilítear cosaint agus athchóiriú an chomhshaoil uisce, lena n-áirítear aibhneacha, locha, inbhir, uiscí cósta agus screamhuiscí.

Leis an **Chlár um Bainistiú Cáilíochta Uisce agus Dobharcheantar,** cumasófar cur chuige trasteorann comhoibríoch ar bhainistiú agus ar fheabhsú cáilíochta uisce i screamhuiscí trasteorann roghnaithe. Ag teacht leis an Chreat-treoir Uisce, léireofar sin ag rangú níos fearr le himeacht aimsire. Leis an Chlár, déanfar bainistiú uisce inbhuanaithe a chur chun cinn. Cuirfear feabhas ar cháilíocht úruisce in abhantracha trasteorann agus an toradh a bheidh air, céatadán níos airde de dhobharlaigh úruisce thrasteorann in abhantraigh thrasteorann ar dhea-cháilíocht nó ar ardcháilíocht.

**Gníomhartha a dtacófar leo**

Áireofar ar na cineálacha gníomhartha a dtacófar leo:

- Tionscadal píolótach/tionscadail phíolótacha maidir le réitigh atá bunaithe ar an nádúr chun dobharcheantair a athchóiriú, lena n-áirítear: athchóiriú móna, bearta bainistithe uisce chun rith chun srutha (cailleadh dríodair) agus cailleadh cothaitheach chuig uiscebhealaí a laghdú agus chun tionchair ó thuile a laghdú, e.g. bonneagar glas;
- Straitéis oibriúcháin chun plé le cothaithigh (ithir, aoileach talmhaíochta agus leasacháin cheimiceacha, díleateán, sloda séarachais) agus gluaiseachtaí thar teorainn i ndobharcheantair thrasteorann, lena n-áireofar gnéithe amhail sreabhadh cothaitheach, córais rianaithe, réitigh nuálacha chun an úsáid optamach a bhaint as cothaithigh chun na cothaithigh ar fad a úsáid go hinbhuanaithe;
- Tionscnaimh a mbeidh mar thoradh orthu athrú intomhaiste ar iompar/ar mheon úinéirí talún; agus
- Tionscnamh um thionchar tionscadal lena bhforbrófar nó lena bhfeabhsófar acmhainní foghlama comhshaoil a dhíreoidh ar an phobal chun feabhas a chur ar an tuiscint ar dhobharcheantair ón dearcadh comhshaoil, cultúir, sóisialta nó eacnamaíoch; agus/nó feabhas a chur ar luach taitneamhachta trí bhíthin líonraí téarnaimh an dúlra.

## TÉAMA 5: TACÚ LE TODHCHAÍ A BHEIDH INBHUANAITHE AGUS NÍOS CÓNASCTHA

**An Clár um Fheabhsú Cáilíochta Uisce**

**Buiséad táscach: €32,000,000**

**Réimse Infheistíochta 5.4:** Chun rochtain ar uisce agus bainistiú uisce inbhuanaithe a chur chun cinn.

Tá na buntáistí a bhaineann le cur chuige trasteorann, comhoibríoch a ghlacadh chun dul i ngleic go leordhóthanach le riachtanais na Creat-treorach Uisce i ngach dobharlach, lena n-áirítear uiscí trasdultacha, léirithe ag an Chlár reatha INTERREG VA.
Ach samhaltú ar uiscí trasdultacha agus cósta a dhéanamh, sainaithneofar foinsí truaillithe agus an bealach is fearr le stádas cáilíochta uisce maith nó ard a bhaint amach agus a choinneáil. Leis sin, éascófar cur i bhfeidhm chuir chuige choitianta ar bhainistiú acmhainní uisce agus dea-chleachtas agus saineolas a roinnt ar feadh limistéar an Chláir i ndáil le cóireáil dramhuisce agus uisce óil, ag tarraingt ar na láidreachtaí coibhneasta sa dá dhlínse.

Is é an toradh a bheidh ar an **Chlár um Fheabhsú Cáilíochta Uisce,** feabhas ar cháilíocht an uisce i dtrí dhobharlach thrasdultacha shainiúla, trí bhíthin chomhoibriú trasteorann: Loch Éirne, Loch Meilbhe agus Bá Dhún na nGall. Ina theannta sin, cuirfear feabhas ar cháilíocht amhuisce óil trí bhíthin truailleáin a laghdú, lena n-áirítear iad sin de chineál talmhaíochta.

### Gníomhartha a dtacófar leo

Áireofar ar na cineálacha gníomhartha a dtacófar leo:

- Plean cuimsitheach um dhobharcheantair thrasteorann a fhorbairt, a dhíreoidh ar dhobharcheantair thrasteorann Loch Meilbhe, Loch Éirne agus Bhá Dhún na nGall;
- Sraith samhlacha comhtháite a fhorbairt, a fheidhmeoidh mar uirlisí chun dobharlaigh fionnuisce intíre chomhroinnte (Loch Éirne, Loch Meilbhe agus Bá Dhún na nGall) a bhainistiú mar éiceachóras iomlán; agus chun teicneolaíochtaí cóireála agus réitigh nuálacha inbhuanaithe a chuimsiú;
- Taighde agus forbairt ar theicneolaíochtaí cóireála dramhuisce, lena n-áirítear úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí inbhuanaithe a bhaineann go díreach le huiscí trasdultacha comhroinnte;
- Tionscadail chaipitil a sholáthróidh dícharbónú i rith na tógála agus an fheidhmithe;
- Réitigh nuálacha a fhorbairt agus a sholáthar maidir le brúnna a bhaineann le séarachas i limistéir thuaithe i ndobharcheantair thosaíochta, le glacadh ag an bhfóntas áitiúil;
- Measúnuithe iascach feabhsaithe a dhéanamh do Loch Meilbhe agus Loch Éirne;
- Samhail éiceachórais chuimsitheach a dhéanamh do na dobharcheantair thuas luaite, chomh maith le hardlíonra ionstraimíochta;
- Measúnú ar sheirbhísí éiceachórais laistigh de na sprioc-uiscí trasdultacha;
- Pleananna bainistithe saincheaptha a dhearadh do dhobharcheantair uisce óil (lena n-áireofar samhaltú agus comhroinnt sonraí GIS);
- Tionscadail straitéiseacha arna ndearadh chun cáilíocht amhuisce a fheabhsú, le béim ar na truailleáin a imríonn tionchar ar cháilíocht an uisce óil a laghdú (lena n-áirítear iad sin de chineál talmhaíochta);
- Tionscadail lena spreagfar cleachtais níos fearr ó thaobh lotnaidicídí agus lena bhforbrófar cleachtais fheirme inbhuanaithe ar feadh dobharcheantar chun an tionchar ar cháilíocht uisce a íoslaghdú, lena n-áirítear plean uilíoch um lotnaidicídí a fhorbairt chun úsáid lotnaidicídí i ndobharcheantair thrasteorann a laghdú nó deireadh a chur léi;
- Tionscnaimh bunaithe ar dhobharcheantair suas an abhainn chun an glacadh le bearta dobharcheantair lena mbaintear ilbhuntáistí amach do cháilíocht agus cainníocht uisce agus don bhithéagsúlacht, a spreagadh;
- Rogha eile a sholáthar le haghaidh chórais chóireála inbhuanaithe amhail giolcarnach, saileach agus bogach;
- Réitigh atá bunaithe ar an dúlra agus bonneagar gorm/glas breisluacha a sholáthar gach áit is féidir, amhail Bogaigh Thógtha Chomhtháite; agus
- Imeachtaí oideachais agus for-rochtana a sholáthar do dhaoine áitiúla, lena n-áirítear eolaíocht saoránach agus cuairteanna ar scoileanna.

## TÉAMA 5: TACÚ LE TODHCHAÍ A BHEIDH INBHUANAITHE AGUS NÍOS CÓNASCTHA

**An Clár um Léiriú Geoiteirmeach**

**Buiséad táscach: €20,000,000**

**Réimse Infheistíochta 5.5:** Chun éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.

Is tosaíocht domhanda é an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus an glacadh le foinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú. Cuireann táirgeadh teasa go mór le hastaíochtaí gás ceaptha teasa. Tá úsáid a bhaint as líonraí téimh ceantair agus teaschaidéil i dtithe aonair nó i gcórais téite chomhchoiteanna (lena n-áirítear gnólachtaí), lárnach don dícharbónú teasa.
Tig le fuinneamh geoiteirmeach fuinneamh ísealcharbóin leanúnach, inbhuanaithe agus níos éifeachtaí ó thaobh costais de a sholáthar (le haghaidh téamh agus fuarú), mar atá léirithe in go leor tíortha san Eoraip.

Leis an **Chlár um Léiriú Geoiteirmeach,** tógfar ar an eolas, na scileanna agus an acmhainneacht a bheidh de dhíth chun creat beartais a fhorbairt agus chun infheistiú in earnáil na teicneolaíochta geoiteirmí a spreagadh. Mar thoradh ar chomhoibriú trasteorann gaolmhar chun athsholáthar breoslaí iontaise le fuinneamh in-athnuaite dúchasach in earnáil an téimh a bhaint amach, laghdófar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus feabhsófar slándáil fuinnimh. Soláthróidh sé buntáistí eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil ar feadh limistéar an Chláir.

### Gníomhartha a dtacófar leo

Áireofar ar na cineálacha gníomhartha a dtacófar leo:

- Tionscadail léirithe lena méadófar an fheasacht faoi na buntáistí a bhaineann le teicneolaíochtaí geoiteirmeacha, agus an glacadh leo, sna hearnálacha cónaithe, tionsclaíochta agus poiblí;
- Tionscnaimh a léireoidh cur i bhfeidhm agus éifeachtúlacht líonraí téimh a úsáideann fuinneamh geoiteirmeach éadomhain agus córais Teaschaidéal Foinsí Talún, lena n-áirítear iad sin san earnáil FBM;
- Tionscnaimh a léireoidh cur i bhfeidhm an Fhuinnimh Gheoiteirmigh Dhomhain (>400m), go háirithe chun Córais Téimh Ceantair a dhícharbónú;
- Tionscnaimh arna ndearadh chun cur le dul i bhfeidhm ar an margadh ag Teaschaidéal Foinsí Talún;
- Tionscnaimh a bhainfidh le bonneagar dromchla geoiteirmeach a dhearadh, a thógáil agus a oibriú san earnáil tithíochta sóisialta i limistéar an Chláir;
- Tionscnaimh a thacóidh leis an earnáil teicneolaíochtaí geoiteirmeacha atá ag fás i limistéar an Chláir;
- Tionscnaimh a rannchuideoidh le creat beartais trasteorann a fhorbairt, arna dhearadh chun glacadh treasearnála na dteicneolaíochtaí geoiteirmeacha ar feadh limistéar an Chláir a chur chun cinn agus tacú leis;
- Staidéir ar éifeachtúlacht fuinnimh gheoiteirmigh a dhíreoidh ar na limistéir is mó a bhfuil tionchar ag tearcrochtain fuinnimh orthu; agus
- Cláir le haghaidh saoránach chun cur leis an fheasacht faoi réitigh téimh Gheoiteirmigh agus leis an tuiscint orthu.

## TÉAMA 5: TACÚ LE TODHCHAÍ A BHEIDH INBHUANAITHE AGUS NÍOS CÓNASCTHA

### Nascacht Iompair Inbhuanaithe Feabhsaithe

**Buiséad táscach: €165,000,000**

**Réimse Infheistíochta 5.6:** Soghluaisteacht áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta, a bheidh inbhuanaithe, athléimneach ó thaobh na haeráide de, cliste agus idirmhódúil, a fhorbairt agus a fheabhsú, lena n-áirítear rochtain níos fearr ar TEN-T agus soghluaisteacht thrasteorann.

Is riachtanach an leibhéal soghluaisteachta trasteorann a mhéadú, ar mhaithe le comhtháiteacht eacnamaíochta agus shóisialta ar feadh limistéar an Chláir. Áirítear air sin síocháin agus athmhuintearas a fhorbairt agus a leabú tuilleadh.
Éascaíonn iompar nascacht agus teagmháil idir dhaoine as Tuaisceart Éireann agus as contaetha teorann na hÉireann.

Leis an **Chlár um Nascacht Iompair Inbhuanaithe Feabhsaithe,** méadófar an nascacht, i bhfoirm iompair phoiblí inbhuanaithe. Beidh infheistiú mór i stoc iarnróid i gceist leis. Ach feabhas a chur ar an tseirbhís iarnróid idir an dá phríomhchathair agus na hionaid uirbeacha níos lú gar dóibh, Port an Dúnáin, an tIúr, Dún Dealgan agus Droichead Átha, beifear ábalta lánacmhainneacht a bhaint as an dinimic sin, agus buntáistí seachthairbhe ceirtleáin a sholáthar, chomh maith le buntáistí eacnamaíochta agus comhshaoil níos leithne, lena n-áirítear rannchuidiú le hiarnród saor ó astaíochtaí a fhorbairt san fhadtéarma. Spreagfaidh infheistiú san iompar athghiniúint agus fás eacnamaíoch, go háirithe ar an chonair eacnamaíochta idir Béal Feirste agus Baile Átha Cliath, lena n-áirítear na contaetha teorann i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn.

### Gníomhartha a dtacófar leo

Áireofar ar na cineálacha gníomhartha a dtacófar leo:

- Rothstoc iarnróid nua agus uasghráduithe ar an bhonneagar chun tabhairt isteach sheirbhís gach uair an chloig idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste a éascú. Oibreoidh an infheistíocht i dtreo ardú ar an leibhéal seirbhíse agus ar an líon paisinéirí a bhaint amach.



## Téama 6: Comhpháirtíocht agus Comhoibriú a Thógáil agus a Leabú

### Buiséad táscach €47m

Cé go bhfuil rannchuidiú mór déanta ag na Cláir INTERREG agus PEACE le comhoibriú trasteorann a leabú i limistéar an Chláir, tá dúshláin ann go fóill, roinnt díobh a tháinig chun cinn le blianta beaga anuas. Eascraíonn formhór na mbacainní atá fanta as reachtaíochtaí náisiúnta atá difriúil óna chéile ar an dá thaobh den teorainn (próisis riaracháin neamhréireacha, nó easpa comhphleanála críche).

Sa bhliain 2016, shainaithin an Coimisiún Eorpach bacainní dlíthiúla agus riaracháin maidir le teorainn Thuaisceart Éireann-na hÉireann.

Seo a leanas roinnt de na hearnálacha ina bhfuil na bacainní: tionscal agus trádáil (onnmhairiú earraí, seirbhísí tráchtála trasteorann, ríomhthráchtáil, seirbhísí comhairleoireachta eacnamaíochta trasteorann agus sreafaí comaitéirí); oideachas i margadh an tsaothair (soghluaisteacht oiliúnaithe, mac léinn agus múinteoirí, agus rochtain ar oideachas treasach); an córas slándála shóisialaigh (rochtain ar an chóras árachais shóisialaigh); agus rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte agus ar chóireáil liachta. Baineann na bacainní sin go háirithe leis na dúshláin a d'fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo, maidir leis an teorainn, i ndiaidh don Ríocht Aontaithe imeacht ón Aontas Eorpach.

## TÉAMA 6: COMHPHÁIRTÍOCHT AGUS COMHOIBRIÚ A THÓGÁIL AGUS A LEABÚ

**Pleanáil Straitéiseach agus Rannpháirtíocht**

**Buiséad táscach: €27,000,000**

**Réimse Infheistíochta 6.1:** Tacú le rialachas níos fearr ar chomhoibriú.

D'ainneoin na gaireachta agus easpa bacainní teanga, ní mór dul i ngleic le bacainní trasteorann a mbíonn tionchar diúltach acu ar shreabhántacht shocheacnamaíoch thar na teorann agus níos ginearálta, ar an phróiseas athmhuintearais ar fud an Oileáin.

Leis an **Chlár um Pleanáil Straitéiseach agus Rannpháirtíocht,** tacófar le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara straitéiseacha, ag díriú ar bhacainní dlíthiúla agus riaracháin ar chomhoibriú sna hearnálacha ábhartha. Cuirfidh an maoiniú béim ar chomhfhorbairt agus ar bhainistiú straitéisí a chumasú; ar fhorbairt cumais maidir le comhoibriú; agus ar réitigh a shainaithint chun bacainní ar chomhoibriú trasteorann a laghdú.

Oibreoidh an Clár i gcomhar le beartais eile (e.g. soghluaisteacht thrasteorann), ionstraimí dlíthiúla (e.g. comhaontuithe déthaobhacha, conarthaí, s) agus maoiniú eile nach bhfuil teoranta do INTERREG (e.g. an Sásra Trasteorann Eorpach).

**Gníomhartha a dtacófar leo**
Áireofar ar na cineálacha gníomhartha a dtacófar leo:

- Comhphlé idir ghníomhairí éagsúla lena fháil amach cad iad na dúshláin agus na réitigh fhéideartha chun tuilleadh comhoibrithe trasteorann a éascú i bpríomh-earnálacha lena n-áirítear Gnó, Cúram Sláinte, Turasóireacht, Comhshaol (lena n-áirítear cáilíocht aeir) agus Fuinneamh;
- Staidéir fhéidearthachta agus gníomhaíochtaí bailithe sonraí arna ndearadh chun réitigh a fhorbairt chun dul i ngleic leis na bacainní reatha ar chomhoibriú trasteorann i bpríomhlimistéir. Mar shampla, taighde a bhaineann le margadh an tsaothair trasteorann agus le mapáil scileanna don todhchaí; agus samhaltú agus anailís ar cháilíocht aeir chun saincheisteanna a thiocfadh chun cinn agus leibhéil mhéadaithe fianaise a aimsiú;
- Comhfhorbairt straitéisí trasteorann, lena n-áirítear, mar shampla, comhthionscnamh um margaíocht turasóireachta agus um brandáil agus straitéisí comhairle trasteorann;
- Tionscnaimh maidir le tionscadail phíolótacha ar bhonn an chomhphlé agus na hoibre féidearthachta atá déanta, arna ndearadh chun réitigh chomhfhorbartha ar chomhoibriú trasteorann straitéiseach a chur i bhfeidhm;
- Malartú taithí agus tionscnaimh léirithe chun réitigh a roinnt agus chun cur leis an tionchar a bheidh acu i bpríomhlimistéir; agus
- Oiliúint, athbhreithnithe piaraí agus malartú foirne chun cumas institiúide a fheabhsú.

## TÉAMA 6: COMHPHÁIRTÍOCHT AGUS COMHOIBRIÚ A THÓGÁIL AGUS A LEABÚ

### Caidrimh idir Shaoránaigh a Bhunú agus a Chothú

**Buiséad táscach: €20,000,000**

**Réimse Infheistíochta 6.2:** Iontaoibh frithpháirteach a chothú, go háirithe trí bhíthin ghníomhartha duine-le-duine a spreagadh.

Leis an **Clár um Bearta chun Iontaoibh idir Shaoránaigh a Bhunú,** cuirfear sásraí ar bun chun tionscadail bheaga a mhaoiniú, tionscadail a dhéanfaidh rannchuidiú mór le comhtháthú sóisialta agus sibhialta ar bhonn trasteorann.

Is riachtanas riachtanach í iontaoibh idir chomhpháirtithe, eagraíochtaí agus shaoránaigh chun comhoibriú trasteorann éifeachtach a dhéanamh. Caitear iontaoibh a bhunú agus a chothú. Is infheistíocht fhadtéarmach í seo a bhfuil mar aidhm léi meon an chomhoibrithe a chothú sna glúnta atá le teacht.

### Gníomhartha a dtacófar leo

Áireofar ar na cineálacha gníomhartha a dtacófar leo:

- Tionscadail bheaga chun comhoibriú saoránach ar dhúshláin shonracha chomhroinnte a chur chun cinn, e.g. athrú aeráide;
- Comh-imeachtaí Thuaidh/Theas agus gníomhaíochtaí lena bhforbrófar comhthuiscint agus lena dtreiseofar comhpháirtíocht; agus
- Gníomhaíochtaí chun iontaoibh a bhunú, amhail clubanna spóirt, eagraíochtaí cultúir, grúpaí pobail, etc. a nascadh le chéile.

## 3.8 Do Thuairim a Roinnt

Is mar thagairt amháin a liostaítear na ceisteanna anseo duit. Ná tabhair freagra ar an Doiciméad Faisnéise Comhairliúcháin. **Tabhair do fhreagraí ar líne, más féidir, ach cliceáil** ANSEO.

Ní gá gach ceist a fhreagairt mura mian leat sin a dhéanamh.

### Téamaí agus Réimsí Infheistíochta

**C.1. Téama 1 - Pobail Síochánta agus Rathúla a Chothú. Cá mhéad a aontaíonn tú nó a easaontaíonn tú leis na Réimsí Infheistíochta i dTéama 1?**

**Pleananna Gníomhaíochta comhdheartha PEACE um Pobal Áitiúil**
**Pobail a Chumhachtú**
**Dea-Chaidrimh a Fhorbairt**
**Íomhá Nua a Chruthú do Phobail**

**C.2. Tabhair cúiseanna le do fhreagra (Roghnach)**
(500 carachtar ar a mhéad in aghaidh an Réimse Infheistíochta)

**C.3 Téama 2 - Claochlú agus Athghiniúint Eacnamaíoch a Sholáthar. Cá mhéad a aontaíonn tú nó a easaontaíonn tú leis na Réimsí Infheistíochta i dTéama 2?**

**Forbairt agus Aistriú FBM**
**Ciste um Dhúshlán Nuálaíochta Forbairt**
**Scileanna i Limistéar an Chláir**
**Bailte agus Sráidbhailte Cliste**

**C.4 Tabhair cúiseanna le do fhreagra (Roghnach)**
(500 carachtar ar a mhéad in aghaidh an Réimse Infheistíochta)

**C.5 Téama 3 – Infheistiú i nDaoine Óga agus iad a Chumhachtú. Cá mhéad a aontaíonn tú nó a easaontaíonn tú leis na Réimsí Infheistíochta i dTéama 3?**

**An Clár Oideachais Chomhroinnte um Fhoghlaim le Chéile**
**An Clár PEACE PLUS don Óige**
**Meabhairshláinte agus Folláine na hÓige**

**C.6 Tabhair cúiseanna le do fhreagra (Roghnach)**
(500 carachtar ar a mhéad in aghaidh an Réimse Infheistíochta)

**C.7 Téama 4 – Pobail Sláintiúla agus Uilechuimsitheacha. Cá mhéad a aontaíonn tú nó a easaontaíonn tú leis na Réimsí Infheistíochta i dTéama 4?**

**Cúram Sláinte agus Sóisialta Comhoibríoch**
**Athghiniúint Thuaithe agus Uilechuimsitheacht Shóisialta**
**Íospartaigh agus Marthanóirí**

**C.8 Tabhair cúiseanna le do fhreagra (Roghnach)**
(500 carachtar ar a mhéad in aghaidh an Réimse Infheistíochta)

**C9. Téama 5 – Tacú le Todhchaí a bheidh Inbhuanaithe agus Níos Cónasctha. Cá mhéad a aontaíonn tú nó a easaontaíonn tú leis na Réimsí Infheistíochta i dTéama 5?**

**Bithéagsúlacht, Téarnamh an Dúlra & Athléimneacht**
**Bainistiú Mara agus Cósta**
**Bainistiú Cáilíochta Uisce & Dobharcheantar**
**An Clár um Fheabhsú Cáilíochta Uisce**
**An Clár um Léiriú Geoiteirmeach**
**Nascacht Iompair Inbhuanaithe Feabhsaithe**

**C.10 Tabhair cúiseanna le do fhreagra (Roghnach)**
(500 carachtar ar a mhéad in aghaidh an Réimse Infheistíochta)

**C.11 Téama 6 - Comhpháirtíocht agus Comhoibriú a Thógáil agus a Leabú. Cá mhéad a aontaíonn tú nó a easaontaíonn tú leis na Réimsí Infheistíochta i dTéama 6?**

**Pleanáil Straitéiseach agus Rannpháirtíocht**
**Caidrimh idir Shaoránaigh a Bhunú agus a Chothú**

**C.12 Tabhair cúiseanna le do fhreagra (Roghnach)**
(500 carachtar ar a mhéad in aghaidh an Réimse Infheistíochta)

## Leithdháiltí Buiséad Táscacha

**C.13 Cá mhéad a aontaíonn nó a easaontaíonn tú leis na leithdháiltí buiséad táscacha do na sé phríomhThéama a leagtar amach thíos?**

| | |
|---|---|
| **Téama 1: Pobail Síochánta agus Rathúla a Chothú** | **(€210m)** |
| **Téama 2: Claochlú agus Athghiniúint Eacnamaíoch a Sholáthar** | **(€143m)** |
| **Téama 3: Infheistiú i nDaoine Óga agus iad a Chumhachtú** | **(€110m)** |
| **Téama 4: Pobail Sláintiúla agus Uilechuimsitheacha** | **(€155m)** |
| **Téama 5: Tacú le Todhchaí a bheidh Inbhuanaithe agus níos Cónasctha** | **(€265m)** |
| **Téama 6: Comhpháirtíocht agus Comhoibriú a Thógáil agus a Leabú** | **(€47m)** |

**C.14 Tabhair cúiseanna le do fhreagra (Roghnach)**
(500 carachtar ar a mhéad in aghaidh an Téama)

# Cuid 4: An tUalach Riaracháin a Laghdú

D'fhéach na cláir PEACE IV agus INTERREG VA le córais éifeachtacha agus trédhearcacha a bhunú lena chinnteofar cuntasacht agus luach ar airgead maidir leis an chaiteachas poiblí. Ag an am céanna, tá sé de chuspóir ag an CCSAE próisis a fheabhsú go leanúnach le go mbeidh siad chomh simplí agus chomh sruthlínithe agus is féidir, rud a cheadóidh cur i bhfeidhm éifeachtúil agus laghdú ar an ualach riaracháin ag tairbhithe.
Áirítear ar shamplaí de na bearta a tugadh isteach i dtréimhse 2014-2020 de na cláir tá, roghanna simplithe costas a úsáid, ceardlanna agus imeachtaí faisnéise d'iarratasóirí féideartha, fíorú samplabhunaithe maidir le héilimh agus próiseas iarratais ar líne.

Tarraingíodh aird sna freagraí ón Suirbhé Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara ar áiteanna ina gcuireann an méid riaracháin ualach mór ar iarratasóirí agus ar chomhpháirtithe, cé gur tugadh aitheantas don tábhacht a bhaineann leis na bearta simplithe a tugadh isteach idir 2014 agus 2020, agus ar áiteanna ina bhféadfaí próisis a shimpliú.

## 4.1 Bearta chun an tUalach Riaracháin a Laghdú

Agus na socruithe riaracháin le haghaidh PEACE PLUS á bhforbairt aige, aithníonn an CCSAE gur ghá an bhéim a athrú, agus an clár á riar, ó chaiteachas a fhíorú go dtí cáilíocht an tsoláthair, fad a chomhlíontar i gcónaí na riachtanais maidir le haschuir/torthaí a sholáthar, de réir mar is gá, faoin Chlár.

Agus an méid sin ar aird, agus ag tarraingt ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara, tá scrúdú á dhéanamh ag an CCSAE ar raon beart nua le haghaidh PEACE PLUS d'fhonn an méid seo a leanas a sholáthar:

- Níos mó béime ar cháilíocht agus ar thorthaí;
- Acmhainneacht iarratasóirí féideartha agus comhpháirtithe tionscadal a mhéadú ach oiliúint a chur orthu;
- Próisis a shruthlíniú ar feadh tosaíochtaí éagsúla clár;
- Níos mó solúbthachta d'iarratasóirí agus do chomhpháirtithe tionscadal trí bhíthin, mar shampla, úsáid níos mó a bhaint as roghanna costas simplithe;
- Níos mó rannpháirtíochta ag eagraíochtaí beaga a chumasú;
- Próisis a dhéanamh níos tapúla agus níos simplí;
- An t-ualach riaracháin a laghdú; agus
- Foghlaim ó dhea-chleachtas cistí agus clár eile.

Seo a leanas na réimsí a sainaithníodh go dtí seo mar réimsí a bhfuil poitéinseal acu an t-ualach riaracháin a laghdú, agus is mian linn aiseolas ina leith a fháil uait:

| | Réimse a bhfuil Poitéinseal aige an tUalach Riaracháin a Laghdú | Buntáiste Féideartha |
|---|---|---|
| **Iarratas agus Measúnú** | | |
| **Tacaíocht d'Fhorbairt Tionscadal** | • Níos mó úsáide a bhaint as ceardlanna ullmhúcháin, lena n-áirítear:<br>- Ceardlanna téamacha chun cumas a fhorbairt.<br>- Ceardlanna próisis (e.g. scríobh tairiscintí, an próiseas iarratais agus rialacha clár). | • Cumas páirtithe leasmhara a mhéadú agus an próiseas atriallach i rith an phróisis mheasúnaithe a laghdú. |
| | • Tacaíocht airgeadais do thionscadail i mbun forbartha (e.g. cnapshuimeanna i leith costas ullmhúcháin nuair is gá). | • Níos mó slándála a thabhairt d'iarratasóirí infheistiú níos mó ina n-iarratais.<br>• An próiseas iarratais a dhéanamh níos inrochtana, agus cáilíocht tionscadal a fheabhsú. |
| **Glaonna** | • Machnamh ar chumas páirtithe leasmhara ó thaobh forbairt glaonna. | • A chinntiú go gcuirtear riachtanais agus cumas páirtithe leasmhara san áireamh agus glaonna á bhforbairt. |
| | • I dtéamaí áirithe, glaonna tuislithe a thugann níos mó ama chun iarratais a fhorbairt sula gcuirtear isteach iad. | • Níos mó ama a thabhairt d'iarratasóirí a bhfuil níos lú cumais acu chun iarratais a chur isteach. |
| **An Próiseas Iarratais** | • Foirmeacha iarratais simplithe do dheontais bheaga (Céim 1 agus Céim 2). | • An t-ualach oibre ar iarratasóirí agus ar chomhlachtaí clár a laghdú. |
| | • Níos mó sineirgid idir an CCSAE agus próiseas na Roinne Cuntasaí. | • An gá le soiléiriú ar ghnéithe den iarratas a lorg arís is arís eile a laghdú don dá pháirtí. |
| | • "Croí-phróiseas" a chomhaontú a bheadh ábalta socruithe a leasú chun freastal ar riachtanais glaonna áirithe. | • A chinntiú go bhfuil measúnú i gcomhréir le riosca agus le luach tionscadal. |
| **Cur i bhFeidhm Tionscadal** | | |
| **Oiliúint** | • Níos mó deiseanna oiliúna do chomhpháirtithe tionscadal, lena n-áirítear oiliúint duine-le-duine, ceardlanna, ábhair ar líne agus oiliúint i gcóras faireacháin leictreonaigh. | • Acmhainní a sholáthar do gach comhpháirtí tionscadal chun a dtionscadail féin a bhainistiú agus chun comhlíontacht a chinntiú.<br>• Próisis agus rialacha clár a dhéanamh níos simplí agus níos inrochtana. |
| **Córas Faireacháin Leictreonaigh (chun iarratais & tionscadail a phróiseáil)[36]** | • Córas faireacháin feabhsaithe atá níos so-úsáidte/níos iomasaí. | • Próisis agus rialacha clár a dhéanamh níos simplí agus níos inrochtana. |
| **Roghanna Costas Simplithe** | • Úsáid níos mó a bhaint as Roghanna Costas Simplithe, lena n-áirítear, mar shampla:<br>- Cnapshuimeanna i leith costas ullmhúcháin;<br>- Costais taistil agus chóiríochta arna n-íoc ag bunráta<br>- Tionscadail bheaga a sholáthar trí bhíthin Roghanna Costas Simplithe agus sin amháin; agus<br>- Scálaí caighdeánacha costas aonaid. | • Castacht éileamh a laghdú agus an méid fianaise atá de dhíth chun costais a chúiteamh. |
| **Solúbthacht** | • D'fhéadfaí seo a leanas a áireamh ar bhearta:<br>- Paraiméadair a shocrú ina dtig le tionscadail soláthair an tionscadal a leasú agus an tÚdarás Bainistíochta a chur ar an eolas gan aon ghá le ceadú foirmiúil a lorg.<br>- Próisis um cheadú leasuithe a shruthlíniú, i gcás athruithe nach mbíonn tionchar mór acu ar sholáthar an tionscadail. | • Le deis a thabhairt do níos mó solúbthachta, bheadh smacht níos fearr ag tionscadail ar sholáthar tionscadal agus laghdófaí an gá le leasuithe. |
| **Cáilíocht** | • Táscairí a thugann deis níos mó don chlár cáilíocht tionscadal a ghabháil.<br>• Teimpléid níos simplí chun tionscadail a thuairisciú agus níos mó béime ar cháilíocht tionscadal agus ar thorthaí tionscadal. | • Rannchuidiú leis an bhéim a athrú ó fhíorú caiteachais go dtí cáilíocht an tsoláthair, fad a dhéantar aschuir/torthaí a sholáthar. |

36 Próiseáil, measúnuithe, éilimh, íocaíochtaí agus gach iniúchadh san áireamh

Is ceart a thabhairt ar aird go bhfuil na bearta sin á bhforbairt go fóill. Déanfar tograí críochnaitheacha a fhorbairt trí bhíthin tuilleadh cainte le Ranna Rialtais agus le comhlachtaí clár eile, agus mar thoradh ar na freagraí a gheofar tríd an gcomhairliúchán seo.

## 4.2 Do Thuairim a Roinnt

Is mar thagairt amháin a liostaítear na ceisteanna anseo duit. Ná tabhair freagra ar an Doiciméad Faisnéise Comhairliúcháin. **Tabhair do fhreagraí ar líne, más féidir, ach cliceáil** **ANSEO.**

Ní gá gach ceist a fhreagairt mura mian leat sin a dhéanamh.

### Socruithe Riaracháin

**C15. Cá mhéad a aontaíonn tú nó a easaontaíonn tú go gcuideoidh na tograí seo a leanas leis an ualach riaracháin a laghdú d'iarratasóirí ar an Chlár nua?**

**Togra maidir le tacaíocht d'fhorbairt tionscadal**
**Togra maidir le tuilleadh solúbthachta agus rannpháirtíochta a thabhairt isteach i nglaonna ar iarratais**
**Togra maidir leis an phróiseas iarratais a shimpliú**
**Togra maidir leis an líon deiseanna oiliúna do chomhpháirtithe tionscadal a ardú**
**Togra maidir leis an chóras faireacháin a dhéanamh níos so-úsáidte**
**Togra maidir le méadú a chur ar an úsáid a mbaintear as roghanna costas simplithe**
**Togra maidir le cur leis an tsolúbthacht i mbainistiú tionscadal**
**Togra maidir le táscairí agus tuairisciú a dhíriú níos mó ar cháilíocht**

**C.16 Tabhair cúiseanna le do fhreagra.** (Roghnach)
(500 carachtar ar a mhéad in aghaidh an togra)

# Cuid 5: Ceisteanna Comhionannais (Alt 75) agus Measúnú Straitéiseach Comhshaoil

## 5.1 Comhionannas agus Dea-chaidreamh a Chur Chun Cinn

Ceanglaítear ar an CCSAE, mar an Chomhlacht atá freagrach as an Chlár PEACE PLUS a fhorbairt, a chinntiú go ndéantar comhionannas a chur chun cinn sa Chlár. Ina theannta sin, maidir le Tuaisceart Éireann go sonrach, mar údarás poiblí ainmnithe faoi Alt 75 agus Sceideal 9 den Acht um Thuaisceart Éireann 1998, tá oibleagáid reachtúil ar an CCSAE comhionannas deiseanna agus dea-chaidreamh a chur chun cinn. Ar dhóigh níos sonraí, agus a fheidhmeanna agus a dhualgais á bhfeidhmiú aige, ní mór don CCSAE aird chuí a thabhairt ar an ghá le comhionannas deiseanna a chur chun cinn:

- idir dhaoine a bhfuil difríochtaí eatarthu ó thaobh creidimh, tuairim pholaitiúil, cine, aois, stádas pósta nó claonadh gnéis de;
- idir fhir agus mhná go ginearálta;
- idir dhaoine atá agus nach bhfuil faoi mhíchumas; agus
- idir dhaoine a bhfuil agus nach bhfuil cleithiúnaigh acu.

Ina theannta sin, agus gan dochar don dualgas sin, ní mór don CCSAE aird a thabhairt fosta ar a inmhianaithe atá dea-chaidreamh a chur chun cinn idir dhaoine a bhfuil difríochtaí eatarthu ó thaobh creidimh, tuairim pholaitiúil, nó cine de. Ag teacht leis na dualgais reachtúla sin agus lena chinntiú go gcuirfear comhionannas deiseanna agus dea-chaidreamh chun cinn, tá scagadh cuimsitheach déanta ag an CCSAE ar PEACE agus ar INTERREG. Chuirfeadh an CCSAE fáilte roimh do thuairimí ar an phróiseas scagtha agus ar na cinntí scagtha maidir leis an dréachtchlár nua. Tá fáil ar dhoiciméid scagtha Alt 75 ar leathanach gréasáin an CCSAE ag https://www.CCSAE.eu/PEACEPLUS nó trí bhíthin chliceáil ANSEO.

Is ceart a thabhair ar aird go bhfuil prionsabail chothrománacha sonracha ann maidir le comhionannas, arna sonrú ag an Choimisiún Eorpach faoi Chláir AE, n-áirítear PEACE PLUS. Déanfar iarratais faoin Chlár a mheas in aghaidh na gceanglas sin. Tabhair ar aird fosta, le do thoil, go bhfuil freagracht ar gach comhlacht poiblí in Éirinn comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta an duine a chosaint dá gcuid fostaithe, custaiméirí, úsáideoirí seirbhíse agus gach duine a bhfuil tionchar ag a mbeartais agus ag a bpleananna orthu. Oibleagáid dhlíthiúil is é sin, ar a dtugtar Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, agus d'eascair sé as Alt 42 san Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014[37].

## 5.2 Measúnú Straitéiseach Comhshaoil

Tá an Clár PEACE PLUS faoi réir ag Measúnú Straitéiseach Comhshaoil.

Próiseas córasach is é Measúnú Straitéiseach Comhshaoil chun meastóireacht a dhéanamh ar iarmhairtí ó phleananna beartaithe nó ó chláir bheartaithe ar an chomhshaol, lena chinntiú go ndéantar saincheisteanna comhshaoil a chomhtháthú go hiomlán agus go dtugtar aghaidh orthu ag an chéim is luaithe agus is féidir sa phróiseas cinnteoireachta, le súil agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn. Tugadh an próiseas maidir le Measúnú Straitéiseach Comhshaoil isteach faoin Treoir Eorpach 2001/42/CE12.

36 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, an tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014.
https://www.ihrec.ie/download/pdf/ihrec_act_2014.pdf

Éilítear faoin Treoir go ndéanfaidh an CCSAE, mar an údarás bainistithe, measúnú ar an éifeacht is dócha a bheidh ag an Chlár PEACE PLUS ar an chomhshaol, lena n-áirítear ar shaincheisteanna amhail an bhithéagsúlacht, daonra, sláinte an duine, fauna, flora, ithir, uisce, aer, cúinsí aeráide, sócmhainní ábhartha, oidhreacht chultúrtha lena n-áirítear oidhreacht ailtireachta agus seandálaíochta, tírdhreach agus idirchaidreamh na gcúinsí thuas, lena n-áirítear éifeachtaí tánaisteacha, carnacha, sineirgisteacha, gearrthéarmacha, meántéarmacha, fadtéarmacha, buana agus sealadacha, idir dhearfach agus dhiúltach.

Tá torthaí ón Measúnú Straitéiseach Comhshaoil don Chlár PEACE PLUS, lena n-áirítear an Tuarascáil Chomhshaoil agus an Achoimre Neamhtheicniúil, le fáil ar leathanach gréasáin an CCSAE https://www.CCSAE.eu/PEACEPLUS nó cliceáil ANSEO.

## 5.3 Do Thuairim a Roinnt

Is mar thagairt amháin a liostaítear na ceisteanna anseo duit. Ná tabhair freagra ar an Doiciméad Faisnéise Comhairliúcháin. **Tabhair do fhreagraí ar líne, más féidir, ach cliceáil ANSEO.**

Ní gá gach ceist a fhreagairt mura mian leat sin a dhéanamh.

**C.17 An aontaíonn tú le torthaí an scagtha Chomhionannais maidir leis an Chlár PEACE PLUS?**

**C. 18 Mura n-aontaíonn, cad iad na gníomhartha breise is gá dúinn a dhéanamh, dar leat, agus cén fáth?**
(1000 carachtar ar a mhéad)

**C.19 An chuimsítear an fhaisnéis ábhartha ar fad sna torthaí ón Measúnú Straitéiseach Comhshaoil don Chlár PEACE PLUS?**

**C.20 Mura gcuimsítear, cad eile nach mór dúinn smaoineamh air agus cén fáth?**
(1000 carachtar ar a mhéad)

# Aguisín 1

## Fógra Príobháideachta

Tá Survey Monkey á úsáid ag an CCSAE chun an suirbhé seo a dhéanamh. Déanann Survey Monkey sonraí a phróiseáil agus a stóráil ar fhreastalaí sna Stáit Aontaithe. Tig leat Beartas Príobháideachta Survey Monkey a léamh ag: https://www.surveymonkey.com/mp/legal/ privacy/

Déanfaidh an CCSAE anailís ar an fhaisnéis a bhaileofar sa suirbhé seo agus roinnfear achoimre ar na freagraí ar an chomhairliúchán leis an Choimisiún Eorpach, le Ballstáit, le Ranna Rialtais (Tuaisceart Éireann agus Éire), agus foilseofar iad ar láithreán gréasáin CCSAE.

Bainfear úsáid as do fhreagraí mar chuid den phróiseas chun an Clár PEACE PLUS a thabhairt chun críche sula gcuirfear faoi bhráid Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann, Rialtas na hÉireann agus an Choimisiúin Eorpaigh é lena cheadú.

Faoi Airteagal 6(1) (e) de Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) na Ríochta Aontaithe, agus go sonrach faoi Alt 8(e) den Acht um Chosaint Sonraí 2018, ceadaítear próiseáil sonraí pearsanta nuair is gá sin le haghaidh ghníomhaíocht a thacaíonn le rannpháirtíocht dhaonlathach nó a chuireann rannpháirtíocht dhaonlathach chun cinn.

Tugtar cearta sonracha d'ábhair shonraí faoin RGCS, i ndáil lena Sonraí Pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil. Tig linn cuidiú leat maidir le:

*Rochtain a fháil ar d'Fhaisnéis Phearsanta*: Tig leat cóip den fhaisnéis phearsanta atá i seilbh againn a iarraidh orainn. Tig leat fiafraí dínn faoin dóigh a bhailímid, a roinnimid agus a úsáidimid d'fhaisnéis phearsanta.

*D'Fhaisnéis Phearsanta a Thabhairt Cothrom le Dáta agus a Chur ina Ceart:* Tig leat iarraidh orainn faisnéis phearsanta fút atá i seilbh againn a thabhairt cothrom le dáta nó a chur ina ceart, sa chás go bhfuil sí mícheart nó neamhiomlán.

*Do Thoiliú a Bhaint (Do Cheart chun Agóid a Dhéanamh):* Tig leat d'intinn a athrú sa chás go dtugann tú do thoiliú dúinn, amhail maidir le cumarsáid dhíreach nó margaíocht, nó maidir le faisnéis íogair fút, amhail sonraí liachta.

*Srianadh agus Agóid a Dhéanamh:* Seans go mbeidh an ceart agat srian a chur orainn maidir le d'fhaisnéis phearsanta a úsáid, nó agóid a dhéanamh i leith na húsáide sin, sa chás, mar shampla, go measann tú go bhfuil na sonraí mícheart nó go bhfuil an phróiseáil neamhdhleathach.

*D'fhaisnéis a Léirscriosadh (an ceart go ligfí i ndearmad tú):* Tig leat iarraidh orainn d'fhaisnéis phearsanta a léirscriosadh nó a scriosadh. I gcásanna áirithe, coinneoidh an CCSAE faisnéis sa chás go bhfuil sí de dhíth chun críocha dlíthiúla.

*D'fhaisnéis a Bhogadh (do cheart chun iniomparthacht sonraí):* Nuair is féidir, tig linn cóip dhigiteach de d'fhaisnéis phearsanta a roinnt leatsa go díreach nó le heagraíocht eile.

Sa chás gur mian leat ceann ar bith de na cearta sin a fheidhmiú, is ceart duit dul i dteagmháil le:

An tOifigeach Cosanta Sonraí
Comhlacht na gClár Speisialta AE
7ú Urlár
Foirgneamh Clarence West
2 Sráid Clarence Thiar, Béal Feirste
BT2 7GP
Ríomhphost: dataprotection@CCSAE.eu
Teileafón: Fáilteachas 028 9026 6660

Déanfar faisnéis arna cur ar fáil ag freagróirí ar an chomhairliúchán seo a dhiúscairt i gcomhréir le forálacha an Achta um Chosaint Sonraí 2018, RGCS na Ríochta Aontaithe agus RGCS (AE) 2016/679. Ceanglaítear ar an CCSAE an fhaisnéis a bhailítear sa suirbhé seo a choinneáil chun riachtanais iniúchta an Chláir a chomhlíonadh. Tig linn an fhaisnéis a bhailítear sa suirbhé a choinneáil chun críocha stairiúla.

## Gearán a Dhéanamh

Sa chás go bhfuil gearán agat maidir le d'fhaisnéis phearsanta a úsáid nó faoin dóigh ar próiseáladh í, tig leat dul i dteagmháil linn, sa chéad ásc, chun deis a thabhairt dúinn rudaí a chur ina gceart chomh tapa agus is féidir. Más mian leat gearán a dhéanamh, tig leat sin a dhéanamh ar an teileafón, i scríbhinn nó ar ríomhphost, ach dul i dteagmháil le:

An tOifigeach Gearán
Comhlacht na gClár Speisialta AE
7ú Urlár
Foirgneamh Clarence West
2 Sráid Clarence Thiar, Béal Feirste
BT2 7GP
Ríomhphost: dataprotection@CCSAE.eu
Teileafón: Fáilteachas 028 9026 6660

Dearbhaítear duit go ndéanfar imscrúdú iomlán ar gach gearán a gheofar. Iarrtar ort an méid faisnéise agus is féidir a thabhairt dúinn chun cuidiú linn do ghearán a réiteach go tapa.

Sa chás go mbeidh tú míshásta go fóill, beidh an ceart agat iarratas ar chinneadh a dhéanamh go díreach ar an Choimisinéir Faisnéise. Is féidir dul i dteagmháil leis an Choimisinéir Faisnéise ag:

Oifig an Choimisinéara Faisnéise
Tuaisceart Éireann
3ú Urlár
14 Plás Cromac, Béal Feirste
BT7 2JB

Teileafón: 028 9027 8757 / 0303 123 1114
Ríomhphost: ni@ico.org.uk

**Arna fhoilsiú ag**
**Comhlacht na gClár Speisialta AE**

**Oifig Bhéal Feirste:**
**7ú Urlár, Foirgneamh Clarence Thiar,**
**2 Sráid Clarence Thiar, Béal Feirste,**
**Tuaisceart Éireann,**
**BT2 7GP**
**Teil: +44 (0)28 9026 6660**

Special EU Programmes Body
Comhlacht na gClár Speisialta AE
Special EU Skemes Boadie

Northern Ireland Executive
www.northernireland.gov.uk

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland